NDA

Údarás Náisiúnta Míchumais
National Disability Authority

# Tuarascáil Bhliantúil

2022

Údarás Náisiúnta Míchumais
National Disability Authority

# Tuarascáil Bhliantúil

2022

# Clár

Ráiteas an Chathaoirligh ........................................ 1

Forbhreathnú agus comhthéacs beartais ........................................ 4

Tosaíocht Straitéiseach 1: ........................................ 9

Tosaíocht Straitéiseach 2: ........................................ 26

Tosaíocht Straitéiseach 3 ........................................ 36

Tosaíocht Straitéiseach 4: ........................................ 48

Tosaíocht straitéiseach 5: ........................................ 57

Ráitis airgeadais 2022 ........................................ 64

Aguisín 1: An tÚdarás agus coistí eile sa bhliain 2022 ........................................ 104

Aguisín 2: Ionadaíocht ar chomhlachtaí seachtracha sa bhliain 2022 ........................................ 107

Aguisín 3: Foilseacháin sa bhliain 2022 ........................................ 110

Aguisín 4: Aighneachtaí sa bhliain 2022 ........................................ 111

# Ráiteas an Chathaoirligh

**Is cúis áthais dom an tuarascáil bhliantúil don Údarás Náisiúnta Míchumais (ÚNM) don bhliain 2022 a thíolacadh don Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Tugtar sa tuarascáil seo forbhreathnú ar ghníomhaíochtaí agus aschuir ÚNM le linn na chéad bhliana den Phlean Straitéiseach trí bliana uainn don tréimhse 2022-2024.**

Is mór an onóir dom gur cheap an tAire mé mar Chathaoirleach ar an Údarás agus táim ag tnúth le hobair i ndlúthchomhar le baill foirne na heagraíochta agus leis na comhaltaí eile den Údarás thar na ceithre bliana atá le teacht ar mhaithe le misean na heagraíochta a chur ar aghaidh.

Is é an fhís atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach uainn don tréimhse 2022-24 go mbeadh daoine a bhfuil míchumas orthu cuimsithe go hiomlán i sochaí na hÉireann, áit a ndéanfaí na cearta atá acu a aithint agus a chomhlíonadh. Is é an misean atá ag ÚNM a chuid féin a dhéanamh chun an fhís sin a bhaint amach trí chomhairle agus treoir neamhspleách fhianaisebhunaithe a sholáthar don rialtas maidir le beartas agus cleachtas míchumais, faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn, agus feasacht ar an Dearadh Uilíoch, agus glacadh an Deartha Uilíoch, a chur chun cinn chun tairbhe do chách. Bíonn ár gcuid oibre bunaithe ar thaighde, ar an dea-chleachtas i ndlínsí eile a iniúchadh agus ar idirchaidreamh le hEagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas agus le raon leathan geallsealbhóirí eile.

Cé go raibh COVID-19 fós á leathadh sa bhliain 2022, bhí áthas orainne in ÚNM a bheith in ann beartas um obair chumaisc a ghlacadh, ar aon dul leis an mórchreat státseirbhíse. Go háirithe, chabhraigh an filleadh ar idirchaidreamh i bpearsa go mór lenár gcuid oibre chun treoir a thabhairt don earnáil phoiblí, agus chun tionchar a imirt uirthi, maidir le conas is féidir léi freastal ar chearta daoine faoi mhíchumas ar shlí níos fearr. Trí chineálacha cur chuige cumaisc a ghlacadh, uasmhéadaítear na deiseanna atá ag gach duine chun páirt a ghlacadh san idirchaidreamh. Bhí áthas ar leith orainn a bheith in ann an chéad Chomhdháil Bhliantúil chumaisc dár gcuid a óstáil sa bhliain 2022, agus thug an fhreagairt dhearfach a fuarthas ina leith misneach dúinn. Táimid ag tnúth le cuid mhór imeachtaí cumaisc eile a reáchtáil sa todhchaí agus le leanúint le ceachtanna a fhoghlaim ó gach ceann díobh chun a chinntiú go mbíonn na himeachtaí sin chomh cuimsitheach agus is féidir.

Cé gur aistrigh an fhreagairt phráinneach don phaindéim ina hiarracht níos seasmhaí sa bhliain 2022, thit suaití domhanda eile amach lena linn. Chuir ionradh na Rúise ar an Úcráin brú breise ar roinnt Ranna Rialtais, go háirithe maidir le freagairt do theacht na ndídeanaithe ón Úcráin go hÉirinn ó thaobh tithíochta de, ó thaobh fostaíochta de agus ó thaobh rochtana ar scoileanna de. Aithníonn ÚNM an obair ollmhór atá á déanamh ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, ár máthair-roinn, ina leith sin agus chuir sé fáilte roimh an deis a bhí aige i dtús na bliana 2022 chun aird a tharraingt ar na riachtanais tacaíochta atá ag dídeanaithe a bhfuil míchumas orthu.

Bhí an bhliain 2022 ar an mbliain deiridh den Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais freisin. Lean ÚNM le tacú le cur chun feidhme na Straitéise sa bhliain deiridh dá tréimhse feidhme agus le breithniúcháin a threorú ar straitéis chomharba a fhorbairt, lenar áiríodh trí mheasúnú bliantúil neamhspleách a ullmhú ar dhul chun cinn. Mholamar don Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige gur cheart straitéis chomharba a cheapadh mar Straitéis

um UNCRPD a Chur Chun Feidhme, rud ina mbeadh sraith spriocanna nó uaillmhianta ardleibhéil chun an Coinbhinsiún a chomhlíonadh tuilleadh sa Stát. Táimid ag tnúth le leanúint le hobair ar fud an rialtais chun tacú le forbairt na Straitéise sin le linn na bliana 2023.

Mar gheall ar an mbéim a chuirtear sa Choinbhinsiún ar idirchaidreamh éifeachtach agus ar rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas i gcinnteoireacht ó thaobh beartais agus cleachtais de, bhí an-áthas ar ÚNM treoir a fhoilsiú ar an ábhar sin le linn na bliana 2022. Tá na treoirlínte 'Participation Matters' ceaptha chun a bheith ina dtreoir phraiticiúil do gach duine san earnáil phoiblí maidir le conas agus cén uair ba cheart dóibh dul i gcomhairle le daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear trína n-eagraíochtaí ionadaíocha – Eagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas. D'fhoilsíomar roinnt treorach ar theanga agus téarmaíocht freisin, ina leagtar amach moltaí le haghaidh cumarsáidí measúla agus ina dtugtar faoi deara freisin go mbíonn sainroghanna pearsanta ag athrú i gcónaí. Is simplí atá an chomhairle ó ÚNM: cuir ceist ar an duine aonair lena mbaineann faoina s(h)ainroghanna pearsanta féin. Tá súil againn go mbeidh an treoir sin úsáideach do chomhlachtaí poiblí de réir mar a chuireann siad a gcuid oibre féin ar aghaidh ar shlí a n-aithníonn agus a léiríonn na cearta atá ag daoine faoi mhíchumas.

Le linn na bliana 2022, leanamar ar aghaidh lenár gcuid oibre chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na reachtaíochta agus na gcód cleachtais. Bhí an-áthas orainn tuarascáil fhorlíontach faireacháin a chríochnú ar chomhlíonadh na Treorach ón Aontas Eorpach maidir le hInrochtaineacht Gréasáin, rud a fhágann go bhfuil Éire cothrom le dáta go hiomlán anois leis na hoibleagáidí tuairiscithe reachtúil atá uirthi i ndáil leis an Treoir sin. Cé go léirítear sna tuarascálacha uainn go bhfuil cuid mhór oibre le déanamh go fóill chun a chinntiú go bhfuil gach suíomh Gréasáin agus feidhmchlár móibíleach san earnáil phoiblí inrochtana do chách, mórúdar misnigh dúinn ba ea na feabhsuithe a rinne roinnt comhlachtaí ó thosaíomar ag déanamh faireachán ar chomhlíonadh na Treorach den chéad uair.

Chuireamar fáilte freisin roimh an méadú beag i bhfostú daoine faoi mhíchumas san earnáil phoiblí a taifeadadh sa tuarascáil uainn don bhliain 2021, agus an figiúr sin ag méadú go 3.6% ó 3.1% sa bhliain roimhe. Ós rud é gur ritheadh reachtaíocht ag deireadh na bliana 2022 chun íos-sprioc níos airde a achtú faoi Chuid 5 den Acht um Míchumas, leanann ÚNM lena mholadh do gach comhlacht poiblí aird a thabhairt ar an ní sin ar mhaithe leis an íos-sprioc nua 6% a bhaint amach faoin mbliain 2025.

Aithníonn ÚNM go bhfuil ríthábhacht ag baint leis an bhfáil ar shonraí agus na príomh-mhéadrachtaí a bhailítear trínár ngníomhaíocht faireacháin maidir le sainaithint a dhéanamh ar réimsí ar gá aird a thabhairt orthu. Táimid ag iniúchadh faoi láthair conas is féidir an fhaisnéis sin a bhailiú agus a úsáid ar shlí atá éifeachtúil agus éifeachtach do chomhlachtaí poiblí agus táimid ag tnúth leis an obair sin a chur ar aghaidh le linn na bliana 2023.

Mórchúis áthais dúinn le blianta beaga anuas is ea an fheasacht agus an tuiscint mhéadaithe ar Dhearadh Uilíoch, agus lean na baill den Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch ar aghaidh leis an obair cur chun cinn sin sa bhliain 2022. Go háirithe, feicfidh tú sa tuarascáil seo gur tháinig méadú ar ghlacadh choincheap agus phrionsabail an Deartha Uilíoch san earnáil oideachais tríú leibhéal. Cuirimid fáilte ar leith roimh an bhfáil ar chistiú chun Dearadh Uilíoch a chur ar aghaidh san oideachas trí thionscnamh PATH 4 de chuid na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, agus táimid ag tnúth le tacú le cur chun feidhme na dtionscadal cistithe sa bhliain 2023.

Chomh maith leis sin, lean an Lárionad Sármhaitheasa le treoir phraiticiúil deartha a ullmhú agus a sholáthar chun tacú leis an nglacadh le Dearadh Uilíoch sa timpeallacht thógtha agus sa timpeallacht dhigiteach, lena n-áirítear trí threoir a eisiúint maidir le tithe altranais a iarfheistiú agus trí mhodúl ríomhfhoghlama a fhorbairt d'ailtirí, rud ina ndírítear ar fhoirgneamh Bhanc Ceannais na hÉireann. Tá súil againn go mbeidh an treoir uainn maidir leis sin agus maidir le réimsí eile Deartha Uilíoch úsáideach do ghairmithe ar fud raon disciplíní éagsúla le linn dóibh tionscadail a chur ar aghaidh, ionas gur féidir le gach duine an táirge insoláthartha deiridh a rochtain, a thuiscint agus a úsáid, beag beann ar aois, ar mhéid, ar chumas nó ar mhíchumas.

Bhí lúcháir orainn ár suíomh Gréasáin athchóirithe ag www.nda.ie a sheoladh ag deireadh na bliana 2022 freisin. Comhlíontar ceanglais na Treorach ón Aontas Eorpach maidir le hInrochtaineacht Gréasáin ar an suíomh anois. Tá an suíomh níos tarraingtí agus níos dinimiciúla freisin, agus é ag feidhmiú mar uirlis éifeachtach cumarsáide don eagraíocht.

## Údarás agus Baill Foirne

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Helen Guinan Uas., iar-Chathaoirleach an Údaráis, as ÚNM a stiúradh go dtí gur tháinig a téarma chun deiridh i mí Iúil 2022. Bhí a tiomantas agus a díograis le feiceáil ar fud na tréimhse sin ar fad agus creidim go ndeachaigh ÚNM ó neart go neart faoina maoirseacht. Guím gach rath uirthi ina gníomhaíochtaí amach anseo.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do bhord ÚNM a chuaigh as oifig i mí Iúil 2022. Ba mhór an pléisiúr dom obair i gcomhar le comhghleacaithe a bhí chomh paiseanta agus chomh díograiseach sin agus, i gcás na gcomhaltaí sin nach raibh incháilithe ná ar fáil dá n-athcheapadh chuig an Údarás reatha, tá súil agam go leanfaidh siad ar aghaidh le breithniú ar chúrsaí míchumais agus Deartha Uilíoch a chur ar aghaidh i cibé réimse ina n-oibreoidh siad.

Ba mhaith liom fáilte a chur roimh na comhaltaí nua den Údarás, ar cheap an tAire Rabbitte iad i mí na Samhna 2022. Is iontach an rud é a leithéid de thaithí agus de dhearcthaí a bheith againn ar an mbord, agus tá a fhios agam go gcuirfidh an grúpa ina iomláine luach le hobair ÚNM sna blianta atá romhainn.

Ar deireadh, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do bhaill foirne agus bainisteoirí uile ÚNM, a lean ar aghaidh le taighde, comhairle agus treoir atá ar ardchaighdeán agus ar mór ag an rialtas agus ag an earnáil phoiblí ar fad iad a sholáthar. Rinne siad amhlaidh le linn dóibh iad féin a chur in oiriúint d'obair chumaisc agus aistriú chuig Údarás nua, agus solúbthacht agus dea-thoil leantach á léiriú acu. Tá súil agam go bhfeicfidh tú fianaise ar a gcuid tiomantais sa chuid eile den tuarascáil seo, agus táim ag tnúth le hobair i ndlúthchomhar leo sna blianta atá romhainn.

Is mise le meas,

**Kathryn O'Donoghue**
**Cathaoirleach**

# Forbhreathnú agus comhthéacs beartais

Thosaigh ÚNM an chéad bhliain den Phlean Straitéiseach nua uaidh i dtús na bliana 2022. Cuirtear in iúl sa phlean na huaillmhianta agus na spriocanna a bheidh ag an eagraíocht thar an gcéad trí bliana eile faoi chúig thosaíocht ardleibhéil:

- Comhairle agus treoir neamhspleách fhianaisebhunaithe a sholáthar, tacú le comhordú beartas, cur chun feidhme straitéisí agus beartas náisiúnta a chur ar aghaidh, agus spriocanna Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a chomhlíonadh
- Measúnú, faireachán agus meastóireacht neamhspleách a dhéanamh ar an dul chun cinn a bhíonn á dhéanamh ar bheartais, straitéisí agus cóid chleachtais ar fud an rialtais
- Gníomhaíochtaí a chur ar aghaidh chun feasacht ar Dhearadh Uilíoch, agus an glacadh le Dearadh Uilíoch i gcoitinne, a chur chun cinn ar fud na hÉireann
- Próisis láidre oscailte a chothú le haghaidh idirchaidreamh a dhéanamh le daoine a bhfuil míchumas orthu agus leis an mórphobal míchumais agus le haghaidh dul i gcomhairle leo
- Éifeachtacht eagraíochtúil a chothabháil agus a fheabhsú

D'fhorbair ÚNM a phlean oibre don bhliain 2022 ar aon dul leis na tosaíochtaí sin agus bunaithe ar chomhairliúchán le raon leathan geallsealbhóirí, lenar áiríodh Eagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas, agus ar an mórchomhthéacs beartais in Éirinn le linn na bliana.

## Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD)

Leanadh le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a úsáid chun gníomhaíocht i ndáil le míchumas agus le Dearadh Uilíoch a mhúnlú ar fud an rialtais le linn na bliana 2022. Mar chomhlacht comhordúcháin in Éirinn, rinne an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige breithniú fairsing le linn na bliana ar straitéis a fhorbairt lena cur in áit na Straitéise Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais, rud a chuaigh in éag ag deireadh na bliana 2022. Tar éis idirchaidreamh a dhéanamh le Grúpa Stiúrtha na Straitéise Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais agus le geallsealbhóirí eile, moladh go bhforbrófaí Straitéis um UNCRPD a Chur Chun Feidhme ina leagfaí amach sraith spriocanna ardleibhéil agus uaillmhianacha don Stát.

Cuireann ÚNM fáilte roimh an moladh sin, agus d'oibrigh sé le linn na bliana 2022 chun tacú le breithniúcháin Ghrúpa Stiúrtha na Straitéise Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais trí pháipéar faisnéise a sholáthar ina leagtar amach cineálacha éagsúla cur chuige a d'fhéadfaí a ghlacadh i leith Straitéis den sórt sin a fhorbairt. Maidir lenár gcuid oibre chun measúnú bliantúil neamhspleách a dhéanamh ar dhul chun cinn faoin Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais, beidh sí úsáideach freisin maidir le sainaithint a dhéanamh ar na réimsí sin ar féidir spriocdhíriú orthu i Straitéis um UNCRPD a Chur Chun Feidhme. Táimid ag tnúth le tacaíocht a thabhairt don Roinn arís eile le linn na bliana 2023, agus aird á tabhairt againn ar a thábhachtaí atá sé straitéis chomharba a fhorbairt a luaithe is féidir chun cur leis an dul chun cinn a baineadh amach faoin Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais.

Rinne ÚNM tuilleadh forbartha ar a shraith Páipéar Faisnéise maidir leis na hAirteagail de UNCRPD le linn na bliana 2022 freisin. Sna páipéir sin, tiomsaítear an fhaisnéis, na sonraí agus na staitisticí atá ar fáil chun tacú le daoine aonair agus eagraíochtaí atá ag iarraidh eolas níos fearr a ghnóthú ar

dhul chun cinn i ndáil leis an gCoinbhinsiún. Tá na Páipéir uile sin ar fáil ar ár suíomh Gréasáin.

Mar a tharla sa chúpla bliain roimhe, úsáideadh ceann amháin de na hAirteagail de UNCRPD mar théama dár gcomhdháil bhliantúil arís eile sa bhliain 2022. Fuarthas freagairt láidir don iniúchadh a rinneamar ar Airteagal 9 (Inrochtaineacht). Chuireamar fáilte roimh an líon is mó rannpháirtithe riamh, agus formáid chumaisc á húsáid againn. Tharraing a lán cainteoirí ag an gcomhdháil aird shoiléir ar na bacainní ar inrochtaineacht a dtagann siad orthu go tráthrialta ina ngnáthshaol laethúil i roinnt earnálacha éagsúla. Tarraingíodh aird ar shamplaí de dhearaí nuálacha agus de chineálacha dearfacha cur chuige freisin. Cuireann ÚNM fáilte freisin roimh an bhfreagairt dhearfach don fhormáid chumaisc a úsáideadh don imeacht sin, agus na rannpháirtithe ag labhairt go dearfach faoin tsolúbthacht a bhí ag gabháil leis.

Chomh maith leis sin, d'fhoilsigh ÚNM treoir le linn na bliana chun idirchaidreamh agus comhairliúchán feabhsaithe le daoine faoi mhíchumas a threorú le linn beartas a dhearadh agus a sholáthar, ar aon dul leis an mbéim a chuirtear ar an gcéanna in Airteagal 4 de UNCRPD.

Ar deireadh, cuirimid fáilte roimh rith an Bhille um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) (Leasú) ag deireadh na bliana 2022. Leis an mBille sin, déantar socrú don tSeirbhís Tacaíochta Cinntí a thosú, rud a mbeidh ról lárnach aige maidir le tacaíocht a thabhairt do dhaoine aonair cinntí a dhéanamh lena dtugtar tuilleadh rogha agus smachta dóibh ar na príomhghnéithe dá saol.

## Fostaíocht




Lean ÚNM le díriú mór a leagan ar an bhfostaíocht sa phlean oibre uaidh don bhliain 2022. Bhí áthas orainn cuireadh a fháil chun freastal ar chruinniú a thionóil an Comhchoiste Oireachtais um Ghnóthaí Míchumais ar an topaic sin i mí na Bealtaine. Le linn na díospóireachta, tharraingíomar aird ar roinnt de na dúshláin reatha sa tírdhreach fostaíochta. Chuireamar fáilte freisin roimh na feabhsuithe a rinneadh ó seoladh an Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta sa bhliain 2015. Bhí súil ag ÚNM go gcomhaontófaí plean gníomhaíochta deiridh faoin Straitéis le linn na bliana 2022 chun cur leis an móiminteam sin, ach tá sé ag tnúth leis an gcomhaontú sin go luath sa bhliain 2023 anois.

Leanamar le faireachán a dhéanamh ar fhostú daoine a bhfuil míchumas orthu san earnáil phoiblí de réir Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005. Ba sa bhliain 2022 a forbraíodh an tuarascáil ar chomhlíonadh don bhliain 2021, rud inar léiríodh méadú beag ar an bhfigiúr don bhliain roimhe. Mar sin féin, mar thoradh ar an íos-sprioc athbhreithnithe a mbeidh feidhm aici ón mbliain 2025, beidh sé riachtanach leanúint le haird a thabhairt ar fhostú daoine faoi mhíchumas ar fud na hearnála poiblí sna blianta atá romhainn.

Léiríodh inár gcuid oibre sa bhliain 2022 freisin an tábhacht a bhaineann le gairmthreoir chuí agus tacaíocht ghairme chuí le linn an aistir foghlama ionas gur féidir le daoine faoi mhíchumas na scileanna agus na cáilíochtaí riachtanacha a ghnóthú chun torthaí dearfacha fostaíochta a bhaint amach. Cuirimid fáilte freisin roimh an ngealltanas ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta tacú le feabhsuithe sa tírdhreach ardoideachais trí shruth cistiúcháin PATH 4. Chomh maith leis sin, rinneamar iniúchadh ar an dea-chleachtas maidir le gairmthreoir a sholáthar d'fhoghlaimeoirí a bhfuil míchumas orthu trí athbhreithniú litríochta a

dhéanamh, ar athbhreithniú é lena gcuirfear bonn eolais faoi chomhairle beartais a fhorbairt sa bhliain 2023.

## Seirbhísí Míchumais

Lean ÚNM le tacaíocht a thabhairt don Roinn Sláinte agus do FSS le linn dóibh breithniú a dhéanamh ar thacaí pearsantaithe saincheaptha dóibh sin a úsáideann sainseirbhísí míchumais. Shuíomar ar ghrúpaí oibre a dhírigh ar conas seirbhísí atá dírithe ar an duine, agus méadrachtaí gaolmhara atá dírithe ar thorthaí, a chinntiú. Chistíomar taighde ar conas is fearr is féidir tacú le haosú daoine a bhfuil míchumas orthu, agus sinn ag aithint a thábhachtaí atá cur chuige comhcheangailte a ghlacadh i leith beartas a fhorbairt sa réimse sin.

Táimid ag tnúth leis an aistriú feidhmeanna míchumais ón Roinn Sláinte chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige go luath sa bhliain 2023 agus cuirimid in iúl a thábhachtaí atá sé comhoibriú leantach trasearnála a chinntiú le rannáin um chúram agus meabhairshláinte daoine scothaosta sa Roinn Sláinte, i bhfianaise na nasc atá ann eatarthu. Cé go n-aithnímid gur cheart go n-éascófaí tuilleadh comhtháthaithe trí fheidhmeanna míchumais a aontú le chéile faoi cheannteideal Roinne aonair, molaimid go mbeadh oibleagáidí ar gach roinn agus gach comhlacht poiblí i leith nithe míchumais go fóill – ar aon dul leis an mbeartas príomhshruthaithe agus le ceangaltais an Stáit faoi UNCRPD.

## Caighdeáin agus Faireachán

Le linn na bliana 2022, lean ÚNM le haird a tharraingt ar na hoibleagáidí reachtúla atá ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú go bhfuil a gcuid seirbhísí inrochtana ag daoine faoi mhíchumas. D'óstálamar cruinniú comhchéime sa ráithe dheiridh den bhliain chun faisnéis agus comhairle a sholáthar do ranna rialtais maidir le ceanglais Chuid 3 agus Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005, an Achta um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, 2017, agus na Treorach ón Aontas Eorpach maidir le hInrochtaineacht Gréasáin a chomhlíonadh. Labhraíomar freisin faoin Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht atá le trasuí go luath agus a mbeidh impleachtaí aige d'oibritheoirí earnála príobháidí agus don earnáil phoiblí araon.

Leis an bhfaisnéis a bhailímid trínár ngníomhaíochtaí faireacháin, cabhraítear le treoir a thabhairt do chomhlachtaí poiblí maidir le cé na réimsí ar cheart dóibh féachaint le feabhsuithe a bhaint amach iontu agus cuirtear bonn eolais faoi na haighneachtaí a dhéanaimid chuig comhlachtaí poiblí maidir le conas a chinntiú go gcuirtear a gcuid tionscadal agus tionscnamh in oiriúint do dhaoine faoi mhíchumas.

Le linn na bliana 2022, d'fhreagraíomar do líon mór iarrataí ar aighneachtaí ar nithe iompair. Mar gheall ar roinnt téamaí coiteanna a bheith ag teacht chun cinn arís agus arís eile sna haighneachtaí sin, agus mar gheall ar na téamaí sin a phlé inár n-idirchaidreamh féin le daoine faoi mhíchumas agus le heagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas, táimid ag tnúth le hidirchaidreamh níos marthanaí a dhéanamh leis na geallsealbhóirí iomchuí sa bhliain 2023 chun córas iompair phoiblí atá comhtháite agus a bhfuil dearadh uilíoch air a threorú, ar córas é lena dtacófar le rannpháirtíocht iomlán daoine faoi mhíchumas i saol socheacnamaíoch ár bpobal.

## Dearadh Uilíoch

Leantar le feasacht ar Dhearadh Uilíoch, agus leis an nglacadh le Dearadh Uilíoch, a mhéadú. Dá réir sin, chuir ÚNM agus an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch fáilte roimh an méid spéise i dtionscnaimh amhail an Mórdhúshlán Deartha

Centre for Excellence in Universal Design

Uilíoch, Cumhacht an Deartha ar leibhéal na meánscoile agus an clár de chuid Junior Achievement Ireland ar leibhéal na bunscoile. Bhí deis againn freisin faisnéis faoi Dhearadh Uilíoch a chur i láthair ag roinnt institiúidí ardoideachais, ar aon dul leis an mbéim mhéadaithe ar an réimse sin atá á hurrú ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

Úsáideadh an tábhacht a bhaineann le cur chuige Deartha Uilíoch a bheith á ghlacadh ag gairmithe i réimsí iomchuí chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt ár modúil ríomhfhoghlama forbartha gairmiúla leanúnaí d'ailtirí, rud a seoladh ag ár gcomhdháil bhliantúil. Tá sé beartaithe againn inneachar a chur i láthair ar shlí phraiticiúil shorochtana do ghairmithe, agus táimid ag tnúth le haiseolas a fháil ar rath an mhodúil ina leith sin.

Bhí áthas orainn freisin gur athbhreithníodh Cuid M de na Rialacháin Foirgníochta chun tagairtí do Leithris is Áiteanna Feistis a chur san áireamh inti. Le linn na bliana 2023, oibreoidh ÚNM chun treoir theicniúil a ullmhú do ghairmithe timpeallachta tógtha ina leith sin, agus é ag aithint a thábhachtaí atá rochtain ar na saoráidí sin chun go mbraithfidh daoine faoi mhíchumas gur féidir leo páirt a ghlacadh i ngnáthghníomhaíochtaí laethúla ar shiúl ón mbaile.

Bhí áthas orainn freisin cuireadh a fháil chun freastal ar an gComhchoiste Oireachtais um Thithíocht chun Dearadh Uilíoch a mhíniú tuilleadh i gcomhthéacs na tithíochta agus na dtionscadal sa ríocht phoiblí. Thapaíomar an deis chun labhairt faoina thábhachtaí atá sé mór-athbhreithniú a dhéanamh ar Chuid M de na Rialacháin ionas gur féidir an stoc tithíochta a dhearadh agus a sholáthar ar shlí a bhfágann gur féidir le daoine a bhfuil míchumas orthu tithíocht atá chomh 'hinchónaithe' agus is féidir a fháil. Tá súil againn gur féidir leis an Roinn Tithíochta an obair sin a chur ar aghaidh, agus táimid ag tnúth le hanailís ar na costais a bhaineann le tithíocht a bhfuil dearadh uilíoch uirthi a chríochnú chun bonn eolais a chur faoina breithniúcháin sa bhliain 2023.

## Modhanna oibre

Cosúil le cuid mhór den státseirbhís agus den tseirbhís phoiblí, rinne ÚNM iniúchadh ar chineálacha cur chuige i leith obair chumaisc le linn na bliana 2022, de réir mar a d'fhill daoine ar ais ar an áit oibre tar éis dóibh a bheith ag obair go cianda le tréimhse fhada le linn phaindéim COVID-19. Ghlac ÚNM beartas um obair chumaisc, lena ngabhann meascán d'obair ar an láithreán agus de chianobair. Is é is aidhm don fhreastal ar an láithreán deiseanna a uasmhéadú do chomhoibriú agus d'idirchaidreamh le geallsealbhóirí. Leanamar le taithí agus saineolas a fhorbairt do chruinnithe cumaisc freisin. Cé go raibh ár gComhdháil Bhliantúil ar an gcéad imeacht cumaisc mór riamh dár gcuid, sheolamar roinnt imeachtaí cumaisc beaga le linn na bliana 2022. Tá cruinnithe an Údaráis ina gcruinnithe cumaisc ó mhí na Bealtaine 2022 ar aghaidh freisin.

## Achoimre

Cé go bhfuil tuilleadh mionsonraí faoi thionscadail shonracha tugtha sa chuid eile den tuarascáil seo, is féidir roinnt de na príomh-aschuir ó ÚNM le linn na bliana 2022 a achoimriú mar a leanas:

- Foilsíodh suíomh Gréasáin athbhreithnithe ag www.NDA.ie
- Foilsíodh na Treoirlínte 'Participation Matters'
- Rinneadh athbhreithniú litríochta ar ghairmthreoir éifeachtach d'fhoghlaimeoirí a bhfuil míchumas orthu
- Rinneadh an measúnú bliantúil ar dhul chun cinn faoin Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais don bhliain 2021

- Rinneadh an measúnú bliantúil ar dhul chun cinn faoin Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta don bhliain 2021
- Foilsíodh páipéar taighde ar chineálacha cur chuige i leith cuimsiú sóisialta agus rannpháirtíocht a uasmhéadú do dhaoine faoi mhíchumas
- Foilsíodh cúig pháipéar ar Airteagail de UNCRPD
- Seoladh an Chomhdháil Bhliantúil ar Airteagal 9 de UNCRPD
- Seoladh imeacht bliantúil éisteachta le daoine faoi mhíchumas agus le heagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas maidir le rannpháirtíocht shóisialta
- Seoladh modúl ríomhfhoghlama forbartha gairmiúla leanúnaí d'Ailtirí
- Críochnaíodh athbhreithniú litríochta ar thaighde comhoibríoch
- Seoladh Treoir maidir le Dearadh Uilíoch le haghaidh suíomhanna cúraim chónaithe fhadtéarmaigh a iarfheistiú
- Rinneadh tuarascálacha faireacháin a chur isteach agus a fhoilsiú i ndáil leis an Treoir ón Aontas Eorpach maidir le hInrochtaineacht Gréasáin agus i ndáil le Cuid 5 den Acht um Míchumas

# Tosaíocht Straitéiseach 1

# Tosaíocht Straitéiseach 1:

**"Comhairle agus treoir neamhspleách fhianaisebhunaithe a sholáthar, tacú le comhordú beartas, cur chun feidhme straitéisí agus beartas náisiúnta a chur ar aghaidh, agus spriocanna Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a chomhlíonadh"**

## Taighde agus comhairle beartais a sholáthar, bunaithe ar fhianaise agus ar thaithí fíorshaoil daoine faoi mhíchumas

### An Tionscadal Comhpháirtíochta atá ar bun le ESRI

Thug ÚNM agus an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) faoi chlár taighde comhpháirtíochta ar nithe a bhaineann le míchumas. Fadaíodh an chomhpháirtíocht sin go ceann bliain eile, an tríú bliain, sa bhliain 2022. Is é an cuspóir atá leis an gclár eolas a chruthú agus a fheabhsú ar réimsí sonracha beartais a bhaineann le saol daoine a bhfuil míchumas orthu. Dírítear go sonrach ann ar na príomh-shaincheisteanna a bhaineann le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD) a chomhlíonadh in Éirinn. Cumhdaíodh na nithe seo a leanas sa chlár go dtí seo:

- Torthaí Acadúla agus Sochmhothúchánacha Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta acu
- Fostú Daoine a bhfuil Míchumas orthu
- Cónaí sa Phobal agus Cúnamh Pearsanta
- Dearcthaí an Phobail i leith Míchumais

Maidir leis an snáithe den tionscadal a bhaineann le tacaí do Chónaí sa Phobal agus do Chúnamh Pearsanta, lean ESRI le taighde a fhorbairt agus le hé a scaipeadh ar chliaint seirbhíse cúnaimh phearsanta in Éirinn le linn na bliana 2022. Cuireadh páipéar tírdhreacha inar scrúdaíodh seirbhísí cúnaimh phearsanta agus a forbraíodh sa bhliain 2021 faoi bhráid an irisleabhair dar teideal 'Economic and Social Review' sa bhliain 2022, agus tá sé á athbhreithniú faoi láthair. Forbraíodh agus críochnaíodh tuarascáil eile ar thaithí úsáideoirí seirbhíse cúnaimh phearsanta sa bhliain 2022, rud inar cumhdaíodh an raon iomlán suirbhéanna agus agallamh a rinneadh tríd an gclár taighde. Foilsíodh an páipéar sin san irisleabhar rochtana oscailte dar teideal 'Disabilities' i mí na Samhna 2022.[1] Tá sé beartaithe imeacht seolta a reáchtáil go luath sa bhliain 2023, ar feitheamh an toraidh ar an bpróiseas athbhreithniúcháin piaraí atá ar siúl ag an irisleabhar faoi láthair.

### Na Tionchair Mhargaidh Saothair a bhí ag Paindéim Covid-19 ar Dhaoine a bhfuil Míchumas orthu

Tionscadail de chuid ESRI

Le linn na bliana 2022, lean ÚNM ar aghaidh leis an gcomhpháirtíocht taighde atá ar bun againn le ESRI chun comhchlár taighde a sholáthar ar nithe a bhaineann le míchumas. Cumhdaíodh raon leathan réimsí beartais míchumais sa chlár sin go dtí seo, lenar áiríodh iad seo a leanas:

- Cónaí sa Phobal agus Cúnamh Pearsanta
- Torthaí Acadúla agus Sochmhothúchánacha Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta acu
- Fostú Daoine a bhfuil Míchumas orthu
- Dearcthaí an Phobail i leith Míchumais

Sa bhliain 2023, seolfar an obair dearcthaí agus foilseofar páipéar eile a bhaineann le Cúnamh Pearsanta. Déanfar dul chun cinn freisin ar an tionscadal deiridh, ina n-iniúchfar na tionchair

[1] Féach: https://www.esri.ie/system/files/publications/JA202251.pdf

mhargaidh saothair a bhí ag paindéim Covid-19 ar dhaoine aonair a bhfuil míchumas orthu.

Comhroinneadh na fionnachtana ón taighde go dtí seo leis an lucht déanta beartas agus le reachtóirí trí aighneachtaí a dhéanamh chuig comhairliúcháin, trí chruinnithe a sheoladh le hoifigigh agus trí fhreastal ar Choistí Oireachtais.

## Tástálacha Turgnamhacha maidir le Tacaíocht an Phobail do Bheartas Míchumais

Le linn na bliana 2022, reáchtáil ESRI roinnt suirbhéanna turgnamhacha chun scrúdú a dhéanamh ar chlaontacht inmhianaitheachta sóisialta agus ar dhearcthaí ceilte i leith míchumais in Éirinn. Rinneadh an obair sin chun bonn eolais a chur faoin athbhreithniú a bhí ar bun ag ÚNM ar a chuid oibre dearcthaí, go háirithe cé acu ba cheart nó nár cheart dó leanúint le suirbhéanna tréimhsiúla a dhéanamh ar dhearcthaí an phobail i leith míchumais (féach an rannán maidir le dearcthaí thíos).

Áiríodh leis an turgnamh sin trí cinn ar leith de chéimeanna agus de mhodheolaíochtaí difriúla, inar iniúchadh an difríocht idir dearcthaí i leith míchumais a chuirtear in iúl go díreach agus dearcthaí a chuirtear in iúl go hindíreach. Ba iad na modhanna a bhí i gceist ná turgnaimh liosta, fínéid agus sraith frámaí beartais.

Cuireadh grúpa comhairleach tionscadail a chuimsigh baill d'eagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas le chéile i dtús an tionscadail chun comhairle agus aiseolas a thabhairt. Dáileadh suirbhé ar bhuanphainéal sa cheathrú ráithe den bhliain 2022. Ina dhiaidh sin, chuir ESRI dréacht-tuarascáil faoi bhráid ÚNM agus ghrúpa comhairleach an tionscadail lena hathbhreithniú acu agus le haiseolas a fháil ina leith.

Faightear amach san obair a rinne ESRI go dtarlaíonn sé, trí dhearcthaí i leith míchumais a thomhas go hindíreach, go mbíonn roinnt claontachta ann – claontacht inmhianaitheachta sóisialta, is dócha – a mhúnlaíonn na freagraí a thugtar, bunaithe ar na ceisteanna díreacha aghaidh ar aghaidh a chuir ÚNM ina shraith suirbhéanna dearcthaí san am atá thart. Tugtar le tuiscint san fhionnachtain sin nach léirítear dearcthaí sochaíocha i leith míchumais go hiomlán i dtorthaí substainteacha na sraithe suirbhéanna dearcthaí sin. Tugtar san obair a rinne ESRI léargais nua ar chineál na ndearcthaí sochaíocha i leith míchumais in Éirinn freisin, a fhágann gur tráthúil an rud é breithniú a dhéanamh ar an bhfiúntas a bhaineann le leanúint ar aghaidh leis an tsraith sheanbhunaithe suirbhéanna dearcthaí.

Foilseofar an tuarascáil deiridh go luath sa bhliain 2023, rud ina mbeidh na torthaí ó na turgnaimh liosta agus ó na frámaí beartais. Foilseofar fionnachtana na bhfínéad níos déanaí i mbliana mar pháipéar acadúil.

## An Scéim Cur Chun Cinn Taighde

Riarann ÚNM scéim cur chun cinn taighde go tráthrialta, ar scéim deontas í. Ba é téama na Scéime Cur Chun Cinn Taighde don tréimhse 2021/22 ná Táirgí Cúnta agus Táirgí Tomhaltais lena dtacaítear le rogha agus smacht do Dhaoine a bhfuil Míchumas orthu.

Lean an dá dhámhachtaí a fuair cistiú deontais sa bhliain 2021 ar aghaidh lena gcuid taighde sa bhliain 2022, agus iad ag cur dréacht-tuarascálacha faoi bhráid ÚNM lena n-athbhreithniú aige. Ba iad seo na dámhachtaithe:

- Dámhachtain 1: Scoil na Síceolaíochta, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Sa taighde seo, déanfar suirbhé ar an úsáid a bhaintear as táirgí cúnta agus as táirgí tomhaltais le haghaidh teagasc

léitheoireachta do leanaí a bhfuil míchumas intleachta agus míchumas forbarthach orthu i scoileanna Éireannacha.

- Dámhachtain 2: Scoil na nEolaíochtaí Saothair agus na Teiripe Saothair, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Féachfar sa taighde seo ar an acmhainneacht atá ag raon táirgí tomhaltais amhail Cúntóirí Gutha Digiteacha agus teicneolaíocht chliste bhailebhunaithe chun tacú le daoine a bhfuil míchumas orthu maireachtáil go neamhspleách agus ról a imirt ina bpobal.

Táthar ag súil leis go bhfoilseofar na tuarascálacha taighde deiridh sa chéad ráithe den bhliain 2023.

## Buiséid Phearsantaithe

Sa tuarascáil ón Tascfhórsa um Buiséid Phearsantaithe, a foilsíodh sa bhliain 2018, moladh gur cheart don Roinn Sláinte agus do FSS tionscadail taispeána a bhunú chun an soláthar buiséad pearsantaithe a thástáil d'fhonn teacht ar an gcur chuige is fearr i leith buiséad pearsantaithe a chur i bhfeidhm i gcoitinne i gcomhthéacs na hÉireann.

Bhunaigh FSS na Tionscadail Taispeána ag deireadh na bliana 2019 agus thosaigh sé ar dhaoine a ghlacadh isteach iontu go luath sa bhliain 2020. Bhí na Tionscadail Taispeána le hoibriú ar feadh tréimhse dhá bhliain. Mar sin féin, mar thoradh ar mhoilleanna ar iad a chur chun feidhme de dheasca phaindéim COVID-19 go príomha, fuair FSS ceadú ón Aire sa bhliain 2021 chun na Tionscadail a fhadú go ceann bliain eile (suas go deireadh mhí an Mheithimh 2022). Fadaíodh na Tionscadail Taispeána arís eile sa bhliain 2022 agus beidh siad ar siúl anois go dtí an tríú ráithe den bhliain 2023.

D'iarr an Roinn Sláinte ar ÚNM bainistíocht a dhéanamh ar an meastóireacht ar na Tionscadail Taispeána. Mar thoradh ar na deacrachtaí a bhí ag FSS le rannpháirtithe a earcú, áfach, níor cuireadh an mheastóireacht sin ar aghaidh mar a bhí beartaithe sa bhliain 2022. Le linn na bliana 2022, leanadh le ceaduithe eiticiúla agus socruithe comhroinnt sonraí a ullmhú don mheastóireacht.

Lean ÚNM le páirt a ghlacadh sa Ghrúpa Formhaoirseachta ar Thionscadail Taispeána ina cháil mar chomhairleoir neamhspleách agus choinnigh sé an Roinn ar an eolas faoina chuid oibre ullmhúcháin don mheastóireacht.

**Fionnachtana taighde agus anailís beartais a aistriú ina gcomhairle phraiticiúil beartais don rialtas, bunaithe ar chomhairliúchán le daoine a bhfuil míchumas orthu agus le geallsealbhóirí iomchuí eile**

## Míchumas agus teanga

I mí an Mheithimh 2022, d'fhoilsigh ÚNM páipéar comhairle maidir le teanga agus téarmaíocht míchumais. Tá sé mar chuspóir leis an bpáipéar sin treoir phraiticiúil a thabhairt do Ranna agus do chomhlachtaí poiblí maidir leis an teanga ba cheart a úsáid i ndáil le míchumas chun freastal ar bhealach measúil ar na téarmaí difriúla is fearr le daoine faoi mhíchumas. Tá a bhfuil sa pháipéar bunaithe ar athbhreithniú a rinneadh ar litríocht iomchuí, ar chomhairliúchán a rinneadh le hEagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas agus le geallsealbhóirí eile, agus ar fhionnachtana ón gcomhairliúchán ar chomhordaigh an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige é ar an tuarascáil Stáit is Páirtí chuig an gCoiste um Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD). Tugtar faisnéis chúlra iomchuí sa pháipéar sula leagtar amach na moltaí uainn. Áirítear leis an bpáipéar freisin gluais ina n-achoimrítear liosta de théarmaí nach n-úsáidtear a thuilleadh agus de na téarmaí a mholtar a úsáid ina n-áit. Tá sé

beartaithe go n-athbhreithneofar an páipéar ó am go chéile agus go n-athrófar chun dáta é de réir mar is gá.

## Gairmthreoir

Rinne an tÚdarás Náisiúnta Míchumais tuilleadh dul chun cinn ar chomhairle a sholáthar ar conas eispéireas éifeachtach gairmthreorach a thabhairt do gach foghlaimeoir a bhfuil míchumas orthu le linn dóibh bheith ar scoil, lena n-áirítear iad sin a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Thug ÚNM faoi roinnt pacáistí oibre chun bonn eolais a chur faoin bpáipéar beartais sin.

- Athbhreithniú Litríochta inar scrúdaíodh gairmthreoir d'fhoghlaimeoirí a bhfuil míchumas orthu san oideachas dara leibhéal.
- Comhairliúchán le grúpa daoine óga faoi mhíchumas atá ina mbaill de thionscnamh óige IMLI. I mí Eanáir 2023, déanfar comhairliúchán eile le grúpa foghlaimeoirí a bhain leas as soláthar oideachais speisialta le déanaí trí iar-bhunscoil phríomhshrutha, trí rang speisialta laistigh de scoil phríomhshrutha nó trí scolaíocht oideachais speisialta. Rinneadh idirchaidreamh le geallsealbhóirí, lenar áiríodh cruinnithe duine le duine agus cruinnithe grúpa le daoine aonair ó rannóga éagsúla den Roinn Oideachais, den Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, den Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus den Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas, le hacadóirí a phléann leis an oideachas cuimsitheach agus le hoideoirí. Áiríodh leis sin díospóireacht chomhchéime le raon leathan geallsealbhóirí, cleachtóirí i réimse na gairmthreorach ina measc. Pléadh na príomh-shaincheisteanna a sainaithníodh ón athbhreithniú litríochta agus ó fhoinsí eile, lenar áiríodh iad seo a leanas:
    - Castacht an tsoláthair gairmthreorach – ÚNM
    - Oideachas cuimsitheach agus an cur chuige scoile uile – Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
    - Cur chuige deartha uilíoch i leith an oideachais – An Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch
    - Tionscadal gairmthreorach do na bodhair – Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Úsáidfear an fhaisnéis thuas chun bonn eolais a chur faoi pháipéar comhairle beartais a chuirfear i gcrích sa chéad ráithe den bhliain 2023, rud a chomhroinnfear leis an rialtas.

## Rannpháirtíocht shóisialta

I mí Lúnasa 2022, d'fhoilsigh ÚNM athbhreithniú ar na cineálacha cur chuige a úsáidtear chun pobail inchónaithe a chruthú ar mhaithe le rannpháirtíocht agus cuimsiú iomlán a bhaint amach do dhaoine faoi mhíchumas. San athbhreithniú sin, déantar iniúchadh tosaigh ar conas pobail a chruthú inar féidir le daoine faoi mhíchumas agus le daoine eile atá i mbaol eisiamh sóisialta rannpháirtíocht shochaíoch iomlán agus cuimsiú sochaíoch iomlán a bhaint amach. Áiríodh leis an taighde idirchaidreamh agus comhairliúchán a dhéanamh le geallsealbhóirí trí thrí dhíospóireacht chomhchéime a seoladh le príomh-gheallsealbhóirí i mí an Mhárta 2022 agus tríd an imeacht bliantúil éisteachta de chuid ÚNM a seoladh le daoine faoi mhíchumas i mí na Bealtaine 2022. Áiríodh iad seo a leanas leis na geallsealbhóirí a bhí páirteach: ranna agus gníomhaireachtaí rialtais; daoine a bhfuil míchumas orthu, lenar áiríodh ionadaithe d'eagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas; eagraíochtaí eile sochaí sibhialta; údaráis áitiúla agus eagraíochtaí pobail; institiúidí acadúla; agus seirbhísí poiblí. Le linn na ndíospóireachtaí, díríodh ar na cineálacha cur chuige is mó a bhfuil gealladh fúthu i leith pobail lán-inrochtana a chruthú de réir Airteagal 19 agus Airteagal 9 den Choinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, ar pobail iad ar féidir le gach

duine a bhfuil míchumas orthu in Éirinn páirt iomlán a ghlacadh iontu. Sainaithníodh sa taighde cineálacha éagsúla cur chuige lena gcabhraítear le pobail níos inchónaithe a fhorbairt do dhaoine faoi mhíchumas, agus leas á bhaint as na cineálacha rathúla cur chuige ó bharr anuas agus ó bhun aníos a cuireadh chun feidhme le linn phaindéim COVID-19. I measc na bhfionnachtana bhí an tábhacht a bhaineann leis an oideachas, leis an oiliúint agus leis an idirchaidreamh i bhforbairt pobail ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil araon in eagraíochtaí reachtúla, sa rialtas áitiúil, i seirbhísí poiblí agus san earnáil dheonach chun cabhrú le cur chuige straitéiseach níos fadtéarmaí a cheapadh i leith forbairt pobail. Léiríodh sa taighde freisin an ról atá ag idirchaidreamh le heagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas agus le geallsealbhóirí eile maidir le struchtúir éifeachtacha forbartha pobail a chur ar aghaidh agus na tairbhí a bhaineann le cur chuige Deartha Uilíoch a ghlacadh i leith pobail chuimsitheacha a fhorbairt agus i leith tacaí cuí a sholáthar do chónaí neamhspleách laistigh de na pobail sin.

### An Tionscadal Taighde um Aosú san Áit is Oiriúnaí de chuid Choláiste na Tríonóide

Coimisiúnaíodh Ionad na Tríonóide um Aosú agus Míchumas Intleachta chun scrúdú a dhéanamh ar an gcúram a thugtar d'aosaigh scothaosta a bhfuil míchumas intleachta orthu agus a bhfuil riocht casta a bhaineann le haois orthu in Éirinn. Bhí sé mar aidhm leis an tionscadal scrúdú a dhéanamh ar na roghanna cúraim atá ar fáil – amhail sainsaoráidí cúraim d'aosaigh scothaosta a bhfuil míchumas intleachta orthu – agus ar a oiriúnaí atá tithe altranais cineálacha d'aosaigh scothaosta a bhfuil míchumas intleachta orthu, mar aon le sainaithint a dhéanamh ar shamplaí de dhea-chleachtas, ar chostais soláthar seirbhísí agus ar na torthaí do na daoine aonair lena mbaineann. Bhí sé mar chuspóir leis an taighde freisin athbhreithniú a dhéanamh ar an mbonn fianaise atá ann cheana maidir leis an gcúram a thugtar d'aosaigh scothaosta ar a bhfuil riocht casta a bhaineann le haois agus fianaise bhreise a ghiniúint maidir le samhlacha reatha cúraim, maidir le riachtanais ionchasacha amach anseo agus maidir le torthaí cáilíochta beatha i suíomhanna difriúla cúraim.

Cé gur tosaíodh an tionscadal sa bhliain 2020, fadaíodh amlínte an tionscadail roinnt uaireanta ar fud na mblianta 2021 agus 2022 mar gheall ar thionchair leanúnacha na paindéime agus toisc nach raibh acmhainn ag soláthraithe seirbhíse chun idirchaidreamh a dhéanamh le foireann taighde Ionad na Tríonóide um Aosú agus Míchumas Intleachta le linn na gcéimeanna géarchéime den phaindéim.

Fuarthas amach san anailís nach raibh aon chineálacha soiléire seirbhíse ná aon chineálacha soiléire cur chuige seirbhíse ann i measc na seirbhísí a bhí páirteach. Iarrtar sa staidéar go bhforbrófaí samhail náisiúnta seirbhíse le haghaidh aosú sláintiúil i measc daoine a bhfuil míchumas intleachta orthu agus go n-athchumrófaí seirbhísí chun treochtaí déimeagrafacha follasacha a léiriú ar shlí níos fearr agus chun acmhainniú leordhóthanach seirbhísí a chinntiú. Chuir Ionad na Tríonóide um Aosú agus Míchumas Intleachta dréacht-tuarascáil isteach lena hathbhreithniú sa cheathrú ráithe den bhliain 2022 agus cuirfear seimineár Gréasáin chun an tuarascáil a sheoladh ar siúl i mí Eanáir 2023. Eagrófar cruinniú níos mionsonraithe chun na fionnachtana a phlé ar shlí níos mine leis an Roinn Sláinte agus le FSS.

## Tacú le beartas míchumais a chomhordú agus treoir neamhspleách a sholáthar chun réitigh a bhrú chun cinn ar dhúshláin trasearnála

### Aighneachtaí Ginearálta

Is minic a dhéanann ÚNM idirchaidreamh le ranna agus gníomhaireachtaí rialtais trí chomhairle a sholáthar i riocht aighneachtaí chuig comhairliúcháin, tar éis iarraidh a fháil, nó bunaithe

ar shaincheist iomchuí nó ábhar imní. Is é is aidhm don chomhairle sin treoir a thabhairt do chomhlachtaí poiblí maidir le nithe a bhaineann le míchumas agus maidir le conas is féidir leis na seirbhísí a sholáthraíonn siad don phobal breithniú a dhéanamh ar thionchair ar dhaoine faoi mhíchumas, nó ar bhacainní do dhaoine faoi mhíchumas, agus ar conas is féidir aghaidh a thabhairt ar na tionchair agus na bacainní sin.

## Plean Gníomhaíochta na Straitéise Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas

Shuigh ÚNM ar an ngrúpa comhairleach a d'fhorbair an Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas (2022-2027), rud a foilsíodh i dtús na bliana 2022. Rinne ÚNM aighneacht maidir leis an bplean gníomhaíochta gaolmhar ansin. D'iarr ÚNM go ndéanfaí breithniú ar a lán saincheisteanna, á rá, i measc nithe eile, gur cheart deireadh a chur leis an gceanglas atá ann tuarascáil ó theiripeoir saothair a ullmhú do gach tithíocht inrochtana ar mó a hachar urláir ná an t-íosachar urláir. D'iarr sé freisin go leagfadh gach soláthraí tithíochta sóisialta íos-sprioc síos do thithe Deartha Uilíoch ina gcuid forbairtí, idir Thithe Deartha Uilíoch agus Thithe Deartha Uilíoch Plus (atá inchónaithe ag úsáideoirí cathaoir rothaí).

Rud tábhachtach nua a cuireadh leis an aighneacht sin is ea gur cheart caighdeán náisiúnta a fhorbairt do thithe Deartha Uilíoch i gcomhar leis an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann. Tá ÚNM ag tnúth le foilsiú an Phlean Cur Chun Feidhme go luath sa bhliain 2023.

## Athbhreithniú ar an Scéim Deontas Oiriúnaithe Tithíochta

Ag gníomhú di faoi bheartas an Rialtais um Thithíocht do Chách, rinne an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta athbhreithniú ar an Scéim Deontas Oiriúnaithe Tithíochta, agus díriú ar leith á leagan ar theorainneacha deontais, ar thairseacha ioncaim agus ar an bpróiseas iarratais.

Mhol ÚNM go gcuirfí feabhas ar bhailiú sonraí agus go ndéanfaí luach an deontais a innéacs-nascadh. Mholamar go gcuirfí teicneolaíochtaí cúnta ar áireamh sa Scéim Deontas Oiriúnaithe Tithíochta den chéad uair riamh agus go méadófaí cuimsiú daoine a bhfuil uathachas orthu. Ar mhaithe le héifeachtúlacht, mholamar go n-úsáidfí sonraí chun cistiú a spriocdhíriú ar na codanna den tír a bhfuil an riachtanas is mó acu agus go gcomhcheanglófaí an obair a dhéantar faoin Scéim Deontas Oiriúnaithe Tithíochta le scéim fuinnimh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann. Mholamar ar mhaithe le héifeachtúlacht freisin go bpríomhshruthófaí na costais agus an riarachán a bhaineann le teacht ar thuarascálacha ó theiripeoirí saothair a ghabhann le hiarratais chuig an Scéim Deontas Oiriúnaithe Tithíochta. Mholamar ar deireadh go nglacfaí cur chuige Deartha Uilíoch i leith gach foirme iarratais agus gach cumarsáide gaolmhaire.

## Comhairliúchán poiblí ar an gCainéal do Leanaí atá beartaithe ag TG4

Rinne ÚNM aighneacht chuig an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán maidir leis an gCainéal do Leanaí atá beartaithe ag TG4. Thapaigh ÚNM an deis sin chun aird a tharraingt ar na hAirteagail iomchuí de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas agus ar an dóigh a bhféadfadh forbairt an chainéil sin cabhrú leis na hAirteagail sin a chur chun feidhme in Éirinn. Leagamar béim freisin ar na forálacha iomchuí den Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc agus ar an ról a d'fhéadfadh cainéal nua do ghrúpa faoi ghannionadaíocht, amhail leanaí a bhfuil míchumas orthu, a imirt maidir lena rannpháirtíocht agus a gcomhtháthú i saol sóisialta agus cultúrtha an Stáit a chur chun cinn.

## Straitéis Náisiúnta Breisoideachais agus Oiliúna Solas 2020-2024

Chuaigh ÚNM isteach i ngrúpa comhairleach maidir le todhchaí an bhreisoideachais agus na hoiliúna, rud ar a dtugtar 'An Fhoghlaim a Bhunathrú, Cuimsiú a Chothú'. Trí pháirt a ghlacadh sa ghrúpa comhairleach um Chuimsiú a Chothú, tugtar deis do ÚNM dul i dteagmháil le príomh-

gheallsealbhóirí i réimse an Bhreisoideachais agus na hOiliúna agus léargais a chomhroinnt leo, lena n-áirítear an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh, AHEAD, QQI, Solas, agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Trína idirchaidreamh leis an ngrúpa comhairleach, bíonn ÚNM ag cabhrú le pleananna tionscadail a fhorbairt agus a sholáthar chun sruthanna oibre aonair a chur chun feidhme faoin Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna 2020 – 2024. Tugann ÚNM comhairle freisin chun pleananna tionscadail an ghrúpa chomhairligh a ailíniú le beartais agus straitéisí eile Rialtais a bhaineann le cuspóirí na straitéise.

## Aighneachtaí maidir leis an Iompar

Déanann ÚNM roinnt aighneachtaí gach bliain a bhaineann leis na gnéithe éagsúla den iompar. Tá siad sin achoimrithe thíos.

## Aighneacht ó ÚNM chuig an mBord Pleanála maidir le Scéim Conaire Bus BusConnects ó Chluain Ghrífín go Lár na Cathrach

Chuir ÚNM freagraí ar thograí BusConnects Bhaile Átha Cliath faoi bhráid an Údaráis Náisiúnta Iompair sna blianta 2018, 2019 agus 2020, bunaithe ar réimsí saineolais agus inniúlachta ÚNM. Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair ag dul ar aghaidh leis an gcéad chéim eile de scéim BusConnects Bhaile Átha Cliath a phleanáil agus rinne sé iarratas chuig an mBord Pleanála chun BusConnects Bhaile Átha Cliath a chur ar aghaidh. Luaigh ÚNM an athuair na pointí a cuireadh in iúl in aighneachtaí roimhe. Áiríodh iad seo a leanas leis na príomh-shaincheisteanna ar tarraingíodh aird orthu sna blianta 2018, 2019 agus 2020 agus san aighneacht is déanaí:

- An tábhacht a bhaineann leis an téarma "inrochtaineacht" a thuiscint ó thaobh míchumais de, seachas ó thaobh cé chomh fada agus atá duine ar shiúl ó láthair iompair phoiblí de.
- An easpa mionsonraí ina léirítear gur cuireadh na riachtanais atá ag daoine a bhfuil míchumas orthu agus ag úsáideoirí scothaosta san áireamh ag gach céim de chlár BusConnects a fhorbairt agus a sholáthar suas go dtí an pointe sin den phróiseas.
- Ábhair imní á rá gur mhainnigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair próisis chomhairliúcháin inrochtana a sholáthar, ar phróisis iad ina mbeifí in ann na riachtanais agus na hábhair imní atá ag daoine a bhfuil míchumas orthu agus ag daoine scothaosta a bhreithniú.
- An tábhacht a bhaineann le cur chuige deartha uilíoch a chur chun feidhme i leith na Croíchonairí Bus a dhearadh, rud a d'íoslaghdódh an gá le hiarfheistiú sa todhchaí.

## Aighneachtaí ó ÚNM chuig an Údarás Náisiúnta Iompair

I mí na Nollag 2021, rinne ÚNM trí aighneacht i leith trí chomhairliúchán a bhí ar siúl ag an Údarás Náisiúnta Iompair maidir le trí thionscadal iompair, ba iad sin: 'Éire a Nascadh' – An Plean Soghluaisteachta Tuaithe; tionscadal BusConnects Chorcaí; agus an Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Cé gur aithníodh sna haighneachtaí sin na tairbhí a bhaineann le gach ceann de na tionscadail iompair, chuir ÚNM imní in iúl iontu nach raibh sé soiléir cé acu a glacadh nó nár glacadh cur chuige cuimsitheach i ngach ceann de na trí thionscadal, ar chur chuige é inar cuireadh tuairimí daoine a bhfuil míchumas orthu san áireamh. Ní chuirtear in iúl ach i gceann amháin de na trí thionscadal (an Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath) tiomantas do dhearadh uilíoch a chur san áireamh sa tionscadal.

Ba iad seo a leanas na hábhair imní a cuireadh in iúl don Údarás Náisiúnta Iompair maidir le gach ceann de na trí thionscadal sin:

- Chuir ÚNM in iúl go láidir gur cheart sásraí comhairliúcháin leanúnacha agus níos cuimsithí a

sholáthar agus gur cheart don Údarás Náisiúnta Iompair idirchaidreamh sonrach a dhéanamh le daoine a bhfuil míchumas orthu agus le daoine scothaosta mar chuid den phlean sin.

- Bhí easpa mionsonraí ann faoi conas a chuirfeadh 'Éire a Nascadh' nó BusConnects Chorcaí ar chumas tuilleadh daoine a bhfuil míchumas orthu agus tuilleadh daoine scothaosta seirbhísí iompair phoiblí a rochtain.
- I gcás na dtionscadal de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair, ní fhaca ÚNM aon fhianaise á léiriú:
  - go ndearnadh Measúnacht Tionchair Míchumais
  - go bhfuil straitéis i bhfeidhm maidir le conas a fhreastalóidh na tionscadail ar na riachtanais atá ag daoine a bhfuil míchumas orthu agus ag daoine scothaosta, lena n-áirítear cur chuige deartha uilíoch
  - gur seoladh próiseas idirchaidrimh marthanach le tacar éagsúil úsáideoirí, lenar áiríodh daoine a bhfuil míchumas orthu agus daoine scothaosta, agus próiseas comhairliúcháin cuimsitheach inrochtana i leith na dtionscadal.

Mar gheall ar an líon aighneachtaí a rinneadh agus ar na cineálacha éagsúla cur chuige a breathnaíodh ar fud na dtionscadal uile i leith dearadh uilíoch agus daoine a bhfuil míchumas orthu a chur san áireamh, scríobhamar chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar an Údarás Náisiúnta Iompair chun cruinniú déthaobhach a mholadh chun plé a dhéanamh ar na córais atá ar bun ag an Údarás le haghaidh tionscadail iompair a thionscnamh agus a bhainistiú agus ar sheasamh an Údaráis agus ar an bhfaisnéis agus ar an gcomhairle is féidir linn a thabhairt ina leith sin agus i leith aon tionscadail iompair atá ar siúl faoi láthair nó a bheidh ar siúl sa todhchaí i ndáil leis na hoibleagáidí atá ar an Údarás, i ndáil le hidirchaidreamh le daoine a bhfuil míchumas orthu agus i ndáil le dearadh uilíoch.

### Cruinniú idir ÚNM agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair

I mí Aibreáin 2022, tionóladh cruinniú déthaobhach idir an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus ÚNM chun plé a dhéanamh ar na córais atá ar bun ag an Údarás le haghaidh tionscadail iompair a thionscnamh agus a bhainistiú. Cumhdaíodh na nithe seo a leanas sa chruinniú sin freisin: na ceanglais reachtúla atá ann i ndáil le tionscadail iompair agus i ndáil leis an iompar a sholáthar (lena n-áirítear ceanglais nua faoin Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht); an ról atá ag ÚNM maidir le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh ceanglas reachtúil; agus an fhaisnéis agus an chomhairle is féidir linn a thabhairt ina leith sin agus i leith aon tionscadail iompair atá ar siúl faoi láthair nó a bheidh ar siúl sa todhchaí i ndáil leis na hoibleagáidí atá ar an Údarás, i ndáil le hidirchaidreamh le daoine a bhfuil míchumas orthu agus i ndáil le dearadh uilíoch.

Mar thoradh ar an gcruinniú sin, chomhroinn ÚNM faisnéis agus acmhainní leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun cabhrú leis ceanglais reachtúla a chomhlíonadh. Comhaontaíodh freisin gur cheart do ÚNM agus don Údarás Náisiúnta Iompair cruinnithe débhliantúla déthaobhacha a thionól chun cumarsáid agus comhroinnt faisnéise níos fearr a spreagadh agus chun cur chuige comhcheangailte a chinntiú i leith bailiú sonraí.

### Aighneacht ó ÚNM chuig an Údarás Náisiúnta Iompair maidir le Scéim CycleConnects

Chuir ÚNM aiseolas isteach maidir le Scéim CycleConnects de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair, ar scéim í atá á cur i bhfeidhm ar fud na tíre i gcomhar le húdaráis áitiúla.

I roinnt aighneachtaí, chuir ÚNM díomá agus imní in iúl nár cuireadh daoine a bhfuil míchumas

orthu san áireamh ar chor ar bith, de réir dealraimh, le linn Scéim CycleConnects a ullmhú agus nach ndearnadh aon trácht ar bith:

- Go ndearnadh Measúnacht Tionchair Míchumais
- Go bhfuil straitéis i bhfeidhm maidir le conas a fhreastalóidh na tionscadail ar na riachtanais atá ag daoine a bhfuil míchumas orthu agus ag daoine scothaosta, lena n-áirítear cur chuige deartha uilíoch
- Gur seoladh próiseas idirchaidrimh marthanach le tacar éagsúil úsáideoirí, lenar áiríodh daoine a bhfuil míchumas orthu agus daoine scothaosta, agus próiseas comhairliúcháin cuimsitheach inrochtana i leith na dtionscadal.

Luaigh ÚNM freisin gurb eol dúinn go n-athrófar an Lámhleabhar Náisiúnta Rothaíochta chun dáta i gcomhar le CycleConnects. Mholfadh ÚNM don Údarás Náisiúnta Iompair breithniú a dhéanamh ar raon níos leithne de chineálacha úsáideoirí agus de chineálacha rothar le linn dó an Lámhleabhar Náisiúnta Rothaíochta a athrú chun dáta. Luamar gur cheart rothaithe faoi mhíchumas agus rothaithe nach bhfuil faoi mhíchumas agus a úsáideann rothair neamhchaighdeánacha araon a chur san áireamh chun a chinntiú go bhfuil an rotharbhealach agus an trasrian stad bus oiriúnach dóibh.

Chuireamar in iúl arís eile don Údarás Náisiúnta Iompair cé chomh tábhachtach agus atá seirbhísí comhtháite iompair phoiblí a bhfuil dearadh uilíoch orthu agus lena n-áirítear an timpeallacht thógtha agus teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, ar aon dul le hAirteagal 9 de UNCRPD. Labhraíomar an athuair faoi na ceanglais atá ann faoi Airteagal 4(3) de UNCRPD agus dhíríomar aird an Údaráis Náisiúnta Iompair ar na Treoirlínte ‘Participation Matters’ uainn chun cabhrú leis ina leith sin. Chuireamar in iúl freisin nach é amháin gur ceanglas é comhairliúchán a bhfuil dearadh uilíoch air a sheoladh ach go bhfuil comhairliúchán den sórt sin ina uirlis úsáideach freisin maidir le bonneagar a bhfuil dearadh uilíoch air a dhearadh, rud a chinntíonn gur féidir leis an oiread daoine agus is féidir é a rochtain agus a úsáid.

## Aighneacht ó ÚNM chuig Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir le Saoráid Eatramhach Rothaíochta Dhá Threo Bhóthar an Phoirt Thoir

Chuir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath togra i láthair maidir le saoráidí eatramhacha rothaíochta lena soláthraítear saoráidí leithscartha rothaíochta dhá threo ar an dá thaobh den bhóthar, agus iad suite ar an taobh thoir de Bhóthar Ailf Uí Bhroin ó Thóchar an Phointe Thoir chomh fada le Bóthar an Phoirt Thoir agus ar aghaidh ar an taobh thuaidh de Bhóthar an Phoirt Thoir chomh fada leis an mBóthar Thoir. San aighneacht uainn, tharraing ÚNM aird ar roinnt nithe ar gá tuilleadh breithniúcháin a dhéanamh orthu sula ndéanfaí an dearadh nua a thabhairt chun críche agus a chur ar aghaidh.

San aighneacht sin, labhair ÚNM faoina thábhachtaí atá oideachas, cumarsáid agus for-rochtain leis na pobail lena mbaineann agus mhol sé go seolfaí comhairliúcháin ar gach gné den dearadh sula ndéanfaí aon chinneadh chun a chinntiú gur dhóigh go bhfreastalódh na hoibreacha eatramhacha bóthair ar gach duine. Sholáthraíomar faisnéis agus naisc chuig an bhFoireann Uirlisí Cumarsáidí Custaiméirí – Dearadh Uilíoch do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun cabhrú léi ina leith sin.

Thug ÚNM comhairle bhreise don Údarás Náisiúnta Iompair freisin, a bhí cosúil leis an gcomhairle a tugadh sna haighneachtaí thuasluaite agus inar cumhdaíodh comhairliúcháin chuimsitheacha le húsáideoirí éagsúla amhail daoine a bhfuil míchumas orthu agus daoine scothaosta. Mhol sé freisin go ndéanfaí measúnacht tionchair míchumais.

Chomh maith leis sin, mhol ÚNM do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath breithniú a dhéanamh ar raon níos leithne de chineálacha úsáideoirí agus de chineálacha rothar le linn di raonta rothar a dhearadh. Ba cheart rothaithe a bhfuil míchumas orthu agus rothaithe nach bhfuil míchumas orthu agus a úsáideann rothair neamhchaighdeánacha araon a chur san áireamh chun a chinntiú go bhfuil an rotharbhealach agus an trasrian stad bus oiriúnach dóibh. Chun déanamh amhlaidh, bheadh sé riachtanach dul i gcomhairle le rothaithe a bhfuil míchumas orthu, le daoine a úsáideann rothair lasta/leantóirí rothair agus le daoine eile faoi na hoibreacha beartaithe.

## Aighneacht ó ÚNM chuig Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir leis an Scéim Eatramhach Rothaíochta ó Chill Mhaighneann go Sráid Thomáis

Thug ÚNM aiseolas do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir le bonneagar eatramhach rothaíochta a chur i bhfeidhm ó Chill Mhaighneann go Sráid Thomáis.

Cé go bhféachtar ar an mbonneagar sin mar bhonneagar eatramhach nó sealadach, chuir ÚNM in iúl go dtarlaíonn sé, mar gheall ar é a bheith suite i gcathair ina gcónaíonn líon substaintiúil daoine, go gcáileodh an bonneagar eatramhach rothaíochta mar thogra substainteach agus, dá bhrí sin, gur cheart measúnacht tionchair míchumais a dhéanamh ar an mbealach beartaithe sin agus ar an líonra beartaithe Taistil Ghníomhaigh ina iomláine araon.

Dúirt ÚNM go bhfuil sé tábhachtach a aithint gur féidir leis an scéim seo dul i bhfeidhm ar dhaonra iomlán an limistéir lena mbaineann, lena n-áirítear daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas, daoine a bhfuil bugaithe acu/leanaí óga, etc. Ní hé amháin go bhfuil sé tábhachtach riachtanais na gcoisithe uile a bhreithniú, ach tá na riachtanais sin ina ngné lárnach den scéim seo freisin. Thug ÚNM tuilleadh comhairle agus faisnéise ansin, cosúil leis na haighneachtaí roimhe a rinneadh maidir leis an iompar.

## Aighneacht ó ÚNM chuig an Údarás Náisiúnta Iompair maidir le Táillí Tacsaí agus Saoráidí Íocaíochta gan Airgead Tirim

Thug ÚNM aiseolas ar dhá dhréachtbheartas a chuir an tÚdarás Náisiúnta Iompair isteach le haghaidh comhairliúcháin, ar bheartais iad a bhain le méaduithe in íostáillí tacsaí agus leis an gceanglas atá ar thacsaithe saoráidí íocaíochta gan airgead tirim a sholáthar.

Sna haighneachtaí uaidh, leag ÚNM béim ar a thábhachtaí atá an t-iompar do dhaoine a bhfuil míchumas orthu. Chuir ÚNM imní in iúl go bhféadfadh méaduithe in uastáillí tacsaí difear díréireach a dhéanamh do dhaoine a bhfuil míchumas orthu, a bhíonn i mbaol ar leith na bochtaineachta agus na díothachta. Mhol ÚNM go láidir go ndéanfaí tuilleadh comhairliúcháin le heagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas agus le daoine a bhfuil míchumas orthu maidir le táillí tacsaí, go háirithe in éagmais liúntas soghluaisteachta. Soláthraíodh san aighneacht sin freisin faisnéis faoi chomhairliúcháin agus cumarsáidí a bhfuil dearadh uilíoch orthu chun cabhrú leis an Údarás Náisiúnta Iompair comhairliúcháin a éascú.

Maidir le saoráidí íocaíochta gan airgead tirim, thug ÚNM faoi deara nár soláthraíodh aon fhaisnéis faoi shonraíochtaí na dteirminéal íocaíochta atá le húsáid i dtacsaithe. Mar sin féin, leag ÚNM béim ar a thábhachtaí atá sé comhéadan tadhaill a sholáthar agus mhol sé go láidir don Údarás Náisiúnta Iompair úsáid a bhaint as teirminéil íocaíochta ar cuireadh inrochtaineacht san áireamh ina ndearadh. Chun cabhrú le hinrochtaineacht na dteirminéal a chinneadh, d’ainmnigh ÚNM raon leathan úsáideoirí a d’fhéadfadh an rogha teirminéal íocaíochta inrochtana a thástáil.

Chuir ÚNM in iúl don Údarás Náisiúnta Iompair gur féidir tuilleadh ceanglas inrochtaineachta a fháil sa chaighdeán comhchuibhithe Eorpach le haghaidh inrochtaineacht TFC (EN 301549).

Cuireadh in iúl san aighneacht sin freisin gur gá don Údarás Náisiúnta Iompair aird a thabhairt ar Threoir (AE) 2019/882 maidir leis na Ceanglais Inrochtaineachta le haghaidh Táirgí agus Seirbhísí (an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht). Beidh feidhm ag an reachtaíocht sin maidir le raon leathan táirgí agus seirbhísí ón 28 Meitheamh 2025, lena n-áirítear teirminéil íocaíochta agus teirminéil féinseirbhíse áirithe amhail uathmheaisíní bainc.

Luaigh ÚNM freisin nach mór do thiománaithe a bheith in ann glacadh le híocaíochtaí airgid thirim go fóill. Braitheann a lán daoine scothaosta ar airgead tirim mar ghnáthmhodh íoca. Níl aon chuntais bhainc ná aon chártaí bainc ag roinnt díobh freisin. Chomh maith leis sin, b'fhéidir gurbh fhearr le roinnt daoine a bhfuil míchumas orthu úsáid a bhaint as airgead tirim seachas modh íoca eile nach bhfuil siad chomh cleachta céanna leis.

## Aighneacht ó ÚNM maidir le Tionscadal DART+ an Chósta Thuaidh

I mí Aibreáin, rinne ÚNM aighneacht chuig Iarnród Éireann maidir le tionscadal DART+ an Chósta Thuaidh, atá i gcéim an chomhairliúcháin faoi láthair. Den 1,174,502 dhuine san iomlán a chónaíonn sna limistéir trína ritheann Líne DART+ an Chósta Thuaidh – Contae Lú, Contae na Mí, Fine Gall agus Cathair Bhaile Átha Cliath – tá míchumas ar 153,961 duine agus tá 136,255 dhuine os cionn 65 bliana d'aois. Mar gheall ar an líon suntasach daoine a ndéanann an tionscadal seo difear dóibh, leag ÚNM béim san aighneacht uainn ar a thábhachtaí atá sé cur chuige deartha uilíoch a ghlacadh i leith comhairliúcháin agus ar a thábhachtaí atá cineálacha cur chuige pleanála a chuimsíonn gach gné den turas, lena n-áirítear tosca bonneagair mórthimpeall. Mheabhraigh ÚNM d'Iarnród Éireann freisin go bhfuil ceanglas éigeantach ar gach togra substainteach ar gá ceadú ón Rialtas a fháil ina leith Measúnacht Tionchair Míchumais a dhéanamh.

## Cruinnithe agus grúpaí comhairleacha

Is minic a thagann ÚNM le chéile le hoifigigh chun seisiúin faisnéise a sholáthar, chun treo beartais a chur in iúl nó chun comhairle a thabhairt. Táimid inár mball de roinnt grúpaí comhairleacha, grúpaí oibre agus grúpaí stiúrtha freisin. Tá rogha de na cruinnithe/na grúpaí sin achoimrithe thíos.

## Cruinniú le Bonneagar Iompair Éireann

Tar éis idirchaidreamh a dhéanamh le Bonneagar Iompair Éireann de bhun an uiríll a rinne ÚNM ar Ghrúpa Úsáideoirí Luas faoi Mhíchumas, d'iarr Bonneagar Iompair Éireann ar an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch de chuid ÚNM freastal ar chruinniú le príomhbhaill foirne de chuid Bhonneagar Iompair Éireann chun faisnéis, treoir agus comhairle a thabhairt maidir leis na ceanglais atá ar Bhonneagar Iompair Éireann faoin bpríomhreachtaíocht agus maidir le dearadh uilíoch. Bhí spéis ar leith ag Bonneagar Iompair Éireann i bhfaisnéis agus comhairle níos mine a fháil maidir le faisnéis agus cumarsáidí inrochtana i bhfianaise na dtionscadal iompair atá le teacht (i.e., MetroLink, Luas Fhionnghlaise agus Luas Chorcaí). D'fhreastail baill den Lárionad Sármhaitheasa ar chruinniú le baill foirne de chuid Bhonneagar Iompair Éireann agus thug siad láithreoireacht chuimsitheach roimh sheisiún ceisteanna agus freagraí. Scaipeadh faisnéis bhreise ina dhiaidh sin, agus leantar le hidirchaidreamh a dhéanamh le Bonneagar Iompair Éireann maidir lena chuid tionscadal iompair atá le teacht.

## Grúpa oibre a bhunú maidir le Creat Cáilíochta a chur chun feidhme

Ag gníomhú dó faoi Ghrúpa Oibre 4 den chlár um Shaolta a Bhunathrú, d'fhorbair ÚNM Creat Cáilíochta le haghaidh tacú le daoine a bhfuil míchumas orthu torthaí pearsanta a bhaint amach. Bhunaigh an Fhoireann Náisiúnta Feabhsúcháin Cáilíochta um Oibríochtaí Míchumais de chuid FSS grúpa chun "plé a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun an Creat Cáilíochta a chomhaontú leis na hEagraíochtaí Soláthraithe uile (a sholáthraíonn cúram cónaithe do dhaoine a bhfuil míchumas orthu) agus chun sainaithint a dhéanamh ar na tacaí a theastóidh ó eagraíochtaí chun an Creat a

chur chun feidhme". Déantar ionadaíocht do ÚNM ar an ngrúpa sin chun comhairle a thabhairt do FSS maidir leis an gcreat a chur chun feidhme.

## Caighdeáin Náisiúnta Uileghabhálacha le haghaidh Cúram agus Tacaíocht a thabhairt do Leanaí a úsáideann Seirbhísí Sláinte agus Cúraim Shóisialta

Ó mhí Dheireadh Fómhair 2020 i leith, tá ÚNM ina bhall de Ghrúpa Comhairleach an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte/an Choimisiúin Meabhair-Shláinte chun bonn eolais a chur faoi dhréacht-Chaighdeáin Náisiúnta Uileghabhálacha le haghaidh Cúram agus Tacaíocht a thabhairt do Leanaí a úsáideann Seirbhísí Sláinte agus Cúraim Shóisialta. Is é an aidhm atá leis na caighdeáin sin soiléire, comhsheasmhacht agus leanúnachas a chinntiú laistigh de sheirbhísí agus idir seirbhísí chun a chinntiú go dtarlóidh sé, is cuma cén tseirbhís a úsáidfidh leanbh, go bhfreagrófar dá riachtanais ar bhealach comhsheasmhach agus go dtarlóidh sé, más rud é go dteastóidh tacaíocht ó níos mó ná seirbhís amháin uathu, go n-oibreoidh na seirbhísí sin ar bhealach comhtháite. Tar éis na hathruithe deiridh a dhéanamh ar an dréacht de na caighdeáin náisiúnta, cuireadh iad faoi bhráid Bhord an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte agus Bhord an Choimisiúin Meabhair-Shláinte lena gceadú. Tar éis don dá Bhord na dréachtchaighdeáin náisiúnta a cheadú, cuirfear iad faoi bhráid an Aire lena gceadú.

## An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais 2017-2022 chun Gníomh 104 a chur ar aghaidh

Bunaíodh an Grúpa Oibre Iompair faoin Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais 2017-2022 chun Gníomh 104 atá leagtha amach inti a chur ar aghaidh. Is é atá i nGníomh 104 ná ceangaltas ar roinnt Ranna agus Gníomhaireachtaí an méid seo a leanas a dhéanamh:

"athbhreithniú a threorú ar thacaí iompair, a chuimsíonn na scéimeanna iompair agus soghluaisteachta uile atá á gcistiú ag an Rialtas do dhaoine a bhfuil míchumas orthu, chun feabhas a chur ar na roghanna iompair chun na hoibre nó na tacaí fostaíochta do dhaoine a bhfuil míchumas orthu agus chun tograí a cheapadh le haghaidh plean comhordaithe a fhorbairt do sholáthar den sórt sin. Beidh aird ag an bplean sin ar an úsáid is éifeachtúla a bhaint as na hacmhainní iompair atá ar fáil."

Tar éis é a chur ar sos mar thoradh ar phaindéim COVID-19, athionóladh an grúpa oibre i mí Eanáir 2022, tráth a d'éirigh Anne Rabbitte, an tAire Stáit le freagracht as Míchumas, ina cathaoirleach ar an nGrúpa Oibre Iompair. Phléigh an grúpa oibre roinnt scéimeanna tábhachtacha soghluaisteachta agus iompair, lenar áiríodh Scéim na dTiománaithe agus na bPaisinéirí faoi Mhíchumas. Ina dhiaidh sin, rinneadh machnamh ar na scéimeanna soghluaisteachta agus iompair uile atá á gcistiú ag an stát agus cuireadh iad i gcomparáid le scéimeanna tacaíochta den chineál céanna ar fud na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta. Rinne ÚNM roinnt moltaí a cuireadh ar áireamh sa tuarascáil deiridh.

Tionóladh an cruinniú deireanach de chuid an ghrúpa oibre i mí na Nollag 2022. Leagtar béim ar na nithe seo a leanas sna príomh-mholtaí sa tuarascáil:

- an gá le próiseas cuimsitheach agus comhordaithe tras-Rialtais agus príomhshrutha
- an tábhacht a bhaineann lena chinntiú gur ar thuras ceann ceann an chustaiméara a bhíonn beartas, pleanáil agus soláthar iompair dírithe
- cur chuige comhcheangailte ó dhoras go doras a chur ar aghaidh i leith tacaí iompair agus soghluaisteachta do dhaoine a bhfuil míchumas orthu, ar cur chuige é ar dóigh go mbeidh grúpa oibre nua i gceist leis.

## Cruinniú le Foireann Bonneagair Luchtaithe Feithiclí Leictreacha na Roinne Iompair

Bhí cruinniú ag ÚNM le Foireann Bonneagair Luchtaithe Feithiclí Leictreacha na Roinne Iompair, tar éis do ÚNM aighneacht i scríbhinn a dhéanamh agus páirt a ghlacadh i gceardlann chun plé a dhéanamh ar phleananna le haghaidh an mórbhonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha a chur i bhfeidhm in Éirinn. Ag an gcruinniú sin, chuaigh an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch de chuid ÚNM trí na mionsonraí san aighneacht uainn, agus é ag cur in iúl gur gá an bonneagar agus an fhaisnéis ghaolmhar a bheith inrochtana agus gur cheart dearadh uilíoch a bheith orthu. Ag an gcruinniú sin, phléigh an Lárionad Sármhaitheasa agus an Roinn Iompair an taighde atá ag teacht chun cinn ón Ríocht Aontaithe maidir leis na bacainní ar inrochtaineacht a bhíonn le fáil go minic i mbonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha agus i bhfaisnéis ghaolmhar. Ghabh an Lárionad Sármhaitheasa air féin leanúint le hidirchaidreamh a dhéanamh leis an bhfoireann bonneagair luchtaithe feithiclí leictreacha de réir mar a chuireann sí a cuid oibre ar aghaidh.

## Comhdháil iRoUTE – Cill Chainnigh

D’fhreastail ÚNM ar chomhdháil iRoUTE i gCill Chainnigh sa bhliain 2022. Ba é aidhm na comhdhála sin saineolaithe ó Éirinn agus ó áiteanna thar lear a thabhairt le chéile chun smaointe, tionscnaimh agus beartais a mhalartú ar mhaithe le feabhas a chur ar shoghluaisteacht agus ar an iompar i limistéir thuaithe. Féachtar ar fheabhsuithe ar an iompar poiblí mar chomhpháirt lárnach d’fhorbairt agus athbheochan tuaithe. Tá ríthábhacht ag baint leo freisin maidir le dul i ngleic le haonrú sóisialta, ar ábhar imní ar leith é do dhaoine scothaosta, do dhaoine a bhfuil míchumas orthu agus do dhaoine óga i dtimpeallachtaí tuaithe.

Tháinig roinnt téamaí agus smaointe coiteanna chun cinn:

- Is gá cur chuige uile-rialtais a ghlacadh chun soghluaisteacht tuaithe éifeachtach a bhaint amach – chruthaigh an easpa traschumarsáide agus an easpa comhroinnt faisnéise dúshláin ina leith sin san am atá thart.
- Tá ríthábhacht ag baint le smaointeoireacht chomhtháite ar fud na n-oibritheoirí iompair uile. Ba cheart soláthraithe Iompair atá Freagrúil don Éileamh a chur ar áireamh sa chomhtháthú sin freisin.
- Cuireadh in iúl go bhfuil Iompar inrochtana iontaofa atá Freagrúil don Éileamh ina chomhpháirt lárnach den iompar tuaithe, agus féachtar air mar chuid dhílis de phleananna iompair amach anseo. Cabhróidh sé sin le daoine leis an gcéad mhíle agus leis an míle deireanach dá dturais.
- Chun tacú leis an Iompar atá Freagrúil don Éileamh, beidh bonneagar tábhachtach amhail saoráidí páirceála agus taistil, raonta rothar, spásanna páirceála rothar, lánaí bus tiomnaithe agus faisnéis inrochtana (aip agus líne fóin) ag teastáil chun a chinntiú go mbeidh sé éasca an tIompar atá Freagrúil don Éileamh a thuiscint agus a úsáid. Cé nach raibh a lán eagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas i láthair ag an gcomhdháil, tharla sé le linn na gceardlann gur shainaithin ÚNM agus roinnt údarás áitiúil Dearadh Uilíoch mar bhealach inar féidir a chinntiú go bhfuil an turas ar fad (idir fhaisnéis, stadanna/stáisiúin bus, fheithiclí agus aistrithe) inrochtana ag an oiread daoine agus is féidir.

## An tAonach Conairí Forchéimnitheacha – Seirbhísí Infhostaitheachta Chiarraí

Ghlac ÚNM páirt i ndíospóireacht phainéil inar díríodh ar na gnéithe difriúla den fhostaíocht do dhaoine a bhfuil míchumas orthu. Rinneadh an díospóireacht phainéil sin mar chuid den Aonach Conairí Forchéimnitheacha ar óstáil Seirbhísí Infhostaitheachta Chiarraí é in Óstán an Róis i dTrá Lí i mí na Bealtaine 2022. Soláthraíonn Seirbhísí Infhostaitheachta Chiarraí seirbhís tacaíochta

uileghabhálach do dhaoine a bhfuil riocht sláinte, díobháil, tinneas nó míchumas orthu agus a bhfuil fostaíocht nó oiliúint á lorg acu.

Thug baill foirne ó ÚNM forbhreathnú gairid ar an obair a dhéanann ÚNM agus labhair siad faoina thábhachtaí atá sé go mbeadh bearta i bhfeidhm ag fostóirí chun cultúr comhionann éagsúil cuimsitheach oibre a chruthú ina ndírítear ar earcú agus dul chun cinn gairme daoine a bhfuil míchumas orthu a mhéadú agus ina dtacaítear le fostaithe bheith ar a gcompord le linn dóibh a stádas míchumais a chur in iúl.

D'fhreastail breis agus 400 duine ar an imeacht. Daoine a bhfuil míchumas orthu agus a mbaill teaghlaigh a bhí i gcuid mhór de na daoine sin. Bhí 24 eagraíocht dhifriúla ar fáil ar an lá, rud a thug deis iontach do dhaoine atá 16 bliana d'aois nó níos sine agus a bhfuil riachtanais bhreise tacaíochta acu tuilleadh faisnéise a fháil faoina roghanna fostaíochta, oiliúna agus oideachais.

Tá an tAonach Conairí Forchéimnitheacha ina shamhail dea-chleachtais maidir le himeacht cuimsitheach inrochtana a reáchtáil, ar imeacht é ina ndírítear ar chonair shoiléir i dtreo an bhreisoideachais agus na fostaíochta a sholáthar do dhaoine a bhfuil míchumas orthu.

## Freastal ar Choistí Oireachtais

Le linn na bliana, thapaigh ÚNM an deis chun freastal ar roinnt Comhchoistí Oireachtais ar raon nithe éagsúla. Thug sé sin deis dúinn aird a tharraingt ar phríomh-shaincheisteanna agus feasacht a chinntiú ar an taighde agus an treoir uainn ar na nithe sin. Tá achoimre déanta thíos ar an rannchuidiú a rinneamar leis an dá Choiste ar fhreastalaíomar orthu sa bhliain 2022.

## An Comhchoiste um Ghnóthaí Míchumais

Labhair ÚNM ag an gComhchoiste um Ghnóthaí Míchumais Déardaoin an 19 Bealtaine 2022. Ba é téama an chruinnithe sin ná Fostaíocht agus UNCRPD. Thug Stiúrthóir ÚNM láithreoireacht ar na forbairtí a thit amach i mbeartas fostaíochta le déanaí, ar forbairtí iad lena dtacaítear le rannpháirtíocht daoine a bhfuil míchumas orthu san fhostaíocht a mhéadú. Áiríodh sonraí agus staitisticí iomchuí leis an láithreoireacht sin, lenar áiríodh sonraí agus staitisticí faoin líon daoine faoi mhíchumas atá féinfhostaithe.

Tarraingíodh aird san ionchur ó ÚNM freisin ar na dúshláin atá ann go fóill maidir le comhoibriú trasrannach a bhaint amach chun dul i ngleic le roinnt de na bacainní sistéamacha ar an bhfostaíocht, amhail na nithe seo a leanas:

- gairmthreoir éifeachtach a sholáthar;
- aistrithe éifeachtacha a bhainistiú idir an t-oideachas, an oiliúint agus an fhostaíocht;
- tacaí agus socruithe réasúnacha a sholáthar san áit oibre;
- an gá le clár comhordaithe um athshlánú gairme;
- cumas agus inniúlacht fostóirí a fhorbairt.

## Láithreoireacht os comhair an Chomhchoiste Oireachtais um Thithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht

Thug ÚNM láithreoireacht os comhair an Chomhchoiste Oireachtais um Thithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht an 21 Meitheamh ar Dhearadh Uilíoch i dtionscadail nua agus ar phleanáil ríochta poiblí. Bhí Aoisghníomhaíocht Éireann, Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann agus Cónaidhm Míchumais na hÉireann i láthair freisin. Cé gur leathan a bhí topaic an chruinnithe, díríodh lena linn ar thithíocht, ar Thithe Deartha Uilíoch agus ar an Deontas Oiriúnaithe Tithíochta. Pléadh iniúchtaí insiúltachta, Leithris is Áiteanna Feistis agus an gá le bailiú sonraí níos fearr freisin agus

chomhroinn ÚNM ár gcuid eolais agus comhairle ar gach ceann de na réimsí sin. Chuir ÚNM páipéar faisnéise leantach faoi bhráid an choiste chun bonn eolais eile a chur faoi na moltaí agus faoin tuarascáil ón gcoiste.

Ar fud an chruinnithe agus sa chomhfhreagras leantach, leag ÚNM béim ar na tairbhí a bhaineann le cur chuige Deartha Uilíoch a ghlacadh i leith tithíocht a dhearadh agus a sholáthar, go háirithe ar conas is féidir le Tithe Deartha Uilíoch Plus soláthar tithíochta atá inchónaithe ag úsáideoirí cathaoir rothaí a chinntiú. Rinne ÚNM agus na daoine eile a bhí i láthair moltaí maidir le hAthbhreithniú ar Chuid M de na Rialacháin Foirgníochta, maidir le caighdeán a fhorbairt chun comhsheasmhacht agus comhthuiscint a chinntiú i leith na sainmhínithe ar Dhearadh Uilíoch agus ar Dhearadh Uilíoch Plus, agus maidir lena thábhachtaí atá sé Dearadh Uilíoch a chur san áireamh ó thús an phróisis pleanála agus deartha. Thapaigh ÚNM an deis freisin chun tacaíocht a chur in iúl do Shuirbhé Náisiúnta Míchumais a dhéanamh tar éis an chéad Daonáirimh sceidealaithe eile sa bhliain 2027 mar mhodh chun faisnéis atá cothrom le dáta a bhailiú faoin líon úsáideoirí cathaoir rothaí atá ann in Éirinn, i measc faisnéis eile.

## Cóid Chleachtais agus treoir a fhorbairt, agus rannchuidiú le caighdeáin lena bhféadtar tacú le reachtaíocht, beartais agus cláir a chur chun feidhme ar fud na hearnála poiblí

### Dréacht-Chód Cleachtais maidir le Foirgnimh Phoiblí Inrochtana

Cheap ÚNM conraitheoir chun comhairliúchán a sheoladh le daoine a bhfuil míchumas orthu chun bonn eolais a chur faoin obair atá ar bun chun dréacht-Chód Cleachtais maidir le Foirgnimh Phoiblí Inrochtana a fhorbairt. Athbhreithníodh an dréacht-Chód Cleachtais agus cuireadh é faoi bhráid Údarás ÚNM lena bhreithniú aige. Tar éis don Údarás an cur chuige agus an struchtúr beartaithe a cheadú, bunaíodh Grúpa Comhairleach Teicniúil chun comhairle a thabhairt maidir le Cód Cleachtais a fhorbairt agus chun athbhreithniú eile a dhéanamh ar na barúlacha a fuarthas ón gcomhairliúchán seachtrach agus ón Údarás araon. Tá súil ag ÚNM an dréacht deiridh, a bheidh bunaithe ar chomhairliúchán poiblí, a chur faoi bhráid an Aire faoin gceathrú ráithe den bhliain 2023 lena cheadú agus lena fhoilsiú.

### Doiciméad faisnéise ar an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht

D’ullmhaigh an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch doiciméad faisnéise ar na príomhghnéithe den Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht agus chuir sé faoi bhráid na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige é chun tacú leis an Ionstraim a thrasuí. Tá an Ionstraim le teacht i bhfeidhm an 28 Meitheamh 2025, tráth a bheidh sé riachtanach raon táirgí agus seirbhísí sonraithe a dhearadh agus a mhonarú ar shlí a gcinntíonn go bhfuil siad inrochtana ag daoine a bhfuil míchumas orthu. Tá an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht dírithe go príomha ar tháirgí agus seirbhísí digiteacha. Ní chumhdaítear léi réimsí amhail seirbhísí cúram sláinte, oideachas, tithíocht ná táirgí tí, lena n-áirítear nithe amhail oighinn, innill níocháin/miasniteoirí agus fearais mhóra agus bheaga eile den chineál céanna. Murab ionann agus an Treoir maidir le hInrochtaineacht Gréasáin a ghabhann léi, tá feidhm ag an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht maidir le cuideachtaí príobháideacha a dhíolann táirgí nó seirbhísí:

- a mheastar a bheith an-tábhachtach do dhaoine a bhfuil míchumas orthu; agus
- a bhfuil ceanglais fhorleathana inrochtaineachta orthu ar fud na mBallstát.

Chun an doiciméad faisnéise a ullmhú, ba ghá athbhreithniú fairsing a dhéanamh ar fhorálacha na hIonstraime Eorpaí um Inrochtaineacht, grinnscrúdú a dhéanamh ar reachtaíocht iomchuí

eile, agus anailís dhomhain a dhéanamh ar an tionchar ar sholáthraithe táirgí agus seirbhísí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon. Tá ÚNM ag tnúth le tacaíocht a thabhairt dár máthair-roinn le linn próiseas éifeachtach trasuímh, rud a chuirfidh feabhas ar an raon táirgí agus seirbhísí inrochtana atá ar fáil do dhaoine a bhfuil míchumas orthu in Éirinn agus san Aontas Eorpach i gcoitinne. Rachaimid i dteagmháil leis an Roinn maidir le cruinniú comhchéime a chomhóstáil le príomh-gheallsealbhóirí go luath sa bhliain 2023 ar mhaithe leis an obair sin a chur ar aghaidh.

**Leanúint le bailiú agus úsáid sonraí míchumais a bhrú chun cinn agus a chothú ar mhaithe le bonn eolais a chur faoi chinntí beartais**

### Straitéis um shonraí comhionannais

Tá ÚNM ina bhall den ghrúpa straitéise um shonraí comhionannais, rud a reáchtálann an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige i gcomhar leis an bPríomh-Oifig Staidrimh. Rinneadh dul chun cinn ar an straitéis a fhorbairt le linn na bliana 2022, agus pleananna á n-ullmhú le haghaidh comhairliúchán a sheoladh ar an dréachtstraitéis go luath sa bhliain 2023. Cinntíonn ÚNM go gcuirtear saincheisteanna sonraí a bhaineann le míchumas san áireamh sa straitéis agus féachann sé ar an straitéis mar uirlis thábhachtach le haghaidh dul i ngleic leis na bearnaí sonraí atá ann.

### Airteagail de UNCRPD

Le linn na bliana 2022, chuir ÚNM cúig pháipéar lenár sraith páipéar athbhreithniúcháin ar na hAirteagail de UNCRPD. Leagtar amach sna páipéir sin na sonraí, an fhaisnéis agus na staitisticí iomchuí i ndáil le hAirteagail shonracha agus forbraítear trí thaighde deisce iad. Tugtar iontu forbhreathnú fíorasach ar na príomhbheartais, na príomhchláir, na príomhsheirbhísí, na príomhthacaí agus na príomhshonraí atá ann i gcomhthéacs na hÉireann i leith gach ceann de na hAirteagail. Ba iad seo na páipéir a forbraíodh sa bhliain 2022:

- Airteagal 13: Rochtain ar Cheartas
- Airteagal 16: Saoirse ó dhúshaothrú, ó fhoréigean agus ó mhí-úsáid
- Airteagal 19: Maireachtáil go neamhspleách agus cuimsiú sa phobal
- Airteagal 21: Ceart chun Saoirse chun Tuairimí a Nochtadh agus chun Rochtain a Fháil ar Fhaisnéis
- Airteagal 24: Oideachas

### Ceardlann ar Phlean Gníomhaíochta Siúil agus Rothaíochta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

D’fhreastail ionadaí ó ÚNM ar an gceardlann seo go luath sa bhliain 2022 chun faisnéis, treoir agus comhairle a thabhairt maidir leis an treo agus na réimsí dírithe amach anseo do phlean gníomhaíochta siúil agus rothaíochta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (atá le dréachtú).

I measc na ndaoine eile a bhí i láthair bhí ionadaithe ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, ó Chlár na Scoileanna Glasa, ó Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí, ón nGarda Síochána, ó Rothaíocht Éireann agus ó eagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas. I ndíospóireachtaí faoin treo amach anseo do thionscadail bhonneagair, leag ÚNM béim ar an ngá atá ann le faisnéis agus comhairliúchán a bhfuil dearadh uilíoch orthu i ndáil le haon tionscadail bhonneagair nó aon fheabhsuithe bonneagair agus labhair sé faoina úsáidí atá an uirlis iniúchóireachta insiúltachta a bhfuil dearadh uilíoch uirthi maidir le feabhsuithe a chinneadh.

# Tosaíocht Straitéiseach 2

# Tosaíocht Straitéiseach 2:

**"Measúnú, faireachán agus meastóireacht neamhspleách a dhéanamh ar an dul chun cinn a bhíonn á dhéanamh ar bheartais, straitéisí agus cóid chleachtais ar fud an rialtais".**

**Faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar chur chun feidhme straitéisí agus beartas náisiúnta, chun sainaithint a dhéanamh ar réimsí ar gá tuilleadh airde a thabhairt orthu, lena n-áirítear an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais agus an Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta, agus ar sholáthar in aghaidh spriocanna Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas**

## Tuarascáil Measúnaithe faoin Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais

Gach bliain, déanann ÚNM measúnú neamhspleách ar an dul chun cinn a dhéantar ar na haschuir faoin straitéis agus chun foinsí sonraí a anailísiú chun cabhrú leis an tionchar a thomhas. Bíonn an tuarascáil uainn bunaithe ar thuarascálacha a fhaightear ó ranna agus ar fhaisnéis agus fianaise a bhailíonn ÚNM le linn dó gníomhú mar bhall de ghrúpaí oibre agus de choistí comhairleacha rannacha. Bíonn sí bunaithe freisin ar an idirchaidreamh tráthrialta a dhéantar le daoine a bhfuil míchumas orthu trí na coistí sin agus i réimsí eile dá chlár oibre araon.

Sa pháipéar measúnaithe uainn a foilsíodh sa bhliain 2022 agus inar tuairiscíodh ar an dul chun cinn a rinneadh sa bhliain 2021, tugadh faoi deara an tiomantas leanúnach a léirigh oifigigh i ranna agus gníomhaireachtaí éagsúla chun na gníomhartha atá leagtha amach sa Straitéis a sholáthar mar shásra trínar féidir oibleagáidí a chomhlíonadh faoi UNCRPD. D'fháiltíomar roimh na hiarrachtaí leanúnacha a rinne geallsealbhóirí chun cur chun feidhme na Straitéise a chur ar aghaidh, beag beann ar roinnt dúshlán leanúnach, paindéim Covid-19 ina measc.

Cé go ndearnadh tréimhse feidhme na Straitéise Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais a fhadú go foirmiúil suas go deireadh na bliana 2022, leanann ÚNM le béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le díospóireachtaí agus comhairliúchán maidir leis an straitéis a chuirfear ina háit a thionscnamh tamall maith roimh ré. Maidir leis sin, d'fhorbair ÚNM páipéar roghanna lena bhreithniú, rud ina leagtar amach cineálacha féideartha cur chuige i leith straitéis chomharba a fhorbairt. Chuireamar an páipéar sin i láthair ag ceann amháin de na cruinnithe de chuid ghrúpa stiúrtha na Straitéise Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais. Mhol ÚNM go gceapfaí an straitéis chomharba mar Straitéis um UNCRPD a Chur Chun Feidhme. Cuirfear tús leis an obair ar an straitéis nua le linn na bliana 2023.

Chuir ÚNM in iúl freisin go seolfaí comhairliúchán forleathan ar an straitéis sin, lena n-áirítear le hEagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas. Táimid ag tnúth leis an obair sin a chur ar aghaidh sa bhliain 2023.

Le linn na bliana 2022, thosaigh ÚNM ag obair ar thuarascáil táscairí deireadh straitéise chun forbhreathnú a thabhairt ar an dul chun cinn a rinneadh in aghaidh na dtáscairí sin le linn thréimhse feidhme iomlán na Straitéise, á thabhairt faoi deara gurbh fhéidir nach mbeifí in ann aon dul chun cinn den sórt sin a chur síos go díreach don Straitéis.

## Tuarascáil Measúnaithe faoin Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta

D'fhoilsigh ÚNM an séú measúnú neamhspleách uaidh ar an ngníomhaíocht a rinneadh faoin Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2015 – 2024 le linn na bliana 2021. D'fháiltíomar roimh an dul chun cinn a rinneadh ar thionscadal treorach a bhunú maidir le

haistrithe, ar luath-idirchaidreamh a dhéanamh le daoine óga ar an liúntas míchumais faoi Bhealaí chun na hOibre, agus ar scéim pá breoiteachta reachtúil a thabhairt isteach. Mholamar réimsí eile ar gá tuilleadh dírithe a leagan orthu sna blianta deiridh den straitéis. Áiríodh leo sin dul i ngleic leis an easpa dul chun cinn a rinneadh ar ghníomh 5.1 a chur ar aghaidh i ndáil leis an bhfostaíocht faoi thacaíocht, na ceachtanna a foghlaimíodh ó na Tionscadail Chumais a úsáid i gclár buan, an Ciste Socruithe Réasúnacha a athchóiriú, agus cur chuige um fhilleadh ar an obair a fhorbairt do dhaoine a bhfuil míchumas faighte orthu trí phróiseas athshlánúcháin gairme. Mholamar freisin go gcuirfí bearta indéanta i bhfeidhm chun an sprioc mhéadaithe 6% le haghaidh fostú daoine sa tseirbhís phoiblí a bhaint amach faoin mbliain 2025.

Le linn na bliana 2022, lean ÚNM le tacaíocht a thabhairt do ghníomhaireachtaí agus ranna chun a gcuid gníomhartha a chomhlíonadh. Ag an am céanna, lean ÚNM ag obair chun na gníomhartha a ghabh sé air féin a chomhlíonadh freisin. Táimid ag tnúth leis an bplean gníomhaíochta deiridh faoin Straitéis a chomhaontú a luaithe is féidir.

### disAbility Legal Network

D'óstáil an disAbility Legal Network imeacht don earnáil dlí i mí an Mhárta 2022 maidir le timpeallachtaí comhionanna éagsúla cuimsitheacha oibre a chruthú ina ndírítear ar earcú agus coinneáil daoine a bhfuil míchumas orthu a mhéadú agus ina dtacaítear le fostaithe bheith ar a gcompord le linn dóibh a stádas míchumais a chur in iúl. Tugadh cuireadh do ÚNM láithreoireacht a thabhairt ar Chultúr Comhionann Éagsúil Cuimsitheach Oibre a Chruthú – Cur Chuige Deartha Uilíoch. Fuarthas aiseolas an-dearfach i leith na láithreoireachta sin. D'fhreastail thart ar 100 duine ar an imeacht, a cumhdaíodh sa Law Society Gazette agus sa nuachtlitir Irish Legal News.

### An Bord Inmheánach um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú – an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

I mí an Mhárta 2022, thug ÚNM láithreoireacht os comhair an Bhoird Inmheánaigh um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ar chultúir chomhionanna éagsúla chuimsitheacha oibre a chruthú trí chur chuige Deartha Uilíoch a úsáid. Cuimsíonn an Bord sin Cathaoirleach, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Cinn Seirbhíse na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí. Mhol an Bord Inmheánach um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú an creat agus an cur chuige sin.

### Láithreoireacht os comhair an Líonra Earcaitheoirí Seirbhíse Poiblí

Bhunaigh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an Líonra Earcaitheoirí Seirbhíse Poiblí chun cabhrú le comhlachtaí poiblí cleachtais earcaíochta níos cuimsithí a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Tá breis agus 40 comhlacht poiblí ina mbaill den Líonra agus bíonn an líon ball ag méadú. Tá ÚNM ina bhall den Líonra agus tugann sé comhairle do chomhlachtaí poiblí ar na bearta is féidir leo a chur chun feidhme chun an íos-sprioc reachtúil fostaíochta do dhaoine a bhfuil míchumas orthu a bhaint amach. Tá an sprioc sin cothrom le 3% faoi láthair, ach méadófar go 6% í faoin mbliain 2025.

I mí Mheán Fómhair 2022, thug ÚNM láithreoireacht os comhair an Líonra Earcaitheoirí Seirbhíse Poiblí ar chultúr comhionann éagsúil cuimsitheach oibre a chruthú trí chur chuige Deartha Uilíoch a úsáid. Chomh maith leis sin, thug ÚNM cuireadh do Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann láithreoireacht a thabhairt ar conas a chuir sé cur chuige Deartha Uilíoch chun feidhme agus ar conas a chuir an cur chuige sin feabhas ar a chultúr oibre agus ar a sheirbhís do chustaiméirí. Chabhraigh ÚNM leis an nGailearaí na hoibleagáidí reachtúla atá air faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, faoi UNCRPD agus faoi Chuid 5 a chomhlíonadh freisin.

**Faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar chomhlíonadh reachtaíochta agus cód cleachtais, lena n-áirítear an tAcht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, an Treoir maidir le hInrochtaineacht Gréasáin, agus Cuid 3 agus Cuid 5 den Acht um Míchumas, chun measúnuithe neamhspleácha a sholáthar ar dhul chun cinn**

## Tuarascáil ar Chomhlíonadh Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005 do 2021

Tá ról reachtúil ag ÚNM i bhfaireachán a dhéanamh ar fhostú daoine a bhfuil míchumas orthu san earnáil phoiblí, ar ról é a eascraíonn as Cuid 5 den Acht um Míchumas 2005. Is í sin an séú tuarascáil déag ó ÚNM ar fhostú daoine a bhfuil míchumas orthu san earnáil phoiblí. Foilsíodh an tuarascáil ar shuíomh Gréasáin ÚNM i mí Eanáir 2023.

Is iad seo a leanas na príomhfhionnachtana ón tuarascáil:

- Ag deireadh na bliana 2021, b'ionann an líon iomlán fostaithe sna comhlachtaí iomchuí earnála poiblí agus 251,552 fhostaí. Is méadú 6,362 fhostaí (+2.6%) é sin i gcomparáid le figiúirí na bliana 2020. Tá áthas ar ÚNM a thabhairt faoi deara gurbh ionann an líon fostaithe a thuairiscigh míchumas agus 9,011 fhostaí (3.6%) sa bhliain 2021, ar méadú 1,374 fhostaí (+18.0%) é i gcomparáid le figiúirí na bliana 2020. Sháraigh an earnáil phoiblí ar an iomlán an íos-sprioc 3% don aonú bliain déag as a chéile.
- Sa bhliain 2021, rinne 186 chomhlacht phoiblí (87.3%) an íos-sprioc 3% a bhaint amach nó a shárú, i gcomparáid le 182 chomhlacht (84.7%) sa bhliain 2020. Sa bhliain 2021, níor shroich 27 gcomhlacht phoiblí (12.7%) an íos-sprioc 3%, i gcomparáid le 33 chomhlacht phoiblí (15.3%) sa bhliain 2020.
- Faoin **Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2015 – 2024**, ghabh an Rialtas air féin an sprioc reachtúil fostaíochta a mhéadú chun gur daoine a bhfuil míchumas orthu a bheidh i 6% ar a laghad d'fhostaithe san earnáil phoiblí faoin mbliain 2025. Tuigeann an tÚdarás go n-achtófar an gealltanas sin trí reachtaíocht sa bhliain 2023. Sa bhliain 2021, thuairiscigh 78 gcomhlacht phoiblí (36.5%) gur daoine a bhfuil míchumas orthu a bhí i 6% ar a laghad dá bhfostaithe.
- Agus í ar an gcomhlacht is mó san earnáil phoiblí, thuairiscigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) feabhas ar a feidhmíocht. Sa bhliain 2021, thuairiscigh an comhlacht poiblí sin méadú +4,063 fhostaí ina líon fostaithe, ó 92,612 fhostaí sa bhliain 2020 go 96,675 fhostaí sa bhliain 2021. Chomh maith leis sin, thuairiscigh an comhlacht poiblí sin méadú idir an bhliain 2020 agus an bhliain 2021 sa líon fostaithe (+994 fhostaí), agus sa chéatadán d'fhostaithe (+1.9%), a thuairiscigh míchumas. Sa bhliain 2020, thuairiscigh 514 fhostaí (0.6%) míchumas. Sa bhliain 2021, tháinig méadú ar an bhfigiúr sin go 1,508 bhfostaí (1.6%).
  Tá ÚNM ag cur comhairle ar FSS arís agus arís eile maidir le bearta a d'fhéadfadh sé a chur chun feidhme chun forbairt a dhéanamh ar phróisis bhailithe sonraí ar féidir leo a léiriú go cruinn cén tionchar atá ag na bearta atá á ndéanamh ag an gcomhlacht poiblí sin chun timpeallacht chuimsitheach oibre a chruthú, ar timpeallacht í ina measann fostaithe go bhfaigheann siad tacaíocht le linn dóibh a stádas míchumais a chur in iúl agus ina ndéantar earcú agus coinneáil daoine a bhfuil míchumas orthu a chur chun cinn agus a chur ar aghaidh freisin.
  I mí an Mheithimh 2020, thionscain ÚNM próiseas straitéiseach idirchaidrimh le foireann ainmnithe a ceapadh in FSS chun díriú ar fheabhas a chur ar fheidhmíocht an chomhlachta phoiblí sin faoi Chuid 5, agus tá sé ag glacadh páirt sa phróiseas sin ón uair sin i leith. Bhí sraith cruinnithe táirgiúla ag ÚNM le FSS mar chuid den phróiseas sin.
- D'óstáil ÚNM roinnt seimineár ar líne do Choistí Faireacháin agus don Líonra Oifigeach

Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas. D'óstáil sé seimineáir do Ranna Rialtais aonair agus do na comhlachtaí atá faoina gcoimirce freisin chun cabhrú leo feabhas a chur ar cháilíocht agus cruinneas na dtuairisceán a dhéanann siad faoi Chuid 5. Bhí áthas ar ÚNM feabhas a fheiceáil ina leith sin.

## Dréachtchinneadh maidir le neamhchomhlíonadh Chuid 5 ag FSS do na blianta 2018 agus 2019

Sna blianta 2018 agus 2019, tháinig méadú ar an líon iomlán fostaithe in FSS ó 87,821 fhostaí sa bhliain 2018 go 88,215 fhostaí sa bhliain 2019 (+394). Tháinig laghdú, áfach, ar an líon agus ar an gcéatadán d'fhostaithe a thuairiscigh míchumas ó 1,176 fhostaí (1.3%) sa bhliain 2018 go 464 fhostaí (0.5%) sa bhliain 2019 (-712,-60.5%).

Faoi alt 49 den Acht um Míchumas 2005, féadfaidh ÚNM tuilleadh faisnéise a iarraidh ó chomhlachtaí poiblí nár bhain an íos-sprioc reatha 3% amach le dhá bhliain as a chéile agus nár thug fianaise dhóthanach i dtuairisceáin Chuid 5 uathu ar na bearta atá i bhfeidhm acu chun na hoibleagáidí atá orthu faoi Chuid 5 a chomhlíonadh.

Tar éis do ÚNM agus do FSS teacht le chéile roinnt uaireanta, chinn an tÚdarás gur cheart dréachtchinneadh maidir le neamhchomhlíonadh do na blianta 2018 agus 2019 a sheoladh chuig FSS. Sheol ÚNM litir agus dréachtchinneadh maidir le neamhchomhlíonadh don tréimhse dhá bhliain sin chuig FSS.

## Ní dhearnadh aon chinntí maidir le neamhchomhlíonadh do na blianta 2019 agus 2020

Chuir ÚNM tuarascáil faoi bhráid an Údaráis maidir le cé acu a bhí nó nach raibh údar ann le dréachtchinntí do na blianta 2019 agus 2020 a eisiúint chuig na comhlachtaí poiblí seo a leanas nár bhain an íos-sprioc 3% amach sna blianta 2019 agus 2020:

- Coillte
- Ospidéal Déidliachta Bhaile Átha Cliath
- Fáilte Éireann

D'aontaigh an tÚdarás gur thug Coillte agus Ospidéal Déidliachta Bhaile Átha Cliath araon faisnéis dhóthanach ar na bearta atá i bhfeidhm acu chun cultúr áit oibre a fhorbairt atá cothromasach, éagsúil agus cuimsitheach, rud a chabhraíonn le comhlíonadh Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005 a fheabhsú le himeacht ama. Cinneadh, mar sin, nach bhfaigheadh ceachtar páirtí cinneadh deiridh maidir le neamhchomhlíonadh do na blianta atá i gceist.

Tar éis tuilleadh comhfhreagrais agus aiseolais a fháil ó Fháilte Éireann, chinn an tÚdarás dréachtchinneadh maidir le neamhchomhlíonadh a eisiúint chuig Fáilte Éireann. Tugadh deis d'Fháilte Éireann freagra a thabhairt ar an dréachtchinneadh sin agus aon fhaisnéis bhreise a sholáthar faoina feidhmíocht faoi Chuid 5. Tháinig foireann ÚNM le chéile le Fáilte Éireann chun roinnt nithe a phlé agus a shoiléiriú tuilleadh. Tar éis tuilleadh faisnéise a fháil ó Fháilte Éireann, moladh don Údarás gan cinneadh deiridh maidir le neamhchomhlíonadh a eisiúint. Cheadaigh an tÚdarás an moladh sin.

## An Páipéar ó ÚNM ar an Athbhreithniú ar Chuid 5

I mí na Nollag 2022, foilsíodh an Páipéar ó ÚNM ar an Athbhreithniú ar Chuid 5 ar shuíomh Gréasáin ÚNM.

Ceann de na moltaí ón Athbhreithniú ar Chuid 5 is ea go n-athfhorbróidh ÚNM ceisteanna (anaithnide) le haghaidh Chuid 5 a athfhorbairt sna céimeanna seo a leanas:

- Méadrachtaí a chur ar áireamh maidir le céim fostaithe, le pá fostaithe, le coinneáil fostaithe, le cén uair a fuarthas míchumas fostaithe, leis an gcineál míchumais, leis na tosca lenar áitíodh ar fhostaithe a stádas míchumais a chur in iúl, le faisnéis eile faoi dhéimeagrafaigh fostaithe, agus le socruithe réasúnacha a sholáthar
- Roghanna a iniúchadh le haghaidh méadrachtaí 'braistinte braite' agus méadrachtaí cáilíochtúla eile chun go n-áireofaí leo mothúcháin mhuintearais san eagraíocht agus mothúcháin go nglactar leo inti, eispéiris bhulaíochta/chiaptha, agus dearcthaí i leith infheictheacht na gceannairí agus a dtiomantais d'éagsúlacht agus cuimsiú san eagraíocht
- A scrúdú conas a léirítear gealltanais éagsúlachta agus chuimsithe i bpróisis na n-eagraíochtaí maidir le bainistíocht feidhmíochta agus le hardú céime ionas go mbeidh fostaithe ar a gcompord agus iad ag comhroinnt faisnéise amhail claonadh gnéasach, stádas míchumais agus faisnéis phearsanta eile amhail iad a bheith ina dtuismitheoir singil, etc.
- Sraith athfhorbartha de cheisteanna Chuid 5 a thástáil agus a athbhreithniú

Sa bhliain 2023, déanfaidh ÚNM óstáil ar roinnt grúpaí oibre chun dul i gcomhairle le geallsealbhóirí iomchuí, lena n-áirítear Coistí Faireacháin, an líonra Oifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas, daoine a bhfuil míchumas orthu, eagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas agus ceardchumainn maidir leis an dóigh is fearr ar féidir an fhaisnéis sin a ghabháil le linn phróiseas tuairiscithe Chuid 5.

## Faireachán ar an Treoir ón Aontas Eorpach maidir le hInrochtaineacht Gréasáin

Toisc gur trasuíodh an Treoir ón Aontas Eorpach maidir le hInrochtaineacht Gréasáin go mall in Éirinn, ceanglaíodh ar ÚNM sa bhliain 2022 aghaidh a thabhairt ar easnamh sa líon athbhreithnithe inrochtaineachta ar shuíomhanna Gréasáin agus feidhmchláir mhóibíleacha comhlachtaí poiblí a rinneadh sa bhliain 2021. Rinneadh 350 Athbhreithniú Simplithe (uathoibrithe), 35 Athbhreithniú Chuimsitheacha (de láimh) agus 13 athbhreithniú ar fheidhmchláir mhóibíleacha sa bhliain 2022 chun an ceanglas sin a chomhlíonadh.

I mí na Nollag 2022, chuir ÚNM Tuarascáil Faireacháin Náisiúnta fhorlíontach faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh. Leagtar béim sna tuarascálacha faireacháin ó ÚNM gur le brandáil, le hinneachar agus le códú a bhaineann na trí phríomh-shaincheist inrochtaineachta ar shuíomhanna Gréasáin earnála poiblí. Is é an toradh atá ar dhrochrogha dathanna brandála le haghaidh suíomhanna Gréasáin ná codarsnacht neamhleor dathanna ar fhormhór na suíomhanna Gréasáin a ndearnadh faireachán orthu. Is neamh-inrochtana atá an chuid is mó den inneachar i bhformáid PDF a fhoilsítear ar shuíomhanna Gréasáin poiblí. Is códaithe go mícheart atá a lán gnéithe idirghníomhacha, amhail foirmeacha, meirgí fianán agus giuirléidí, rud a fhágann nach féidir iad a úsáid le teicneolaíocht chúnta. Is léiriú é sin nach bhfuil próisis leordhóthanacha i bhfeidhm ag a lán comhlachtaí poiblí chun leibhéal leorga inrochtaineachta a chinntiú. Maidir le roinnt comhlachtaí poiblí atá faoi réir faireachán ag ÚNM, áfach, fuair siad sonraí mionsonraithe faireacháin mar aon le rochtain ar threoir agus oiliúint ó ÚNM maidir le feabhas a chur ar chomhlíonadh. Lean ÚNM de fhreagra a thabhairt ar a lán ceisteanna a fuarthas ó chomhlachtaí poiblí i ndáil leis an Treoir maidir le hInrochtaineacht Gréasáin.

Ag obair dó i gcomhpháirt le Cumann Ríomhaireachta na hÉireann, reáchtáil ÚNM seacht gcinn de sheimineáir faisnéise agus de sheimineáir Ghréasáin oiliúna inar pléadh inrochtaineacht Gréasáin agus Dearadh Uilíoch sa bhliain 2022. Áiríodh leo sin topaicí amhail 'Tástáil Inrochtaineachta i bhFeidhmchláir Mhóibíleacha', 'Tosca eagraíochtúla chun feabhas a chur ar inrochtaineacht' agus 'Conas Doiciméid Inrochtana agus Láithreoireachtaí Inrochtana a Chruthú'.

## Ceardlann ón Rialtas maidir le hinrochtaineacht cumarsáidí

Tugadh cuireadh do ÚNM chun láithreoireacht a thabhairt ag imeacht de chuid ECFE (an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta) ar "Cumarsáidí poiblí inrochtana cuimsitheacha" maidir leis an gcur chuige beartais agus dlíthiúil atá á ghlacadh ag Stát na hÉireann i leith inrochtaineacht gréasáin. Thug Seirbhís Faisnéise an Rialtais (Roinn an Taoisigh) cuireadh do ÚNM ina dhiaidh sin chun comhairle a thabhairt maidir le hinrochtaineacht a cuid oibre agus maidir lena hoibleagáidí faoin Treoir ón Aontas Eorpach maidir le hInrochtaineacht Gréasáin. Tá ÚNM ag déanamh gníomh leantach le haonad Sheirbhís Faisnéise an Rialtais chun teacht ar chomhaontú faoi ghníomhartha chun feabhas a chur ar chumarsáidí rialtais faoin Treoir ón Aontas Eorpach maidir le hInrochtaineacht Gréasáin. Chomh maith leis sin, leanann ÚNM d'idirchaidreamh a dhéanamh le príomhghníomhaireachtaí agus príomhranna maidir le hinrochtaineacht a seirbhísí ar líne, lena n-áirítear Seirbhís Faisnéise an Rialtais, Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais, FSS, an Roinn Coimirce Sóisialaí agus an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil.

## Tuarascáil Chothrománach Faireacháin ar Chuid 3 den Acht um Míchumas – An Cód Cleachtais maidir le hInrochtaineacht Seirbhísí Poiblí agus Faisnéise a chuireann Comhlachtaí Poiblí ar fáil



Faoin Acht um Míchumas 2005 ("an tAcht"), tá dualgas dlíthiúil ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú gurb inrochtana do dhaoine a bhfuil míchumas orthu, a mhéid is indéanta, atá a gcuid faisnéise, earraí agus seirbhísí agus na limistéir phoiblí dá bhfoirgnimh. Déantar cur síos ar na dualgais dhlíthiúla sin faoi ailt 25, 26, 27, 28 agus 29 den Acht.

Faoin Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999, tá ról reachtúil ag ÚNM i "bhfaireachán a dhéanamh ar fhorfheidhmiú caighdeán agus Cód Cleachtais i gcláir agus seirbhísí a sholáthraítear do dhaoine a bhfuil míchumas orthu agus tuarascáil a thabhairt don Aire ar an gcéanna". Maidir le comhlachtaí poiblí a chomhlíonann an Cód, meastar go bhfuil siad ag comhlíonadh a n-oibleagáidí dlíthiúla maidir le hinrochtaineacht faoi Chuid 3, ailt 26-28, den Acht.

Chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an Chóid, rinne ÚNM meastóireacht dheascbhunaithe ar chomhréireacht gach comhlachta phoiblí i gcomparáid le ceanglais reachtúla shonracha atá leagtha amach san Acht agus sa Chód maidir leo seo:

### Oifigeach Rochtana Alt 26(2)

Faoi mar atá leagtha amach faoi alt 26 den Acht um Míchumas 2005, tá ceanglas reachtúil ar chomhlachtaí poiblí Oifigeach Rochtana a cheapadh san eagraíocht.

Mar chuid den ghníomhaíocht faireacháin sin, rinneadh faireachán ar shuíomhanna Gréasáin gach comhlachta phoiblí i gcomparáid leis an táscaire seo a leanas chun a mheas ar cuireadh nó nár cuireadh an fhaisnéis riachtanach chun cinn i ndáil leis an Oifigeach Rochtana:

- Cur chun cinn cheapadh an Oifigigh Rochtana
- Faisnéis faoi conas teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Rochtana
- Roinnt cainéal cumarsáide le haghaidh teagmháil a dhéanamh leis/léi.

Rinne foireann faireacháin ÚNM meastóireacht ar an bhfaisnéis a tugadh ar shuíomhanna Gréasáin 292 chomhlacht phoiblí agus rinne sí measúnú ar chomhréireacht i gcomparáid leis an táscaire thuas a díorthaíodh ón gCód Cleachtais.

Sular scaipeadh an tuarascáil, thionóil ÚNM cruinniú comhchéime i mí na Samhna 2022 le hionadaithe ó gach Roinn chun an faireachán ar an gCód sin, an mhodheolaíocht agus na fionnachtana ardleibhéil a phlé.

Cuireadh an tuarascáil inar léiríodh fionnachtana an chleachtaidh faireacháin sin ó ÚNM faoi bhráid Ard-Rúnaí gach Roinne faoi seach i mí na Nollag 2022. Tá ÚNM ag tabhairt deis do Ranna agus do chomhlachtaí poiblí gaolmhara na fionnachtana a bhreithniú agus, i gcás gurb iomchuí, dul i mbun gnímh chun aghaidh a thabhairt ar aon bhearnaí a sainaithníodh sa tuarascáil faireacháin.

Beidh go dtí deireadh mhí an Mhárta 2023 ag Ranna agus ag comhlachtaí poiblí chun teacht ar ais le leasuithe ar a suíomhanna Gréasáin roimh fhoilsiú na tuarascála.

**Beartais agus cláir a mheas chun a chinntiú go bhfuil na cuspóirí beartaithe á mbaint amach acu**

## Conas atá ag éirí leis? Suirbhé Náisiúnta ar Fholláine agus Cuimsiú Sóisialta in Éirinn

Sna fionnachtana ón Athbhreithniú Lár Téarma ar an Dul Chun Cinn ar an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais i gcomparáid le táscairí roghnaithe a socraíodh, tugadh le fios nach dtugtar léargas iomlán leis an táscaire a socraíodh ar thaithí fíorshaoil na ndaoine a bhfuil míchumas orthu. Chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna sin, rinne ÚNM suirbhé ar fholláine agus ar chuimsiú sóisialta chun faisnéis bhreise a bhailiú faoi eispéireas na ndaoine faoi mhíchumas a chónaíonn in Éirinn. Bhí sé mar aidhm leis an suirbhé, go háirithe, folláine agus cuimsiú sóisialta na ngrúpaí imeallaithe i sochaí na hÉireann a scrúdú.

Comhlánaíodh 2,052 shuirbhé san iomlán. Suirbhé roghnach ar líne go príomha ba ea an suirbhé agus, dá bhrí sin, níl sé ionadaíoch do phobal na hÉireann ina iomláine.

Rinneadh idirdhealú i bhfionnachtana an tsuirbhé idir freagraithe a thuairiscigh míchumas go pointe mór agus na freagraithe sin a thuairiscigh míchumas go pointe éigin ach ní go pointe mór. De bharr an imdhealaithe sin, bhíomar in ann a fheiceáil go bhfuil taithí fíorshaoil na bhfreagraithe a bhfuil míchumas orthu fíordhifriúil leo sin a bhfuil míchumas orthu go pointe éigin ach ní go pointe mór agus leo sin nár thuairiscigh míchumas. Tugtar le fios i sonraí an tsuirbhé gurb ann do leibhéil níos airde deacrachtaí, do thorthaí níos measa agus do leibhéil níos ísle folláine ar fud raon leathan beart do fhreagraithe a bhfuil míchumas orthu go pointe mór i gcomparáid leo sin a bhfuil míchumas orthu go pointe éigin ach ní go pointe mór agus leo sin nach bhfuil aon mhíchumas orthu.

Is é atá sa suirbhé sin ar fholláine agus ar chuimsiú sóisialta ná breisiú tábhachtach ar an bhfaisnéis atá ann cheana faoin eispéireas atá ag daoine atá ina gcónaí in Éirinn agus míchumas orthu agus is féidir go gcabhróidh sé leis an meastóireacht ar thionchar na Straitéise Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais. Is féidir freisin go gcuirfear na fionnachtana ón suirbhé sin san áireamh le linn forbairt a dhéanamh ar an straitéis nua le haghaidh UNCRPD a chur chun feidhme, rud a fhorbrófar sa bhliain 2023. Tá an tuarascáil ar fhionnachtana an tsuirbhé le seoladh sna míonna tosaigh den bhliain 2023.




## Athbhreithniú ar obair ÚNM ar Dhearcthaí i leith Míchumais

Sheol ÚNM suirbhéanna ar dhearcthaí an phobail i leith míchumais sna blianta 2001, 2006, 2011 agus 2017. Cumhdaíodh raon topaicí sna suirbhéanna, lena n-áirítear eolas ar mhíchumas agus dearcthaí i leith míchumais san áit oibre, i scoileanna agus sa chomharsanacht. Sa bhliain 2022, sheolamar athbhreithniú ar ár n-obair ar dhearcthaí chun bonn eolais a chur faoi cé acu a leanfaimis nó nach leanfaimis dár suirbhéanna gach cúig bliana ar dhearcthaí agus cé acu atá nó nach bhfuil siad ar an gcur chuige is fearr i leith dearcthaí a thomhas.

Bhí an t-athbhreithniú comhdhéanta de thrí chuid:

- Athbhreithniú litríochta ar dhearcthaí i leith daoine faoi mhíchumas, rud inar aimsíodh gur phríomhthoisc lena ndéantar difear do dhearcthaí í teagmháil le daoine faoi mhíchumas.
- Athbhreithniú litríochta ar mhodhanna a úsáidtear chun dearcthaí i leith míchumais a thomhas, rud inar aimsíodh gur féidir le modhanna díreacha chun dearcthaí a thomhas, mar shampla, trí shuirbhéanna ÚNM, a bheith faoi réir claontachta agus gur féidir gur fearr modhanna indíreacha.

- Suirbhé ó ESRI inar úsáideadh roinnt modhanna turgnamhacha indíreacha chun dearcthaí i leith míchumais a thomhas, lena n-áirítear turgnaimh liosta, fínéid agus frámaí beartais chun fairsinge na claontachta i modhanna díreacha a dhéanamh amach agus chun na hathruithe i ndearcthaí a dhéanamh amach de réir mar a thagann na comhbhabhtálacha i roghanna beartais chun solais.

Ní cúram éasca é dearcthaí na sochaí i leith daoine a bhfuil míchumas orthu a thomhas, agus níl aon chur chuige aonair ann atá lán-iontaofa nó gan chonspóid. Léirítear i bhfionnachtana an athbhreithnithe litríochta gur gnách nach n-athraíonn dearcthaí mórán le himeacht ama. Comhdhearcadh cointiantachta a aimsíodh tríd an athbhreithniú ar mhodhanna is ea gur féidir gur cur chuige róshimplíoch é cur chuig dearcthaí a thomhas ar bhealach díreach agus go mbíonn torthaí laghdaitheacha aige le himeacht ama agus nach dtugann sé léargas iomlán ar dhearcthaí. Tá comhdhearcadh éiritheach ann freisin gurb amhlaidh, maidir le dearcthaí a thomhas go díreach trí úsáid a bhaint as modhanna amhail féintuairisciú i suirbhéanna nó ceistiú duine le duine, a d'fhéadfadh sé a bheith neamhiontaofa agus ba cheart é a fhorlíonadh le modhanna eile, lena n-áirítear iad sin lena mbaineann modhanna tomhais indírigh.

Faightear amach san obair a rinne ESRI go dtarlaíonn sé, trí dhearcthaí i leith míchumais a thomhas go hindíreach, go mbíonn roinnt claontachta ann – claontacht inmhianaitheachta sóisialta, is dócha – a mhúnlaíonn na freagraí a thugtar, bunaithe ar na ceisteanna díreacha aghaidh ar aghaidh a chuir ÚNM ina shraith suirbhéanna dearcthaí san am atá thart. Tugtar le tuiscint san fhionnachtain sin nach léirítear dearcthaí sochaíocha i leith míchumais go hiomlán i dtorthaí substainteacha na sraithe suirbhéanna dearcthaí sin.

Is ionann na fionnachtana ó na trí phíosa oibre sin agus rannchuidiú suntasach leis an eolas ar dhearcthaí a thomhas agus leis an tuiscint ar dhearcthaí sochaíocha i leith míchumais in Éirinn. De bhreis air sin, is amhlaidh, trí phróisis chomhairliúcháin agus idirghníomhartha le hEagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas agus le ÚNM, a thug ÚNM leibhéal íseal tacaíochta faoi deara, tríd is tríd, don tsraith ar dhearcthaí an phobail, rud a tharlaíonn go minic de bharr aitheantais i measc daoine a bhfuil míchumas orthu gur féidir le dearcthaí a chuirtear in iúl go díreach a bheith neamhiontaofa agus neamh-chomhsheasmhach lena dtaithí fíorshaoil ar an idirdhealú in Éirinn. I bhfianaise na dtosca comhthéacsúla sin, tá ÚNM ag déanamh tuilleadh iniúchta ar conas is fearr is féidir aghaidh a thabhairt ar dhearcthaí an phobail i leith míchumais ina chuid oibre sa todhchaí agus iad a ghabháil.

## Seimineár Gréasáin an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI): Deiseanna éiritheacha i gcaighdeáin deartha dár dtimpeallacht thógtha

D'oibrigh an Lárionad Sármhaitheasa i ndlúthchomhar leis an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann chun seimineár Gréasáin a eagrú i mí an Mhárta maidir leis an gcaighdeán nua dar teideal I.S. EN 17210:2021 Inrochtaineacht agus inúsáidteacht na timpeallachta tógtha – Ceanglais fheidhmiúla, agus lena tuarascáil theicniúil ghaolmhar S.R. CEN/TR 17621 Inrochtaineacht agus inúsáidteacht na timpeallachta tógtha – Critéir feidhmíochta teicniúla agus sonraíochtaí. Is iad na caighdeáin sin na chéad chaighdeáin riamh ar an leibhéal Eorpach chun aghaidh a thabhairt ar inrochtaineacht na timpeallachta tógtha. Ba í Selina Bonnie, Oifigeach Rochtana i gComhairle Contae Átha Cliath Theas, an spreagchainteoir ag an imeacht, áit ar thug sí an láithreoireacht uaithi dar teideal 'Dearadh Uilíoch: pobail inbhuanaithe bheoga a bhunú'. Ghníomhaigh an Lárionad Sármhaitheasa mar óstach don imeacht agus thug sé láithreoireacht ar an gcomhthéacs le haghaidh na caighdeáin a úsáid. Tá an seimineár Gréasáin ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann.


# Tosaíocht Straitéiseach 3

# Tosaíocht Straitéiseach 3

**"Gníomhaíochtaí a chur ar aghaidh chun feasacht ar Dhearadh Uilíoch, agus an mórghlacadh le Dearadh Uilíoch, a chur chun cinn ar fud na hÉireann"**

**An glacadh le Dearadh Uilíoch a spreagadh agus cur chun feidhme Deartha Uilíoch a chothú**

## Anailís Costais is Tairbhe ar Thithe Deartha Uilíoch




Le linn na bliana 2022, rinneadh dul chun cinn ar Anailís Costais is Tairbhe a fhorbairt ar Thithe Deartha Uilíoch. Tá an próiseas comhairliúcháin le geallsealbhóirí le haghaidh an tionscadail ar siúl fós. Ar na comhairlithe go dtí seo tá daoine aonair a bhfuil taithí fíorshaoil acu ar mhíchumas, cúramóirí, daoine léinn, ionadaithe don tionscal, Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe, saineolaithe teicniúla ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach, agus baill de Ghrúpa Comhairleach Teicniúil an tionscadail. Tá athbhreithniú litríochta agus obair anailísithe sonraí ar siúl fós chun tacú leis an tionscadal. Cuireadh an cruinniú is déanaí de Ghrúpa Comhairleach Teicniúil an tionscadail ar siúl sa cheathrú ráithe den bhliain 2022. Rinne Grúpa Comhairleach Teicniúil an tionscadail ullmhú agus athbhreithniú sa cheathrú ráithe den bhliain 2022 ar shuirbhé a raibh mar aidhm leis taithí daoine aonair ar inrochtaineacht sa bhaile a thomhas, agus tá ullmhúcháin á ndéanamh chun an suirbhé a dháileadh ar Údaráis Áitiúla agus ar Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe.

## Seoladh na dTreoirlínte maidir le Cáilíocht na Beatha a Fheabhsú agus Rialú Ionfhabhtuithe COVID-19 a Bhreisiú i Suíomhanna Cúraim Chónaithe atá ann cheana do Dhaoine Scothaosta

Rinneadh na treoirlínte Deartha Uilíoch seo agus an taighde atá mar bhonn agus thaca acu a thionscnamh agus a chur i gcrích le linn phaindéim COVID-19 agus díríodh iontu ar shuíomhanna cúraim chónaithe fhadtéarmaigh atá ann cheana do dhaoine scothaosta in Éirinn. Sheol Anne Rabbitte TD, an tAire Stáit le freagracht as Míchumas, iad go foirmiúil i mí an Mhárta ag seimineár Gréasáin de chuid an Lárionaid Sármhaitheasa. Áiríodh na nithe seo a leanas leis an seimineár Gréasáin: fianaise ó chónaitheoirí i dtithe altranais ar a n-eispéiris le linn phaindéim Covid-19, agus láithreoireachtaí ar an taighde agus ar na treoirlínte ó Tom Grey agus Dimitra Xidous, ó TrinityHaus, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, a conraíodh chun an obair a dhéanamh. Tá an físeán den seoladh ar fáil ar YouTube. Áirítear na nithe seo a leanas leis na príomh-mholtaí atá foilsithe sa treoir:

- Féachaint le líon níos lú cónaitheoirí a bheith ann san aon fhoirgneamh amháin
- An tábhacht a bhaineann le dea-aeráil sna seomraí leapa agus sna tithe ina n-iomláine
- Spásanna amuigh faoin spéir a úsáid chun dul chun tairbhe d'fholláine

## Láithreoireacht ag seoladh TrinityHaus ar ról na timpeallachta tógtha i gcáilíocht na beatha agus bearta rialaithe ionfhabhtuithe a chothromú i suíomhanna Cúraim Chónaithe Fhadtéarmaigh

I mí na Bealtaine, thug an Lárionad Sármhaitheasa láithreoireacht ar Dhearadh Uilíoch agus Cáilíocht na Beatha ag siompóisiam ar eagraigh TrinityHaus é chun seoladh a dhéanamh ar thuarascáil taighde ar chistigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann í agus ar mholtaí maidir le ról na timpeallachta tógtha i gcáilíocht na beatha agus bearta rialaithe ionfhabhtuithe a chothromú i suíomhanna cúraim chónaithe fhadtéarmaigh. Ba é a bhí san obair sin ná tuarascáil taighde

níos cuimsithí a tháinig sna sála ar thionscadal ar chistigh an Lárionad Sármhaitheasa é agus inar díríodh ar rialú ionfhabhtuithe Covid-19 agus ar cháilíocht na beatha i suíomhanna cúraim chónaithe altranais atá ann cheana do dhaoine scothaosta.

### Nuashonrú ar an bhFoireann Uirlisí Cumarsáidí Custaiméirí

San Fhoireann Uirlisí Cumarsáidí Custaiméirí le haghaidh na Seirbhíse Poiblí – Cur Chuige Deartha Uilíoch (Foireann Uirlisí Cumarsáidí), tugtar roinnt samplaí den dearadh dea-chleachtais le haghaidh Cumarsáidí i Scríbhinn, Cumarsáidí ó Bhéal, Cumarsáidí Teanga Comharthaíochta agus Cumarsáidí Digiteacha. Foilsíodh í den chéad uair sa bhliain 2017, bunaithe ar shraith foirne uirlisí a ullmhaíodh chun Caighdeáin Náisiúnta ghaolmhara a chomhlánú.

Nuashonraíodh an Fhoireann Uirlisí Cumarsáidí sa bhliain 2019 agus díríodh sa nuashonrú sin ar Theanga Chomharthaíochta na hÉireann. Sa bhliain 2020, forbraíodh forlíonadh le haghaidh cruinnithe inrochtana ar líne. Tá an Fhoireann Uirlisí Cumarsáidí á nuashonrú tuilleadh chun go mbeidh sí ar aon dul leis an reachtaíocht reatha, leis an mbeartas reatha, leis an úsáid téarmaíochta reatha agus leis an dea-chleachtas reatha.

Tá an Lárionad Sármhaitheasa ag comhoibriú leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, leis an Líonra Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus leis an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh, agus tá sé ag déanamh idirchaidreamh le geallsealbhóirí éagsúla, lena n-áirítear Eagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas. Ag obair di le tacaíocht ón Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh, bhainistigh Foireann Tionscadail ÚNM/na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an ghníomhaíocht eagarthóireachta trí úsáid a bhaint as na nósanna imeachta a úsáidtear de ghnáth le linn caighdeáin a fhorbairt. Tá sé beartaithe go gcuirfear an Fhoireann Uirlisí nuashonraithe i gcrích sna míonna tosaigh den bhliain 2023 agus go n-athsheolfar í i mí an Mhárta 2023.

### Comhdháil Walk21 Ireland

Thug an Lárionad Sármhaitheasa láithreoireacht ag Comhdháil Walk21 Ireland i mí Mheán Fómhair mar chuid de sheisiún dar teideal 'Meastóireacht a Dhéanamh ar Thimpeallachtaí agus a nInsiúltacht'. Príomhthéama de chuid na comhdhála ba ea 'Gach Duine a Bhíonn i mBun Siúil a Chuimsiú'. Sa láithreoireacht ón Lárionad Sármhaitheasa, díríodh ar a chuid oibre le hAoisbhá Éireann ar iniúchóireacht insiúltachta. Ba é 'Ón Leibhéal Áitiúil go dtí an Leibhéal Náisiúnta: Cur chuige Deartha Uilíoch i leith Bailte Insiúlta' teideal na láithreoireachta sin. Mar chuid den láithreoireacht, thaispeáin an Lárionad Sármhaitheasa físeán gairid faoin iniúchadh insiúltachta i gCill Rois, rud ar éascaigh Aisling Glynn, comhalta Boird, é.

### Comhdháil an Ghréasáin do Chách, 2022

Bhí páirt lárnach ag an Lárionad Sármhaitheasa i gcomhdháil an Ghréasáin do Chách, 2022, a eagrú agus a reáchtáil. An 19ú ceann de Chomhdháil an Ghréasáin do Chách (W4A'22), atá ar an bpríomhionad le haghaidh taighde ar inrochtaineacht Gréasáin, cuireadh ar siúl é i mí Aibreáin 2022 mar imeacht fíorúil. Bhí Comhdháil an Ghréasáin do Chách comhshuite leis an 31ú ceann de Chomhdháil Idirnáisiúnta an Ghréasáin Dhomhanda – TheWebConf'22.

Díríodh sa chomhdháil ar na gnéithe uile d'inúsáidteacht Gréasáin, agus béim ar leith á leagan ar a chinntiú gurb inrochtana don raon is leithne daoine agus is féidir a bhíonn na huirlisí a úsáidtear ar bhonn chomh coitianta sin. Ba é 'Inrochtaineacht i Saol Hibrideach' téama foriomlán na comhdhála.

Rud lenar bhain ábharthacht ar leith d'obair an Lárionaid Sármhaitheasa ba ea na láithreoireachtaí i réimse an oideachais agus na spreagaithisc inar leagadh béim ar an ngá le cuimsiú do chách, in ionad inrochtaineacht do dhéimeagrafaigh shonracha. Chuir Julio Abascal Spreagaitheasc William Loughborough, rud inar pléadh ról an chuimsithe sa ríomhRialtas. Ós rud é go rabhthas ar tí an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht a thrasuí, b'ábhar machnaimh agus spreagaitheasc tráthúil araon é an spreagaitheasc sin.

### Modúl ríomhfhoghlama – Foirgnimh do Chách: Banc Ceannais na hÉireann

Rinne Anne Rabbitte TD, an tAire Stáit le freagracht as Míchumas, modúl nua ríomhfhoghlama ar Dhearadh Uilíoch sa timpeallacht thógtha a sheoladh ag ár gcomhdháil bhliantúil an 20 Deireadh Fómhair. Tá an modúl bunaithe ar chás-staidéar ó Bhanc Ceannais na hÉireann, rud a rinne Henry J Lyons, duine a bhuaigh Gradam Deartha Uilíoch Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann.

Sa mhodúl, míníonn an cliant, an t-ailtire agus an sainchomhairleoir rochtana na tairbhí a bhaineann le cur chuige Deartha Uilíoch a ghlacadh ó thús an phróisis deartha i leith. Trí fhíseáin idirghníomhacha, léiríonn baill foirne sa Bhanc Ceannais na gnéithe den fhoirgneamh a oireann go maith dóibh. Ba é cuspóir an mhodúil ríomhfhoghlama ná eolas a thabhairt d'ailtirí go háirithe agus do gach gairmí timpeallachta tógtha freisin faoi na príomhthairbhí a bhaineann le cur chuige deartha uilíoch a úsáid le linn foirgnimh atá inrochtana agus éasca le húsáid a dhearadh agus a thógáil.

### Láithreoireacht ag Seimineár Gréasáin de chuid Aoisbhá Éireann ar Spásanna Amuigh faoin Spéir agus ar Fhoirgnimh

I mí na Bealtaine, thug an Lárionad Sármhaitheasa láithreoireacht ar Dhearadh Uilíoch: Timpeallacht níos cuimsithí a sholáthar do chách, ag seimineár Gréasáin idirnáisiúnta de chuid Aoisbhá Éireann ar Spásanna Amuigh faoin Spéir agus ar Fhoirgnimh. Tá taifeadadh den ócáid ar fáil ar YouTube.

### Seimineár Gréasáin: Dearadh Dúinn Féin sa Todhchaí: Cineálacha Athraitheacha Cur Chuige le haghaidh Tithíocht Chuimsitheach

I mí an Mheithimh, d'óstáil an Lárionad Sármhaitheasa seimineár Gréasáin i dteannta Rodd Bond, ailtire, arbh é cathaoirleach an aoighiúiré le haghaidh Ghradam Deartha Uilíoch Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann, 2022, é. Thug Rodd láithreoireacht ar a chuid oibre ar an tábhacht a bhaineann leis an sainchúram tionscadail le haghaidh dearadh uilíoch agus cuimsitheachta, le cineálacha athraitheacha cur chuige sa tithíocht ar fud an chontanaim riachtanas, agus leis an idirghaolmhaireacht idir cáilíocht na timpeallachta agus an cultúr seirbhíse maidir le réitigh thithíochta inbhuanaithe a sholáthar. D'fhreastail thart ar 100 duine ar an seimineár Gréasáin. Taifeadadh an seimineár Gréasáin agus tá sé ar fáil ar YouTube.

## Comhairle beartais a sholáthar trí threoirlínte agus trí chaighdeáin chun tacú leis an dea-chleachtas sa dearadh seirbhísí agus táirgí do gach saoránach

### Athbhreithniú ar Chuid M chun foráil a dhéanamh do Leithris is Áiteanna Feistis

Cuireadh comhairliúchán poiblí ar siúl idir mí Feabhra agus mí na Bealtaine 2022 ar na leasuithe beartaithe ar Chuid M de na rialacháin foirgníochta chun foráil a dhéanamh do Leithris is Áiteanna Feistis. I mí Mheán Fómhair, thionóil an Roinn cruinniú den Ghrúpa Oibre um Leithris is Áiteanna Feistis, a bhfuil ÚNM ina bhall de. Tuairiscíodh go ndearnadh breis agus 600 aighneacht chuig an gcomhairliúchán, agus thart ar 400 ceann díobh curtha isteach ag daoine aonair a dteastaíonn uathu Leithris is Áiteanna Feistis a úsáid. Ba é sin ceann de na líonta is airde aighneachtaí

comhairliúcháin ar rialacháin foirgníochta a bhfuair an Roinn é riamh. Rinne an Grúpa Oibre athbhreithniú ar na haighneachtaí a fuarthas agus rinne sé na leasuithe deiridh ar na rialacháin, a foilsíodh ón uair sin i leith.


Áiríodh le roinnt aighneachtaí tuairimí a bhain le saincheisteanna nach raibh faoi raon feidhme na rialachán foirgníochta. Iarradh ar ÚNM treoirlínte a fhorbairt chun na saincheisteanna sin a chumhdach, lena n-áirítear Leithris is Áiteanna Feistis a bhainistiú agus a chothabháil. Tagraíonn an Roinn do na treoirlínte sa leagan athbhreithnithe de Threoirdhoiciméad Teicniúil M. Beidh na treoirlínte sin bunaithe ar an dréachtbhileog eolais maidir le Leithris is Áiteanna Feistis, rud ar chuir ÚNM tús leis roimhe sin ach ar chuir sé ar sos é go dtí go gcríochnófaí an tAthbhreithniú ar Chuid M. Chun na treoirlínte a chríochnú, beidh sé riachtanach tuilleadh mionsonraí a chur leo agus an dréachtdoiciméad roimhe a fhorbairt. Tá próiseas tairisceana ar siúl chun é sin a chríochnú faoin tríú ráithe den bhliain 2023.

## Cruinniú leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún / Dréacht-Phlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath, 2022-2028

Bhí cruinniú ag an Lárionad Sármhaitheasa leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún i mí Lúnasa 2022. D’iarr an Ghníomhaireacht Forbartha Talún an cruinniú chun Dearadh Uilíoch ina forbairtí árasán nua a phlé. Le linn an chruinnithe, luaigh sí an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag an leagan nua de Phlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath ar a cuid oibre. Sonraítear sa dréachtchuspóir:

> Tá sé mar chuspóir ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath: A chinntiú gur cheart 50% de na hárasáin in aon fhorbairt a cheanglaítear a bheith níos mó ná na híosmhéideanna a bheith deartha chun go mbeadh siad oiriúnach do dhaoine scothaosta/do dhaoine a bhfuil lagú soghluaisteachta orthu agus do dhaoine a bhfuil míchumas orthu de réir na dtreoirlínte atá leagtha amach sna Treoirlínte maidir le Dearadh Uilíoch do Thithe Cónaithe in Éirinn, 2015, sa Lámhleabhar Deartha ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maidir le Tithíocht Ardchaighdeáin, 2022, agus sa Ráiteas Beartais ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus ón Roinn Sláinte faoi Roghanna Tithíochta dár nDaonra atá ag Aosú, 2019.

D’aontaigh an Lárionad Sármhaitheasa le cruinniú eile a bheith aige leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún chun comhairle a thabhairt maidir le Dearadh Uilíoch a chur san áireamh ina forbairtí árasán.




*Ailtire Rodd Bond ag labhairt ag Designing for our Future Selves Together: Evolving Cur chuige do sheimineár gréasáin Tithíocht Uilechuimsitheach*

## Caighdeáin maidir le hinrochtaineacht don Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht

D'eisigh an Coimisiún Eorpach Iarraidh ar Chaighdeánú chuig na Coistí Caighdeán Eorpach chun caighdeáin maidir le hinrochtaineacht a fhorbairt chun bheith mar bhonn agus thaca ag an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht. Tá an Lárionad Sármhaitheasa ina bhall de Ghrúpa Sealadach na hIarrata ar Chaighdeánú Caighdeán Eorpach um Inrochtaineacht chun comhairle a thabhairt maidir leis an iarraidh. Sheol an Coimisiún vóta le déanaí ar an dréacht-Iarraidh ar Chaighdeánú maidir le hInrochtaineacht laistigh den Choiste um Chaighdeáin, rud a tháinig chun deiridh ag deireadh mhí Iúil 2022. Ba dhearfach a bhí an toradh ar an vóta sin. Ghlac Comhaltaí de Bhord Teicniúil an Choiste Eorpaigh um Chaighdeánú agus Toscairí Buana Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (CENELEC) leis an Iarraidh sin ar Chaighdeánú. De bharr na gníomhaíochta sin, éileofar ar bhaill foirne den Lárionad Sármhaitheasa páirt a ghlacadh, i gcomhar leis an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, i gcoistí náisiúnta caighdeán chun rannchuidiú le forbairt na gcaighdeán beartaithe a chomhchuibheofar agus a bheidh mar bhonn agus thaca ag an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht.

## Comhairliúchán Poiblí ón gCoimisiún um Rialáil Fóntais (CRU) ar an Lámhleabhar Soláthraithe Leictreachais agus Gáis 2021

Chuir ÚNM freagra isteach ar chomhairliúchán poiblí a sheol an Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRU) ar an Lámhleabhar Soláthraithe Leictreachais agus Gáis 2021. Bhain na barúlacha a cuireadh isteach leis na nithe seo a leanas go príomha: tagairt a dhéanamh don reachtaíocht lena gceanglaítear ar sholáthraithe leictreachais agus gáis Prionsabail an Deartha Uilíoch a chur i bhfeidhm maidir lena gcumarsáidí le custaiméirí; agus tagairt a dhéanamh do chaighdeán IS 374:2019 a forbraíodh chun cabhrú le soláthraithe a gceanglais dhlíthiúla a chomhlíonadh agus téarmaíocht a úsáid i gceart.

## Treoir agus comhairle a thabhairt maidir le curaclaim chun acmhainn a thógáil, lena n-áirítear Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim a chomhtháthú

## Na Treoirlínte Deartha Uilíoch do Shuíomhanna Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige

Is comhpháirtí leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) é ÚNM ar thionscadal le haghaidh cur chun feidhme a dhéanamh ar na "Treoirlínte Deartha Uilíoch do Shuíomhanna Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige" (UDG4ELCS). Bhunaigh ÚNM agus RLCMLÓ Foireann Tionscadail chun gníomh leantach a dhéanamh de bhun fhoilsiú UDG4ELCS chun cur chun cinn a dhéanamh ar thuiscint agus glacadh UDG4ELCS ag oideoirí/cleachtóirí Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile agus ag gairmithe timpeallachta tógtha a bhfuil baint acu le suíomhanna Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile a dhearadh, a phleanáil agus a thógáil. Is mar a leanas atá an obair atá le cur i gcrích: Straitéis Cumarsáide – a bheidh mar bhonn eolais faoi Thionscadal Cur Chun Feidhme UDG4ELCS;

- Suíomh Gréasáin agus inneachar – lena méadófar an fheasacht ar UDG4ELCS; agus,
- Dhá mhodúl ríomhfhoghlama – lena gcabhrófar le forbairt acmhainne UDG4ELCS.

Ag teacht sna sála ar phróiseas rathúil tairisceana, tá an obair sin le tosú sna míonna tosaigh den bhliain 2023.

## Dearadh Uilíoch ar an Leibhéal Bunscoile

Lean an Lárionad Sármhaitheasa dá chomhpháirtíocht le Junior Achievement Ireland (JAI) chun clár Chumhacht an Deartha a sholáthar, rud lena n-áirítear inneachar Deartha Uilíoch. Tríd is tríd, is é is Cumhacht an Deartha ann ná ceardlann lándéanta a soláthraíonn meantóirí deonacha í agus lena dtugtar tús eolais ar an Dearadh Uilíoch do dhaltaí 12 bhliain d'aois i seomraí ranga bunscoile agus do na múinteoirí éascaithe agus na meantóirí deonacha gairmiúla lena mbaineann. Léiríodh sna meastóireachtaí ar Chumhacht an Deartha 2021-22 gur baineadh torthaí sármhaithe amach le haghaidh cuspóirí an tionscadail agus na torthaí foghlama beartaithe a chomhlíonadh agus léiríodh iontu go raibh spéis láidir ag na geallsealbhóirí uile (daltaí, múinteoirí agus oibrithe deonacha) i gclár Chumhacht an Deartha. Conraíodh ÚNM le haghaidh tionscadal le JAI chun clár Chumhacht an Deartha a sholáthar sna téarmaí scoile 2022-23. Ar bhunspriocanna inghnóthaithe an tionscadail tá 50 ceann de cheardlanna Chumhacht an Deartha i seomraí ranga bunscoile, clár cumaisc the Chumhacht an Deartha a bheachtú, Foireann Uirlisí a sholáthar lena húsáid ag na hoibrithe deonacha gairmiúla i seirbhís lena gcomhghleacaithe tar éis dóibh an clár a chur i láthair sna scoileanna, agus comhordú a thriail idir Cumhacht an Deartha agus na cláir chomórtais ealaíne 'Duine Cosúil Liomsa' de chuid ÚNM do bhunscoileanna.

## Dearadh Uilíoch in THE BIG IDEA de chuid Institiúid na nDearthóirí in Éirinn

Tá an Lárionad Sármhaitheasa i mbun comhpháirtíochta leanúnaí le hInstitiúid na nDearthóirí in Éirinn ó bhí an bhliain 2012 ann chun Dearadh Uilíoch a chur chun cinn i measc an phobail deartha. Tá Institiúid na nDearthóirí in Éirinn cleamhnaithe le clár oideachais THE BIG IDEA, ar clár é lena dtugtar éiteas deartha chruthaithigh isteach atá bunaithe ar théamaí sóisialta do scoláirí Idirbhliana. Tá sé mar chuspóir le THE BIG IDEA scoláirí a chumhachtú trí fhoghlaim atá bunaithe ar fhiosrú, agus smaointeoireacht chriticiúil á forbairt trí thionscadail atá comhfhiosach ón taobh sóisialta de, atá dírithe ar an duine agus lena gcomhcheanglófar iad lena bpiaraí, lena dtionscal, lena bpobal agus lena ndomhan.

Le linn tionscadail de chuid ÚNM/an Lárionaid Sármhaitheasa sa bhliain 2020, iniúchadh an indéantacht a bhaineann le curaclam Deartha Uilíoch ÚNM a úsáid le linn fhorbairt thriail tosaigh THE BIG IDEA a bhí ar siúl in earrach na bliana 2021, rud ar ghlac 500 scoláire agus 100 meantóir páirt ann. Bunaithe ar an triail an-rathúil sin agus ar an aiseolas inar iarradh tuilleadh inneachair Deartha Uilíoch i gclár THE BIG IDEA, ghlac ÚNM páirt i dtionscadal leantach 2021 le haghaidh Tuilleadh Forbartha a Dhéanamh ar Dhearadh Uilíoch in THE BIG IDEA de chuid Institiúid na nDearthóirí in Éirinn. Ba é an toradh a bhí ar an tionscadal ná gur cuireadh leis an méid de Dhearadh Uilíoch i gclár THE BIG IDEA a bhí ar siúl in earrach na bliana 2022 ar fud na gcontaetha uile in Éirinn, rud ar ghlac 2000 scoláire agus 400 meantóir páirt ann. San athbhreithniú ar thionchar agus san aiseolas ar chlár rathúil THE BIG IDEA, sainaithníodh deis chun Dearadh Uilíoch a leabú isteach sa chlár tuilleadh trí chomhoibriú ar ábhair bhreise a fhorbairt lena n-úsáid sa chlár. Tá pleananna á ndéanamh ag na comhpháirtithe tionscadail chun Uirlis Idéú THE BIG IDEA a fhorbairt mar thacar ábhar curaclaim chun tacú le foghlaim agus le cleachtas céim ar chéim le haghaidh modhanna deartha. Chomhtháthófaí Uirlis Idéú THE BIG IDEA isteach i gclár THE BIG IDEA sa bhliain 2023, rud atá á ullmhú le haghaidh 4000 scoláire agus 800 meantóir.

Idirchaidreamh leis an Údarás um Ard-Oideachas agus le RBATNE ar Dhearadh Uilíoch san Oideachas


Ar fud na bliana 2022, ghlac baill foirne an Lárionaid Sármhaitheasa/ÚNM páirt ghníomhach i dtacaíocht a thabhairt don Údarás um Ard-Oideachas agus don Roinn Breisoideachais agus

Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE) i ndáil leis an snáithe cistiúcháin reatha dá ngairtear PATH 4.

Tá PATH 4 ina chuid den Phlean Rochtana Náisiúnta nua: Plean Gníomhaíochta Straitéiseach um Chothromas Rochtana, Rannpháirtíocht agus Rath san Ardoideachas 2022-2028. Leis an bPlean sin, leanfar de thacú le rannpháirtíocht mhéadaithe san Ardoideachas i measc na mac léinn uile a bhfuil míchumas orthu. Rannchuidigh an Lárionad Sármhaitheasa leis na critéir a dhearadh, rud a chabhróidh le hInstitiúidí Ardoideachais agus a ndámhachtain á cur isteach acu agus a d'fhéadfaí a úsáid freisin sa mheastóireacht uathu ina dhiaidh sin. Tionóladh cruinnithe déthaobhacha éagsúla le príomh-gheallsealbhóirí, agus chuir an Lárionad Sármhaitheasa/ÚNM forbhreathnú ar an tírdhreach náisiúnta beartais a bhaineann le Dearadh Uilíoch san Oideachas i láthair i mí Mheán Fómhair 2022.

Roimh an bhfoilsiú, rinne baill den Lárionad Sármhaitheasa agus comhghleacaithe ó rannóga ar fud ÚNM idirchaidreamh fairsing le hoifigigh ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Cuireadh cruinniú déthaobhach ar siúl ar lena linn a leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le Dearadh Uilíoch don Oideachas. Ba é an toradh a bhí ar an idirchaidreamh sin ná gur tháinig Dearadh Uilíoch chun bheith ina chuid dhílis den sruth cistiúcháin sin, áit ar tiomnaíodh céim a haon don topaic sin go sonrach agus ar dámhadh cistiú chun Dearadh Uilíoch a chur chun feidhme i suíomhanna ardoideachais.

Ag teacht sna sála ar sheimineár Gréasáin a cuireadh ar siúl go poiblí i mí an Mheithimh 2022, ullmhaíodh nóta treorach agus cuireadh é chuig oifigigh sa Roinn ina dhiaidh sin. Leagadh amach sa doiciméad sin conas a d'fhéadfadh institiúidí ardoideachais úsáid a bhaint as an gcaighdeán Eorpach/Náisiúnta IS/EN17161 chun tograí a ullmhú agus a chur isteach agus chun iad a mheas ina dhiaidh sin. Tá an Lárionad Sármhaitheasa ag súil le tuilleadh idirchaidrimh a dhéanamh le hoifigigh sa Roinn d'fhonn comhairle a thairiscint maidir le gnéithe eile den scéim cistiúcháin sin agus de scéimeanna cistiúcháin agus de thionscnaimh chistiúcháin eile a bhainistiú thar thréimhse feidhme na straitéise.



## Múscailt Feasachta ar Dhearadh Uilíoch san Oideachas ar fud na hEarnála 3ú Leibhéal

### Láithreoireacht do Mhúinteoirí bunscoile agus meánscoile

Tar éis cuireadh a fháil ó Scoil Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, thug an Lárionad Sármhaitheasa láithreoireacht i mí an Mhárta 2022 do bhreis agus 100 múinteoir ar thopaicí an Deartha Uilíoch sa seomra ranga. Díríodh sa láithreoireacht ar thaithí fíorshaoil na ndaoine a bhfuil míchumas orthu agus ar an ról a imríonn cuimsiú i gcothroime rochtana ar an oideachas a chinntiú do chách. Pléadh freisin na huirlisí agus na teicnící atá ar fáil do mhúinteoirí agus ról na dTeicneolaíochtaí Cúnta.

### Láithreoireacht d'Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan ar Dhearadh Uilíoch

I mí na Bealtaine 2022, thug an Lárionad Sármhaitheasa láithreoireacht don Phobal Foghlama Deartha Úsáideoirláraithe in Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan. Rinne an Dr Fred Creedon (Léachtóir in Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan) óstáil ar an imeacht. Thug an Lárionad Sármhaitheasa láithreoireacht, faoi mar a rinne Brendan Gordon (Sainchomhairleoir Sinsearach, Ingenium), Laura Coleman (Oifigeach Tacaíochta Míchumais, Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan) agus Julie O'Donovan (Comhordaitheoir an Chláir Trasdula Míchumais, Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan). Le linn an imeachta ar líne, pléadh dearadh uilíoch ó thaobh an úsáideora de. Ba é "Dearadh Uilíoch a Dhéanamh" an teideal a bhí ar an láithreoireacht ón Lárionad Sármhaitheasa. Tugadh tús eolais sa láithreoireacht ar Sheacht bPrionsabal an Deartha Uilíoch agus leagadh amach inti conas is féidir leis na 29 dTreoirlíne Deartha Uilíoch eolas a dhéanamh do na critéir i do phróiseas forbartha deartha. Díríodh inti ar conas is féidir Dearadh Uilíoch a bhaint amach agus luadh inti gur gá úsáideoirí ilchineálacha a chur san áireamh agus tús áite a thabhairt dóibh chun freastal ar na riachtanais atá ag an raon úsáideoirí is leithne. Tugadh forbhreathnú sa láithreoireacht ar I.S. EN 17161:2019. Is caighdeán é sin a bhfuil mar aidhm leis cabhrú le heagraíochtaí a gcuid táirgí agus seirbhísí a chur chun cinn os comhair spriocphobal níos leithne. Chomh maith leis sin, tugadh tús eolais inti don lucht féachana ar Fhoireann Uirlisí Cumarsáidí Custaiméirí ÚNM agus luadh an bhaint atá ag an bhfoireann uirlisí le prionsabail an Deartha Uilíoch.

### Láithreoireacht do Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, ar Dhearadh Uilíoch

I mí na Bealtaine, thug an Lárionad Sármhaitheasa láithreoireacht don Siompóisiam um Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, atá Cuimsitheach. Ba í aidhm an imeachta sin ná béim a leagan ar na hiarrachtaí leanúnacha atá ar bun i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, chun pobal níos cuimsithí a chruthú. Thug ionadaithe do Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus d'Ollscoil Uladh láithreoireachtaí ag an imeacht i dteannta an Lárionaid Sármhaitheasa. Díríodh sa láithreoireacht ar shásraí chun Dearadh Uilíoch a leabú ar fud gach leibhéil den ollscoil, agus leagadh amach inti conas a d'éascódh cur chuige ilsrathach an méid sin.

### Láithreoireacht d'Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath ar Dhearadh Uilíoch

I mí an Mhárta 2022, thug an Lárionad Sármhaitheasa láithreoireacht mar aoi-léacht do na mic léinn in Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath a bhí ag déanamh staidéar ar mhodúl Forbartha Gairmiúla Leanúnaí i dTosca Daonna agus Eirgeanamaíocht. Ba é "Tús Eolais ar Dhearadh Uilíoch agus ar Inrochtaineacht agus Dearadh do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Dhifriúla acu" teideal na láithreoireachta. Sa láithreoireacht, tugadh tús eolais do na mic léinn ar Phrionsabail an Deartha Uilíoch. D'fhoghlaim siad conas a théann Dearadh Uilíoch chun tairbhe don phobal i gcoitinne agus insíodh dóibh faoin Mórdhúshlán Deartha Uilíoch. Chomh maith leis sin, tugadh forbhreathnú

dóibh ar an gcaighdeán I.S. EN 17161 'Dearadh do Chách – Inrochtaineacht ar aon dul le cur chuige 'Dearadh do Chách' i dtáirgí, earraí agus seirbhísí – An raon úsáideoirí a leathnú', ar Threoir ISO/IEC 71:2014 – 'Treoir maidir le haghaidh a thabhairt ar inrochtaineacht i gcaighdeáin' agus ar Fhoireann Uirlisí Cumarsáidí Custaiméirí ÚNM. Tugadh tús eolais do na mic léinn ar shuíomhanna Gréasáin ÚNM agus an Lárionaid Sármhaitheasa agus taispeánadh dóibh cá háit a n-aimseodh siad iomchuí a bheadh iomchuí dá gcuid tionscadal i ndáil leis an Timpeallacht Thógtha, le TFC agus le Táirgí agus Seirbhísí.

### Láithreoireacht do Mhic Léinn Ollscoil Luimnigh ar Dhearadh Uilíoch san Oideachas

I mí an Mhárta, thug an Lárionad Sármhaitheasa láithreoireacht ar líne ar phrionsabail an Deartha Uilíoch do mhic léinn (ar an leibhéal fochéime agus ar an leibhéal iarchéime faoi seach). Leagadh díriú sa láithreoireacht ar an ról atá ag dearadh uilíoch san oideachas, agus cuireadh smaointe i láthair inti ar conas a d'fhéadfaí na prionsabail a chur ar áireamh ina ndearaí tionscadail.

Tá sé mar aidhm leis na himeachtaí feasachta sin a mholadh do chleachtóirí reatha agus d'fhochéimithe agus do chéimithe nua go gcuirfeadh siad dearadh uilíoch san áireamh agus iad ag smaoineamh ar conas suíomhanna níos cuimsithí agus táirgí níos cuimsithí a chumadh agus a dhearadh ar son gach duine, beag beann ar a méid, a n-aois, a gcumas nó a míchumas.



## Feasacht a chur chun cinn trí chomhpháirtíochtaí le cláir ghairmiúla gradam

### An Mórdhúshlán Deartha Uilíoch

Le linn na bliana 2022, reáchtáil an Lárionad Sármhaitheasa an 9ú Mórdhúshlán Deartha Uilíoch. Is é atá sa Mhórdhúshlán Deartha Uilíoch ná comórtas do mhic léinn lena ndéantar cur chun cinn ar shármhaitheas i dtionscadail a thugann réitigh a théann chun tairbhe do gach duine chun cinn agus lena dtugtar luach saothair ina leith. Fuarthas 113 iontráil ó mhic léinn, idir mhic léinn fochéime agus mhic léinn iarchéime, a bhí sa dá bhliain deiridh dá gcuid staidéir (agus a bhain céim amach le déanaí) le haghaidh an Mhórdhúshláin Deartha Uilíoch.  Rinne painéal moltóirí idirnáisiúnta meastóireacht ar na hiontrálacha sin, agus cuireadh gearrliosta de naoi n-iomaitheoir babhta ceannais le chéile.

Dá bhrí sin, ba é an toradh a bhí ar an bpróiseas gearrliostúcháin ná trí iomaitheoir babhta ceannais i ngach ceann de na trí chatagóir. Ba iad seo na catagóirí sin:

- An Timpeallacht Thógtha
- Teicneolaíocht
- Táirgí agus Seirbhísí

Anuas ar na catagóirí atá leagtha amach thuas, bhí ríméad ar an Lárionad Sármhaitheasa dul i gcomhpháirt le Fiontraíocht Éireann chun an Dámhachtain Tráchtálaithe a thairiscint do bhuaiteoir amháin. Maidir leis an dámhachtain sin, arb ionann a luach agus €15,000, tairgtear í tríd an teagascóir a thacaíonn leis an iontráil agus riartar í trí aonad forbartha gnó na nInstitiúidí Ardoideachais. Leis an dámhachtain, soláthraítear síolchistiú don iontráil bhuaiteach chun tuilleadh staidéar indéantachta a sheoladh chun an tionscadal a thabhairt chun an mhargaidh. Is féidir amharc ar na naoi n-iomaitheoir babhta ceannais ag an nasc seo.

I mí na Samhna 2022, cuireadh ócáid Oíche Dámhachtainí an Mhórdhúshláin Deartha Uilíoch ar siúl. B'ócáid hibrideach í sin, agus moltóirí agus príomhphearsana eile (amhail Cathaoirleach ÚNM) i láthair. D'fhreastail daoine eile ar an ócáid trí Zoom, agus craoladh an ócáid ar fad ar YouTube. Le linn na hócáide, thug gach iontráil forbhreathnú achomair ar a dtionscadal, ar ina dhiaidh a tugadh deis do na freastalaithe uile vóta a chaitheamh i ndámhachtain Rogha na nDaoine. Ba é 518 nduine an líon ba mhó daoine a bhí ag amharc ar an gcraoladh ag aon am ar leith. Ba iad seo na buaiteoirí i ngach ceann de na catagóirí:

An Timpeallacht Thógtha: Síocháin – Ionad Cónaithe d'Ógánaigh um Athshlánú ó Andúil

Táirgí agus Seirbhísí: Eyecare

Teicneolaíocht: Pilldora: Gléas Uathoibrithe Comhlíonta Cógas

Dámhachtain Tráchtálaithe Fhiontraíocht Éireann: Pilldora: Gléas Uathoibrithe Comhlíonta Cógas

Dámhachtain Rogha na nDaoine: Pilldora: Gléas Uathoibrithe Comhlíonta Cógas Bronnadh duais airgid agus trófaí tarraingteach an Mhórdhúshláin Deartha Uilíoch le haghaidh na catagóire sin ar bhuaiteoir gach catagóire.

Táthar dóchasach go mbeifear in ann dámhachtainí an Mhórdhúshláin Deartha Uilíoch a chur ar siúl i bpearsa go hiomlán an athuair sa bhliain 2023.




*Bronnann Stiúrthóir NDA, an Dr Aideen Hartney, Dámhachtain um Dhearadh Uilíoch RIAI 2022 ar Quentin Keohane, Stiúrthóir ag Falconer Chester Hall*

## Gradaim Institiúid na nDearthóirí in Éirinn 2022 agus Taispeántas Institiúid na nDearthóirí in Éirinn

Tá an Lárionad Sármhaitheasa i mbun comhpháirtíochta le hInstitiúid na nDearthóirí in Éirinn chun Dearadh Uilíoch a chur chun cinn i measc an phobail deartha. Bronnann an Lárionad Sármhaitheasa 'Gradam Deartha Uilíoch' sna Gradaim Dheartha do ghairmithe agus sna Gradaim Dheartha Céimithe do mhic léinn gach bliain. Rinne painéal moltóirí an Lárionaid Sármhaitheasa athbhreithniú ar iontrálacha deartha don dá chineál gradam faoi na catagóirí seo: An Timpeallacht Thógtha; TFC; agus Táirgí agus Seirbhísí.

Cuireadh Gradaim Dheartha Institiúid na nDearthóirí in Éirinn ar siúl in Óstán Marker i mí na Samhna 2022. Buaiteoir na Catagóire Deartha Uilíoch le haghaidh na nGradam Deartha ba ea Rachel Copley McQuillan agus Stina Sandström ó Bureau Bonanza as an dearadh a rinne siad ar shuíomhanna Gréasáin Dhubhghlas de hÍde.

Cuireadh Gradaim Dheartha Céimithe Institiúid na nDearthóirí in Éirinn ar siúl in Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair 2022. Buaiteoir na Catagóire Deartha Uilíoch sna Gradaim Dheartha Céimithe ba ea IO Repair Driven Learning – Matthew Patterson ó Ollscoil Luimnigh.

## Taispeántas Chomóradh 50 Bliain Institiúid na nDearthóirí in Éirinn

Sa bhliain 2022, bhí ríméad ar an Lárionad Sármhaitheasa páirt a ghlacadh sa taispeántas dar teideal ReJOYce, rud inar ceiliúradh 50 bliain ó bhunú Institiúid na nDearthóirí in Éirinn. Is féidir leat tuilleadh mionsonraí faoin taispeántas sin a aimsiú ar an leathanach Gréasáin ReJOYce.

## Gradaim Ailtireachta Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann 2022

I mí an Mheithimh, bhronn Stiúrthóir ÚNM Gradam Deartha Uilíoch Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann 2022 ag searmanas gradam ailtireachta Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann. Ba é India Buildings, Learpholl, le Falconer Chester Hall an foirgneamh buaiteach. Stiúrthóir de chuid Falconer Chester Hall is ea Quentin Keohane, ailtire Éireannach, agus ghlac sé leis an ngradam. Moladh go mór 'A House at Chapelizod' le Studio Red Architects. Luaigh na moltóirí don ghradam an méid seo a leanas:

- Le hoiriúnú India Buildings, socraíodh caighdeán an-ard le haghaidh dearadh áit oibre i bhfoirgneamh tráchtála liostaithe lár cathrach, a tógadh 100 bliain ó shin, beagnach.
- Éilíodh leis an treoir ón gcliant go ndearfaí a áit oibre 'de réir caighdeáin úrscothacha deartha chuimsithigh agus inrochtana chun a chinntiú gur féidir le raon leathan éagsúil daoine í a úsáid'.
- Leis sin, réitítear fadhbanna do dhaoine néara-éagsúla trí shoilsiú nádúrtha agus spásanna aisiríocha neodracha a sholáthar do dhaoine chun faoiseamh a fháil ó imthosca atá strusmhar nó a chuireann isteach orthu agus trí spásanna maolaithe céadfaí a sholáthar ina n-íoslaghdaítear cur isteach amhairc agus tadhaill.
- Cé go dtagann na riachtanais seo salach ar a chéile, chothromaigh na hailtirí riachtanais deartha uilíoch, riachtanais chaomhantais, riachtanais slándála agus riachtanais sláinte agus folláine le hidirghabhálacha dea-dheartha atá bunaithe ar an ngá le 'comhionannas eispéiris' a bhaint amach do gach duine a d'úsáidfeadh an foirgneamh.

Le gradam Deartha Uilíoch Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann, aithnítear samplaí den dea-chleachtas i nDearadh Uilíoch sa timpeallacht thógtha. Fionnachtain choitianta is ea gur gnách go mbíonn éileamh láidir ó chliaint ar Dhearadh Uilíoch ag na foirgnimh a bhuann gradaim, áit a bhfuil Dearadh Uilíoch leagtha amach go follasach mar cheanglas sa treoir tionscadail ag céim an tsoláthair agus a bhfuil idirchaidreamh le húsáideoirí deiridh ilchineálacha ina chuid chomhtháite den phróiseas deartha. Thug ÚNM cuireadh do chainteoir ón gcliant do India Buildings (Coimisinéirí Ioncaim agus Custam na Banríona) chun freastal ar chomhdháil bhliantúil ÚNM, áit ar labhair an cainteoir faoin tionchar a bhí ag an treoir tionscadail ar dhearadh an fhoirgnimh.

## Gradaim Spider

Cuireadh an 25ú ceann de Ghradaim Spider ar siúl sa Seomra Cruinn i dTeach an Ardmhéara i mBaile Átha Cliath i mí an Mhárta 2022.  Bunaíodh an ócáid sin sa bhliain 1996 agus tá sí ar cheann de na cláir gradam digiteach is seanbhunaithe in Éirinn. Tá sí tiomnaithe d'aitheantas a thabhairt do na cuideachtaí agus na daoine aonair sin a bhrúnn sármhaitheas digiteach chun cinn. Tá áthas ar an Lárionad Sármhaitheasa obair i gcomhpháirt le Gradaim Spider trí urraíocht a dhéanamh ar ghradam lena dtugtar aitheantas do sheirbhís dhigiteach a dearadh ar bhonn Phrionsabail an Deartha Uilíoch. Bronnadh an gradam do chatagóir an Deartha Uilíoch is Fearr ar CDG Brand (cuideachta deartha) as an inrochtaineacht agus an tso-úsáidteacht a bhí ag gabháil lena cuid oibre ar shuíomh Gréasáin Institiúid Breisoideachais Mhuineacháin.

# Tosaíocht Straitéiseach 4

# Tosaíocht Straitéiseach 4:

**“Próisis láidre oscailte a chothú le haghaidh idirchaidreamh a dhéanamh le daoine a bhfuil míchumas orthu agus leis an mórphobal míchumais agus le haghaidh dul i gcomhairle leo”.**

**Treoir agus faisnéis a sholáthar do chomhlachtaí earnála poiblí chun dul chun cinn a dhéanamh ar idirchaidreamh fiúntach le daoine a bhfuil míchumas orthu**

## Na Treoirlínte ‘Participation Matters’

D’fhoilsigh ÚNM ‘Participation Matters: Treoirlínte maidir le cur chun feidhme a dhéanamh ar an oibleagáid chun idirchaidreamh fiúntach a dhéanamh le daoine faoi mhíchumas i gcinnteoireacht phoiblí’ i mí Mheán Fómhair 2022 ag ócáid seolta ar líne le Anne Rabbitte, an tAire Stáit le freagracht as Míchumas. Is é atá sna treoirlínte sin ná acmhainn phraiticiúil chun tacú le hoifigigh phoiblí ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil dul i gcomhairle ar bhealach fiúntach le daoine faoi mhíchumas agus lena n-eagraíochtaí ionadaíocha i bpróisis forbartha beartais agus i bpróisis chinnteoireachta eile, agus páirt a thabhairt dóibh sna próisis sin, chun comhlíonadh a dhéanamh ar oibleagáidí atá leagtha amach faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD). Leis na treoirlínte sin, tacaítear le hoifigigh cur chuige deartha uilíoch a ghlacadh i leith gach próisis comhairliúcháin phoiblí agus rannpháirtíochta poiblí chun gur féidir le daoine faoi mhíchumas páirt a ghlacadh iontu ar bhonn cothrom le daoine eile.

Ba bhoinn eolais faoi fhorbairt na dtreoirlínte iad idirchaidreamh le hEagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas, fócasghrúpaí le daoine óga faoi mhíchumas agus le hoifigigh phoiblí, aighneachtaí ón bpobal, agus taighde deascbhunaithe. Leanann ÚNM d’úsáid na dtreoirlínte a chur chun cinn ar fud na hearnála poiblí.

## Treoir d’oifigigh phoiblí maidir le hidirchaidreamh a dhéanamh le daoine faoi mhíchumas



D’fhoilsigh ÚNM doiciméad dar teideal ‘Idirchaidreamh a dhéanamh le daoine faoi mhíchumas agus dul i gcomhairle leo le linn reachtaíocht agus beartas a fhorbairt agus a chur chun feidhme – Nóta d’oifigigh Rialtais agus do bhaill foirne comhlachtaí poiblí. Ullmhaíodh an páipéar sin mar fhreagairt don eolas teoranta atá ann i measc na n-oifigeach poiblí ar cad is Eagraíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas ann, ar an difríocht idir Eagraíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas agus grúpaí míchumais eile, agus ar na hoibleagáidí atá orthu faoi UNCRPD idirchaidreamh a dhéanamh le hEagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas. Tugtar míniú cuimsitheach sa pháipéar ar gheallsealbhóirí míchumais in Éirinn agus ar an ról méadaitheach a bhíonn ag Eagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas. Leagtar amach ann na hoibleagáidí atá ar an rialtas agus ar chomhlachtaí poiblí agus iad ag dul i gcomhairle le daoine faoi mhíchumas. Tugtar comhairle ann freisin maidir le conas idirchaidreamh a dhéanamh le hEagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas.

## Forbairt a Dhéanamh ar Threoir maidir le Taighde Comhoibríoch a Sheoladh le Daoine faoi Mhíchumas

Cur chuige molta taighde anois is ea taighde comhoibríoch, rud atá ina thagairt do thaighde ina bhfuil baint leis an gcinnteoireacht ar an taighde agus le seoladh an taighde ag na daoine sin ar dócha go ndéanfaidh an taighde difear dóibh. Dá bhrí sin, tá doiciméad treorach do thaighdeoirí á fhorbairt ag ÚNM maidir le taighde comhoibríoch a sheoladh le daoine faoi mhíchumas. Don chéad chéim den tionscadal sin, seoladh athbhreithniú litríochta chun fianaise atá cothrom le dáta a tharraingt le chéile maidir le taighde comhoibríoch a dhéanamh le daoine faoi mhíchumas. San athbhreithniú, rinneadh achoimre théamach ar dhúshláin thuairiscithe agus tairbhí tuairiscithe an chuir chuige sin agus ar na breithniúcháin le haghaidh an dea-chleachtais. Tá an chéim sin curtha i gcrích anois agus is féidir an t-athbhreithniú litríochta agus achoimre Sholéite a íoslódáil ó shuíomh Gréasáin ÚNM.

Is é a bheidh sa chéad chéim eile den tionscadal sin ná an doiciméad treorach a tháirgeadh. Is boinn eolais faoin doiciméad treorach sin iad fionnachtana an athbhreithnithe litríochta, ionchur ó ghrúpa comhairleach an tionscadail, agus comhairliúcháin i riocht pléghrúpaí ar líne. Beidh an doiciméad treorach ina acmhainn phraiticiúil do thaighdeoirí a bhfuil sé beartaithe acu cineálacha comhoibríocha cur chuige a ghabháil de láimh i leith taighde agus foilseofar é sa chéad sé mhí den bhliain 2023.

**Imeachtaí téamacha bliantúla a chur ar siúl chun éisteacht go díreach ó dhaoine a bhfuil míchumas orthu agus óna gcomhlachtaí ionadaíocha, le linn leanúint de chomhairliúcháin dhírithe a sheoladh ar thionscadail shonracha chun eolas a dhéanamh d'aschuir ÚNM**

## Seisiún Éisteachta ÚNM

Chuir ÚNM a sheisiún éisteachta don bhliain 2022 ar siúl an 4 Bealtaine. Ba é 'Feabhas a chur ar rannpháirtíocht agus ar chuimsiú trí phobail inchónaithe a chruthú' téama an tseisiúin. Ba é aidhm an tseisiúin ná éisteacht le tuairimí ar an taithí fíorshaoil ar rannpháirtíocht agus ar chuimsiú agus leis na moltaí ó dhaoine faoi mhíchumas faoi conas is féidir pobail níos cuimsithí agus níos inchónaithe a dhéanamh de phobail. Chomh maith leis sin, bhí an seisiún ina dheis do dhaoine faoi mhíchumas agus d'Eagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas éisteacht lena chéile. Tá an tuarascáil achoimre ar fáil ar shuíomh Gréasáin ÚNM agus cuirtear i láthair inti na tuairimí ó dhaoine faoi mhíchumas mar a cuireadh in iúl iad sa chomhairliúchán, agus iad grúpáilte faoi na ceithre théama seo a leanas:



- dearcthaí, rannpháirtíocht an phobail agus cuimsiú an phobail;
- tús áite a thabhairt do rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas agus do rannpháirtíocht Eagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas;
- smaointeoireacht chomhleanúnach chun feabhas a chur ar thacaí pearsanta agus ar sheirbhísí poiblí;
- inrochtaineacht agus Dearadh Uilíoch.

Bhí an fhoghlaim ón seisiún mar bhonn eolais faoi thuarascáil ó ÚNM ar chuimsiú sóisialta agus rannpháirtíocht. Bhí sé mar bhonn eolais freisin faoin gcomhairle beartais a thugamar don Aire, d'oifigigh rannacha agus don mhórearnáil phoiblí.

### Comhdháil bhliantúil ÚNM

Cuireadh ár gcomhdháil bhliantúil ar siúl Déardaoin an 20 Deireadh Fómhair. B'ócáid chumaisc í. Cuireadh ar siúl i bpearsa í in Ionad Comhdhála Pháirc an Chrócaigh agus craoladh é do fhreastalaithe cianda ar Zoom. Níor cuireadh an dá chomhdháil roimhe dár gcuid ar siúl ach go fíorúil amháin mar gheall ar phaindéim Covid-19.

Ba é Airteagal 9 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD) ar Inrochtaineacht téama na comhdhála. Bhí sé sin ag teacht leis an gcur chuige atáimid ag glacadh le roinnt blianta anuas chun téama a bheith againn atá dírithe ar cheann amháin de na hAirteagail de UNCRPD.

Áiríodh na nithe seo leis na príomhphointí a comhroinneadh tríd an gComhdháil sin: Airteagal 9 de UNCRPD a thuiscint; tuiscint uilíoch a iniúchadh ar inrochtaineacht, ar chothroime rochtana




*Cainteoirí ag Comhdháil Bhliantúil 2022 an NDA*




*Freastalaíonn Cathaoirleach an NDA, Kathryn O'Donoghue agus an tAire Stáit do Mhíchumas Anne Rabbitte Comhdháil Bhliantúil 2022 an NDA*

agus ar fhostaíocht; foghlaim a mhalartú ar fud na hearnála poiblí agus na hearnála príobháidí; dul níos faide ná na híoschaighdeáin; agus prionsabail deartha uilíoch a úsáid chun timpeallachtaí cuimsitheacha a thógáil, lena n-áirítear faisnéis agus seirbhísí.


I measc na ndaoine a bhí i láthair bhí déantóirí beartas agus oifigigh phoiblí, mar aon le líon ard daoine ó eagraíochtaí éagsúla míchumais agus le líon ard daoine aonair faoi mhíchumas. Thug na daoine a d'fhreastail ar an gcomhdháil go cianda agus na daoine a d'fhreastail uirthi i bpearsa aiseolas dearfach faoi inneachar na hócáide agus faoina cineál hibrideach.

## An Comórtas Ealaíne 'Duine Cosúil Liomsa'

Is é atá sa chomórtas 'Duine Cosúil Liomsa' ná comórtas bliantúil ealaíne do bhunscoileanna, atá ar siúl le seacht mbliana anuas anois agus a n-eagraíonn ÚNM é mar mhodh chun cur leis an bhfeasacht agus an tuiscint atá ag leanaí ar mhíchumas.

Rinne Anne Rabbitte TD, an tAire Stáit le freagracht as Míchumas, an comórtas a sheoladh i mí Mheán Fómhair. Faoi dháta deiridh an 18 Samhain 2022, fuarthas breis agus 2,700 iontráil, an líon ba mhó riamh. Ghlac 208 scoil, an líon ba mhó riamh, ó na contaetha uile páirt ann. Cuirfear searmanas bronnta duaiseanna cumaisc ar siúl an 18 Eanáir 2023 i Halla Cathrach Bhaile Átha Cliath. Beidh sé ar an gcéad searmanas i bpearsa ó bhí an bhliain 2019 ann, agus beidh na daoine nach mbeidh in ann freastal air in ann amharc ar an ócáid ar líne.

Tá athbhreithniú ar éifeachtúlacht agus ar luach ar airgead ar an gcomórtas ar bun freisin, rud ina n-iniúchtar tionchar an chomórtais chun a chinneadh conas a úsáidfidh ÚNM an cistiú atá



*Seolann an tAire Stáit do Mhíchumas Anne Rabbitte comórtas Someone Like Me 2022*

ar fáil aige chun feasacht ar mhíchumas a chur chun cinn. Tá an t-athbhreithniú comhdhéanta de thuarascáil neamhspleách ar an gcomórtas idir an bhliain 2016 agus an bhliain 2021, athbhreithniú achomair litríochta ar thionscnaimh chosúla in áiteanna eile, fócasghrúpaí a chuimsigh geallsealbhóirí agus daltaí bunscoile, staidéir ar thionscadail chosúla in Éirinn, agus ceistneoirí ar chomhlánaigh múinteoirí iad. Cinnfear sa tuarascáil deiridh cé acu a leanfaidh ÚNM den chomórtas reatha don bhliain 2023 agus ina diaidh nó a iniúchfaidh sé cineálacha eile cur chuige.

## Comórtas Eolaí Óig BT – Gradam arna urrú ag ÚNM

Cuireadh comórtas bliantúil Eolaí Óig BT ar siúl mar ócáid fhíorúil idir an 12 Eanáir agus an 14 Eanáir 2022. D'urraigh ÚNM catagóir gradaim agus é mar rún aige aitheantas a thabhairt do thionscadail atá iomchuí do mhíchumas agus/nó do Dhearadh Uilíoch. Roghnaíodh an tionscadal buaiteach an 14 Eanáir, agus bronnadh an gradam ar fhoireann ó Choláiste Mhuire san Iarmhí as an gcoincheap A-OK A: áis cumarsáide digití idir mac léinn a bhfuil uathachas air/uirthi agus a c(h)uid múinteoirí, cóitseálaithe agus meantóirí. Is é atá sa táirge beartaithe ná banda rosta is féidir le dalta a bhfuil uathachas air/uirthi a úsáid chun a chur in iúl go bhfuil sé/sí trína chéile i gcás seomra ranga ar leith. Seoltar an fógra chuig an múinteoir agus is féidir gníomhaíocht maolaithe a dhéanamh ansin. Rinne foireann an tionscadail meastóireacht ar úsáideoirí trialach chun a fháil amach ar chuidigh an táirge le strus a laghdú nó nár chuidigh agus fuair sí amach gur chuidigh. Thug foireann an tionscadail láithreoireacht Zoom do bhaill foirne ÚNM. Tugadh aitheantas don choincheap sa chatagóir 'teicneolaíochta idirmheánaí' den chomórtas freisin – áit ar chríochnaigh sé sa dara háit sa ghrúpa sin.

Ghabh ÚNM air féin gradam a urrú i gcomórtas na bliana 2023.

## Seoladh an Chaighdeáin Dhomhanda le haghaidh Inrochtaineacht Seirbhísí Teileashláinte ar fhorbair an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus an tAontas Teileachumarsáide Idirnáisiúnta é

Rinne an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus an tAontas Teileachumarsáide Idirnáisiúnta forbairt i gcomhpháirt ar chaighdeán domhanda le haghaidh inrochtaineacht seirbhísí teileashláinte. Leis an gcaighdeán sin, soláthraítear liosta de na ceanglais theicniúla nach mór d'ardáin teileashláinte a chomhlíonadh chun soláthar inrochtana seirbhísí teileashláinte a chinntiú.

D'fhorbair an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus an tAontas Teileachumarsáide Idirnáisiúnta an caighdeán nua sin agus seoladh é ag an 15ú seisiún de Chomhdháil na bPáirtithe Stáit sa Choinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas i mí an Mheithimh 2022.

Labhair ball foirne den Lárionad Sármhaitheasa ag an seoladh, agus breac-chuntas á thabhairt ar an dearcadh Éireannach i leith an ghá le caighdeáin teileashláinte agus i leith úsáid na gcaighdeán sin chun rochtain chothromasach a chinntiú do gach duine den tsochaí.

Tá forbairt na gcaighdeán sin ag teacht freisin le Creat Digiteach na hÉireann de chuid Rialtas na hÉireann, rud a seoladh i mí Feabhra i mbliana chun cabhrú le folláine mhuintir na hÉireann agus a ngnólachtaí a uasmhéadú. Táthar ag súil go gcabhróidh an creat le hÉirinn baint amach iomlán a dhéanamh ar an-chuid de na tairbhí a bhaineann le haistriú i dtreo sochaí níos digití. Áirítear leo sin oibriú níos solúbtha, cianoibriú agus deiseanna nua fostaíochta; margaí nua agus custaiméirí nua do ghnólachtaí; seirbhísí poiblí atá níos éifeachtúla agus níos inrochtana do chách; agus cumhachtú agus roghanna maidir le conas a fhoghlaimímid gníomhaíochtaí sóisialta nó a ghlacaimid páirt iontu.

Tá an rialtas tiomanta dá chinntiú go mbainfear na tairbhí sin amach trí rochtain fhorleathan ar sheirbhísí poiblí digiteacha cuimsitheacha agus úsáid fhorleathan na seirbhísí sin a chinntiú, agus sprioc ann gur ar líne a thomhlófaí 90% de sheirbhísí faoin mbliain 2030.

Beidh an Lárionad Sármhaitheasa ag déanamh idirchaidreamh leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus leis an Aontas Teileachumarsáide Idirnáisiúnta chun tacú le treoir a fhorbairt agus beidh sé ag déanamh idirchaidreamh le FSS agus le soláthraithe eile seirbhísí sláinte maidir leis an gCaighdeán a chur chun feidhme.

## An Lárionad Sármhaitheasa ag Seach-Ócáid de chuid Chomhdháil na bPáirtithe Stáit

Labhair ball den Lárionad Sármhaitheasa ag seach-ócáid de chuid an 15ú seisiún de Chomhdháil na bPáirtithe Stáit sa Choinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas i mí an Mheithimh 2022. Ba é "Dearadh Uilíoch: Ár gcuid foirgneamh, táirgí agus timpeallachtaí a dhéanamh inrochtana do gach duine" teideal na hócáide sin, ar lena linn a tugadh saineolaithe ón saol léinn, ón tionsclaíocht agus ón earnáil phoiblí le chéile chun Dearadh Uilíoch a phlé ó thaobh na mbeartas de agus ó thaobh na taithí fíorshaoil de. Rinne Geraldine Byrne Nason, Ambasadóir de chuid na hÉireann agus buanionadaí do na Náisiúin Aontaithe, agus Brian Flynn, leas-bhuanionadaí, modhnóireacht ar an ócáid.

Leagadh béim sa láithreoireacht ón Lárionad Sármhaitheasa ar an tábhacht a bhaineann le hinscálaitheacht an Deartha Uilíoch maidir le beartais, caighdeáin agus treoirlínte náisiúnta agus idirnáisiúnta. Leagadh béim freisin ar an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go gcuirtear daoine a bhfuil míchumas orthu agus Eagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas ar áireamh ag gach céim den phróiseas deartha agus den chruthú beartais. Ag deireadh na láithreoireachtaí, cuireadh barúlacha in iúl ar an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go ndeartar táirgí príomhshrutha agus seirbhísí príomhshrutha ar bhealach a fhágann go bhfuil siad chomh cuimsitheach agus is féidir don raon úsáideoirí is leithne is féidir.

# Tosaíocht Straitéiseach 5

# Tosaíocht Straitéiseach 5:

**"Éifeachtacht eagraíochtúil a chothabháil agus a fheabhsú".**

## Suíomh Gréasáin ÚNM

Le linn na bliana 2022, rinneadh dul chun cinn ar obair ar an dá shuíomh Gréasáin de chuid ÚNM (nda.ie agus universaldesign.ie) a athfhorbairt. Rinneadh nda.ie a thabhairt chun críche agus a sheoladh an 9 Samhain agus cuirtear i láthair leis suíomh Gréasáin atá níos tarraingtí ó amharc, atá níos fusa le cuardach agus a bhfuil an fhaisnéis suite in áiteanna níos loighciúla air. Tá dul chun cinn á dhéanamh ar obair ar universaldesign.ie agus ba cheart go mbeadh sé réidh le seoladh sa chéad sé mhí den bhliain 2023.

## Acmhainní Foirne

De réir alt 27 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999, is é ÚNM fostóir a fhoirne. Cuireann an Feidhmeannas, ag gníomhú dó faoi stiúir ag an Stiúrthóir, straitéis, plean oibre bliantúil agus beartais an Údaráis Náisiúnta Míchumais chun feidhme ar bhonn laethúil.

Bhí 39 mball foirne ag an Údarás Náisiúnta Míchumais amhail an 31 Nollaig 2022. Is é Lárionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a sholáthraíonn próiseáil párolla, pinsean agus taistil agus cothaithe ÚNM. Éascaíonn ÚNM cumarsáid ar phríomh-shaincheisteanna idir an lucht bainistíochta agus ceardchumann aitheanta a dhéanann ionadaíocht do leasanna fhoireann ÚNM.

Tá an Feidhmeannas comhdhéanta de thrí rannóg:

- Beartas, Taighde agus Gnóthaí Poiblí;
- An Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch agus Caighdeáin Uilíocha agus Faireachán;
- Seirbhísí Corparáideacha

Ag tuairisciú dóibh don Stiúrthóir, is é atá sna Cinn ar na trí rannóg sin ná an grúpa ardbhainistíochta.

| An Lucht Ardbhainistíochta ag an 31 Nollaig 2022 | |
|---|---|
| Stiúrthóir | An Dr Aideen Hartney |
| Ceann Beartais, Taighde agus Gnóthaí Poiblí | An Dr Rosalyn Tamming |
| Príomhoifigeach, an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch agus Caighdeáin Uilíocha agus Faireachán | An Dr Ger Craddock |
| Ceann Seirbhísí Corparáideacha | Suzanne Lambe |

## Oiliúint agus Forbairt

Lean ÚNM ar aghaidh ag cur plean oiliúna agus forbartha i bhfeidhm do bhaill foirne, ar plean é atá bunaithe ar an gCóras Bainistíochta Forbartha Feidhmíochta agus ar riachtanais an duine aonair, lenar áiríodh freastal ar sheimineáir, ar sheisiúin oiliúna agus ar cheardlanna. Cuireadh an chuid is mó díobh ar siúl ar líne le linn na bliana 2022 de dheasca phaindéim COVID-19.

Eagraíodh roinnt cúrsaí oiliúna agus ceardlann oiliúna go hinmheánach do bhaill foirne. Áiríodh leo sin:

- Oiliúint ar Phainéil Agallaimh
- Oiliúint ar Bhainisteoirí Líne
- Clár Forbartha do gach duine ag Grád IV, ag grád an Oifigigh Feidhmiúcháin, ag Grád III agus ag grád an Oifigigh Cléireachais
- Scileanna Microsoft Office
- Córas Bainistíochta Inneachair Suíomh Gréasáin

Tá na nithe seo a leanas ina sampla de roinnt de na deiseanna seachtracha oiliúna agus forbartha ar baineadh leas astu sa bhliain 2022:

- An Dlí Fostaíochta
- An tEolas is Deireanaí ar an gCosaint Sonraí in Éirinn
- Conarthaí a Thuiscint do Ghairmithe nach Gairmithe Dlí
- Grúpa Saineolaithe Éagsúlachta agus Cuimsithe
- Athbhreithniú Bliantúil ar an Dlí Fostaíochta
- Sonraí Oscailte agus Teicnící Anaithnidithe Sonraí
- Cruinniú Mullaigh Míchumais NHS
- Cleachtais Earcaíochta Cuimsithí Míchumais
- Scileanna Bainistíochta Ama
- Ríomhfhoghlaim Timpeallachta Tógtha

Chuir na baill foirne nua uile an oiliúint seo a leanas i gcrích:

- Ríomhfhoghlaim i gComhionannas Míchumais ÚNM
- Ríomhfhoghlaim i Sonraí a Chosaint le linn Obair ón mBaile
- Ríomhfhoghlaim Covid-19 sa Phrótacal um Fhilleadh Sábháilte ar an Obair

Bhí an Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta comhdhéanta díobh seo a leanas:

- Oiliúint i Láimhsiú Sábháilte agus i bhFeasacht ar an Droim
- Measúnacht ar Threalamh Scáileán Taispeána

## Rialachas agus Tuairisciú Airgeadais

Tá an tÚdarás Náisiúnta Míchumais tiomanta don chaighdeán is airde rialachais chorparáidigh a bhaint amach laistigh den eagraíocht. Is le comhlíonadh an Achta um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999, agus le forálacha an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, a threoraítear an creat foriomlán rialachais agus rialaithe laistigh den Údarás Náisiúnta Míchumais.

Mar gheall ar thabhairt isteach bheartas ÚNM um Oibriú Cumaisc, leanadh sa bhliain 2022 le béim ar leith a leagan ar fhaireachán a dhéanamh ar an timpeallacht rialaithe atá i mbun oibre in ÚNM, agus díriú á chur ar bhainistíocht airgeadais agus sonraí.

Bunaíodh Creat-Chomhaontú Formhaoirseachta agus Feidhmíochta idir an tÚdarás Náisiúnta Míchumais agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Tugadh mionsonraí sa Chomhaontú Soláthair Feidhmíochta 2022 faoi na spriocanna agus cuspóirí ardleibhéil agus faoin bpríomhchlár gníomhaíochta ar ghabh ÚNM air é a chur i gcrích sa bhliain 2022.

Rinne an Coiste Airgeadais agus an tÚdarás athbhreithniú gach dhá mhí sa bhliain (tríd an eolas is deireanaí ar chuntais bhainistíochta agus ar an mbuiséad) ar thuarascálacha airgeadais a táirgeadh go hinmheánach agus ina léirítear mionsonraí faoin gcaiteachas i gcomparáid leis an mbuiséad comhaontaithe. Comhroinneadh na cuntais bhainistíochta leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ar fud na bliana freisin.

De réir an Achta um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999, agus an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, rinne ÚNM dréachtchuntais airgeadais don bhliain 2022 a ullmhú agus a chur faoi bhráid ár máthair-roinne agus faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Ullmhaíodh Ráitis Airgeadais ÚNM don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 faoi FRS 102, atá ar an gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn agus arna fhógairt ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais. Cuirfidh ÚNM na cuntais airgeadais cheadaithe don bhliain 2022 faoi bhráid an Aire.

## Bainistíocht Riosca

Chun riosca eagraíochta a bhainistiú ar dhóigh éifeachtach, teastaíonn próisis láidre rialaithe chun tacú leis an Údarás agus leis an bhFeidhmeannas cuspóirí ÚNM a bhaint amach. Is bunaithe i ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca atá ceaptha ag an Údarás atá feidhmeanna riosca agus rialaithe. Déanann an Coiste sin athbhreithniú ar fheidhmíocht agus ar nithe riosca, lena n-áirítear beartais agus cleachtais.

Tá ag ÚNM Grúpa Comhairleach Bainistíochta Riosca atá comhdhéanta den ghrúpa ardbhainistíochta agus de bheirt chomhaltaí neamhspleácha atá ainmnithe ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus ag an gCoiste Airgeadais faoi seach. Is é atá sa ghrúpa ná fóram chun tacú leis an nGrúpa Ardbhainistíochta maidir lena bhreithniúcháin ó thaobh chreat bainistíochta riosca ÚNM de.

Déanann an Grúpa Ardbhainistíochta faireachán agus breithniú ar an timpeallacht riosca do ÚNM go tráthrialta agus is buanmhír í sin ar chlár oibre gach cruinnithe de chuid an Údaráis. Tá ag ÚNM Clár Rioscaí bunaithe a ndéanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an tÚdarás é a athbhreithniú agus a cheadú go tráthrialta de réir mar is cuí. Tá ag an Údarás Príomhoifigeach Riosca ainmnithe agus rinne sé Ráiteas Inghlacthachta Riosca na heagraíochta a fhorbairt agus a cheapadh.

Ar aon dul leis an gceanglas faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú chun na príomhrioscaí a fhoilsiú agus chun machnamh a dhéanamh ar phríomhthosaíochtaí na heagraíochta, sainaithníodh na nithe seo a bheith ar na rioscaí féideartha a d'fhéadfadh difear diúltach a dhéanamh do ÚNM le linn na bliana 2022:

1. An riosca go mbeidh tionchar ann ar obair ÚNM mar thoradh ar an tionscadal aistrithe TFC.

2. An riosca go mbeidh cur isteach ann mar gheall ar chibirionsaí.

3. An riosca go mbeidh acmhainn neamhleor/acmhainní neamhleora ann chun freagairt d'éilimh mhéadaithe maidir le comhlíonadh fheidhmeanna Reachtúla/Oibríochtúla ÚNM.

## An tÚdarás sa bhliain 2022

Tá Údarás ÚNM comhdhéanta de Chathaoirleach agus de 12 ghnáthchomhalta. Tháinig an tÚdarás le chéile sé huaire sa bhliain 2022. Is leagtha amach sa Ráiteas Rialachais atá sceideal de fhreastal, táillí agus caiteachais na bliana 2022. Rinne an tÚdarás féinmheastóireacht ar

a fheidhmíocht sa bhliain 2022 ar aon dul leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Rinneadh dul chun cinn ar fud na bliana ar mholtaí a tháinig as an bpróiseas meastóireachta seachtraí roimhe (2021).

I mí Iúil 2022, chríochnaigh formhór na gcomhaltaí den Údarás an dara téarma a bhí siad i mbun oifige. Ag teacht sna sála ar phróiseas ceapacháin oscailte iomaíoch, tháinig Údarás nua le chéile den chéad uair i mí na Samhna 2022. De na 13 chomhalta, ceapadh triúr le haghaidh dara téarma. I gcomhar leis an bpróiseas sin, bunaíodh Coiste Iniúchóireachta agus Riosca nua, Coiste Airgeadais nua agus Coiste nua um Fheidhmíocht an Stiúrthóra, agus iad comhdhéanta de mheascán de chomhaltaí chéad téarma agus de chomhaltaí dara téarma.

## Iniúchóireacht Inmheánach

Ag teacht sna sála ar a cheapachán trí phróiseas tairisceana sa bhliain 2021, lean Crowleys DFK de shraith seirbhísí Iniúchóireachta Inmheánaí a comhaontaíodh leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus ar cheadaigh Údarás ÚNM iad a sholáthar do ÚNM sa bhliain 2022.

## Fiosruithe ó chomhaltaí den Oireachtas

De réir Chiorclán 24/2016 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, sholáthair an tÚdarás Náisiúnta Míchumais seoladh ríomhphoist tiomnaithe fiosruithe ag OireachtasReps@nda.ie do chomhaltaí den Oireachtas atá ag iarraidh faisnéis ar nithe a bhaineann le hobair ÚNM.

## Dualgas na hEarnála Poiblí

Leis an Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, ceanglaítear ar ÚNM measúnú a dhéanamh ar na saincheisteanna um chearta an duine agus um chomhionannas a mheasann sé a bheith iomchuí d'fheidhmeanna agus cuspóir ÚNM; na beartais, na pleananna agus na gníomhartha atá i bhfeidhm nó atá beartaithe a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin a leagan amach; agus tuairisc a thabhairt ar fhorbairtí agus éachtaí maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí sa tuarascáil bhliantúil uaidh. D'fhorbair ÚNM plean oibre ar Dhualgas na hEarnála Poiblí agus, sa bhliain 2022, d'athbhreithníomar an dul chun cinn a rinneamar ar an bplean oibre. De na 16 ghníomh, cuireadh naoi gcinn i gcrích agus cuireadh seacht gcinn i gcrích go páirteach. Tá roinnt gníomhartha á n-athdhéanamh chun go mbeidh siad ag teacht níos fearr lenár n-oibríochtaí reatha agus tá gníomhartha nua á gcur leo. Tá plean oibre leasaithe á fhorbairt.

Áirítear na nithe seo leis na príomh-bhuaicphointí sa bhliain 2022: ár dtreoirlínte 'Participation Matters' maidir le cur chun feidhme a dhéanamh ar oibleagáidí chun idirchaidreamh fiúntach a dhéanamh le daoine a bhfuil míchumas orthu i gcinnteoireacht phoiblí; treoir a fhorbairt maidir le daoine a bhfuil míchumas orthu a chuimsiú i dtaighde mar chomhthaighdeoirí, agus ní mar rannpháirtithe sa taighde amháin; agus athbhreithniú a dhéanamh ar roinnt de bheartais inmheánacha agus de nósanna imeachta inmheánacha chun inrochtaineacht a chinntiú agus chun a chinntiú go bhfuil cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine á ghlacadh acu.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Tá ÚNM tiomanta d'fholláine a fhostaithe a chinntiú trí áit shábháilte oibre a chothabháil agus trína chinntiú go gcomhlíonfar na ceanglais de bhun an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, arna leasú. Lean Coiste Sláinte agus Sábháilteachta ÚNM ar aghaidh ag tacú le faireachán agus treoir ar nithe Sláinte agus Sábháilteachta sa bhliain 2022.

## An tAcht um Míchumas 2005

Faoi Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005, ceanglaítear ar chomhlachtaí earnála poiblí tuairisc a thabhairt ar a mhéid a fhostaíonn siad daoine a bhfuil míchumas orthu. B'ionann an céatadán

d'fhostaithe ÚNM a bhfuil míchumas orthu, de réir an mhínithe san Acht um Míchumas 2005, agus 23% don bhliain 2022.Tá na figiúirí sin bunaithe ar Áireamh Foirne a rinneadh sa bhliain 2021. Déantar na sonraí a athrú chun dáta gach bliain de réir mar is cuí chun baill foirne nua agus baill foirne reatha ar athraíodh a stádas a chur san áireamh.

Rinne ÚNM gach beart réasúnach chun fostú daoine a bhfuil míchumas orthu aige a chur chun cinn agus chun tacú leis an bhfostú sin. Mar shampla; timpeallacht inrochtana oibre a sholáthar, lena n-áirítear Measúnuithe ar Stáisiúin Oibre, áit a ndearnadh tuilleadh measúnuithe ar stáisiúin oibre chianda agus tuilleadh measúnuithe eirgeanamaíocha sa bhliain 2022.

## Acmhainn Leabharlainne agus Faisnéise

Lean Leabharlann ÚNM ar aghaidh ag soláthar seirbhís ar líne don fhoireann trí chuardaigh litríochta a dhéanamh don fhoireann chun tacú le comhairle fhianaisebhunaithe ÚNM a fhorbairt agus lena húsáid in athbhreithnithe ar an litríocht agus in ailt.

Áiríodh leis na seirbhísí eile ar sholáthair conraitheoir na Leabharlainne iad don fhoireann:

- Idirchaidreamh leis an bhfoireann chun freagraí feabhsaithe a threorú ar mhaithe le freastal ar riachtanais;
- Comhoibriú leis an bhfoireann chun tionscadail a bhreisiú;
- Freagraí ar cheisteanna ón bhfoireann.

## Cóiríocht agus Saoráidí

Tá freagracht ar Roinn Seirbhísí Corparáideacha ÚNM as áitreabh sábháilte éifeachtúil a chothabháil.  Le linn na bliana 2022, chuaigh Accent Solutions isteach sa dara bliain ina bhfuil sé conraithe chun seirbhís chomhtháite bainistíochta saoráidí a sholáthar. Le linn na bliana, leanadh le clár cothabhála coiscthí agus coimisiúnaíodh oibreacha chun a chinntiú go ndéanfaí a chóiríocht a chothabháil agus a úsáid ar dhóigh éifeachtach.

Cuireadh tús le hoibreacha leictreacha i mí na Samhna 2021 mar chuid de chlár oibreacha tógála atá comhdhéanta d'obair leictreach, inrochtaineachta agus athchóirithe. Cuireadh na hoibreacha sin i gcrích i samhradh na bliana 2022. Ina dhiaidh sin, cheap ÚNM gnólacht ailtireachta chun staidéar indéantachta a dhéanamh le haghaidh oibreacha rochtana agus athchóirithe. Tháinig ÚNM agus na conraitheoirí ar chomhaontú faoi na réimsí a bhfuil tús áite le tabhairt dóibh. Tá dul chun cinn á dhéanamh ar na chéad chéimeanna eile, agus roinnt spleáchas tugtha faoi deara le linn na pleanála mar gheall ar stádas an fhoirgnimh tosaigh mar dhéanmhas cosanta. Mar gheall ar chostas na n-oibreacha, is dóigh go mbeidh sé riachtanach dul chun cinn a dhéanamh orthu ar bhonn céimnithe thar roinnt blianta.

Ón 1 Iúil 2015 i leith, tá comhaontú léasa i bhfeidhm ag ÚNM le tionóntaí le haghaidh roinnt oifigí, óna bhfabhraítear an t-ioncam mar Leithreasaí-i-gCabhair ar an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Aistríodh ioncam chuig an Roinn de réir mar ba chuí sa bhliain 2022. Tá an léas sin le dul in éag sa bhliain 2023.

## Fuinneamh

Déanann Roinn Seirbhísí Corparáideacha ÚNM taifid don Údarás Náisiúnta Míchumais a chlárú agus a chothabháil le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ).

Tá ag an Údarás Náisiúnta Míchumais achar urláir iomlán atá cothrom le 2,633 m2, arb é atá ann Foirgneamh Victeoiriach dhá stór os cionn leibhéal an ghairdín (×2), nascfhoirgneamh a cuireadh i gcrích sa bhliain 2006 agus foirgneamh tadhlach trí stór móide áiléar a cuireadh i gcrích sna blianta tosaigh de na 1980í.

Is iad seo na príomhúsáideoirí fuinnimh:

- Fuinneamh Leictreach: Soilsiú, TFC agus Oifigí
- Fuinneamh Teirmeach (Gás Nádúrtha): Téamh Spáis (ciorcaid radaitheora uisce the ísealteochta agus téamh faoin urlár) agus Uisce Te.



*Ghlas NDA a oifigí i corcra mar chuid de Lá Idirnáisiúnta Daoine faoi Mhíchumas ar 3 Nollaig 2022*

Chun críocha tuairisceán reachtúil a dhéanamh don bhliain 2022, b'inchurtha i leith an Údaráis Náisiúnta Míchumais a bhí xx% den úsáid fuinnimh leictreachais sna foirgnimh. I dtaca le fuinneamh teirmeach, bhí xx% den ghás nádúrtha a úsáideadh inchurtha i leith ÚNM.

Ón 1 Iúil 2015 i leith, tá cuideachta phríobháideach ag léasú agus ag áitiú an chéad urláir den Fhoirgneamh Cúil. Tá méadar leictreachais leithleach ag an gcuideachta sin, cé nach bhfuil méadar gáis leithleach aici.

Sa bhliain 2022, d'úsáid an tÚdarás Náisiúnta Míchumais 0 kWh d'fhuinnimh, a bhí comhdhéanta díobh seo a leanas:

- 0 kWh de leictreachas;
- 0 kWh de bhreoslaí iontaise;
- 0 kWh de bhreoslaí in-athnuaite.

Is féidir le ÚNM na nithe seo a leanas a thuairisciú:

- coigiltí costais 0% ón mbonnlíne i leith;
- úsáid a bhí 0% níos ísle ón mbonnlíne i leith.

### Gníomhartha a rinneadh sa bhliain 2022

Sa bhliain 2022, thug ÚNM faoi thionscnaimh éagsúla a phleanáil agus a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar ár bhfeidhmíocht fuinnimh. Áiríodh leo sin:

- Leanúint le Feasacht ar Fhuinneamh – Comhdháil Bhliantúil ÚFIÉ ar Fhuinneamh Earnála Poiblí 2022
- Moltaí ón Athbhreithniú Iniúchta Fuinnimh 2021 a chur chun feidhme

## Oifigeach Rochtana

Lean Oifigeach Rochtana ÚNM, a ceapadh ar aon dul leis an Acht um Míchumas 2005, de bheith ar fáil chun treoir a thabhairt maidir le haon chabhair a bhí ag teastáil ó dhaoine a bhfuil míchumas orthu a fuair rochtain ar shaoráidí, imeachtaí agus suíomh Gréasáin ÚNM sa bhliain 2022. Tá sonraí teagmhála an Oifigigh le fáil ar leathanach baile shuíomh Gréasáin ÚNM.

## Cód Iompair, Eitic in Oifigí Poiblí, Nochtaí Breise ag Comhaltaí an Údaráis agus Nochtaí Cosanta

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022, is féidir le ÚNM a dheimhniú go raibh Cód Iompair don Údarás agus do bhaill foirne i bhfeidhm agus gur cloíodh leis. Ina theannta sin, chomhlíon gach comhalta den Údarás agus baill foirne iomchuí na freagrachtaí reachtúla atá orthu faoin reachtaíocht um Eitic in Oifigí Poiblí.

Mar chomhlacht poiblí, ceanglaítear ar ÚNM faoi alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú maidir leis an líon nochtaí cosanta a rinneadh dó sa bhliain roimhe agus maidir leis an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt d'aon nochtaí cosanta den sórt sin.

Ní dhearnadh aon nochtaí cosanta le ÚNM sa tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2022.

## Cosaint Sonraí/Saoráil Faisnéise

Fuair ÚNM cúig iarraidh Saorála Faisnéise sa bhliain 2022. Géilleadh d'iarraidh amháin, géilleadh go páirteach do dhá iarraidh, agus roinnt faisnéise a bheith á cur in eagar, agus diúltaíodh géilleadh do dhá iarraidh toisc nár chomhlíon siad na critéir is gá chun iad a mheas a bheith ina n-iarraidh bhailí Saorála Faisnéise. Déileáladh le gach ceann de na hiarrataí sin laistigh den tréimhse ama reachtúil.

Le linn na bliana 2022, lean ÚNM le clár oibre chun a chinntiú go mbíonn sé ag comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (2018) agus ag maolú a rioscaí gaolmhara. Áiríodh leis sin príomhbheartais agus príomhnósanna imeachta a athrú chun dáta agus a fhorbairt de réir mar is cuí.  Rinneadh Iniúchadh Comhairleach ar bheartais agus nósanna imeachta i ndáil leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí sa bhliain 2022 agus tá na moltaí iarmhartacha le cur chun feidhme sna míonna tosaigh den bhliain 2023.

# Ráitis airgeadais 2022

Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
Comptroller and Auditor General

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais
## An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

### Tuairim faoi na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis Náisiúnta Mhíchumais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 faoi mar a cheanglaítear faoi fhorálacha Alt 17 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999.

Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí coinnithe ioncaim
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar an staid airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgid, agus
- na Nótaí Gaolmhara, Achoimre ina measc ar Bheartais Shuntasacha Chuntasaíochta.

I mo thuairim, tugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Údaráis Náisiúnta Mhíchumais an 31 Nollaig 2022 agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain 2022 i gcomhréir le Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 – *an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

### Bunús na tuairime

Thug mé faoi m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (CIIanna) faoi mar a d'fhógair an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta.

Déantar cur síos ar m'fhreagrachtaí faoi na caighdeáin siúd san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ón Údarás agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eiticiúil i gcomhréir leis na caighdeáin.


Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé chun bunús a sholáthar do mo thuairim.

### Tuairisciú ar fhaisnéis eile seachas na ráitis airgeadais, agus ar cheisteanna eile

Chuir an tÚdarás faisnéis áirithe eile i láthair, sa mhullach ar na ráitis airgeadais.

Cuimsítear ann seo an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Údaráis agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Déantar cur síos ar m'fhreagrachtaí chun tuairisciú a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis siúd, agus ar cheisteanna áirithe eile ar a dtuairiscím mar eisceacht, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tabhairt le fios agam ina leith sin.



**John Crean**
**Le haghaidh agus thar ceann Comptroller and Auditor General**
**An 29 Meán Fómhair 2023**

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí chomhaltaí an Údaráis

Faoi mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Údaráis, tá comhaltaí an Údaráis freagrach as

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 17 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999
- a chinntiú go dtugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cóir i gcomhréir le FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil úsáid an ghnóthais leantaigh chuntasaíochta cuí, agus
- an rialú inmheánach sin a dheimhníonn siad is gá lena chumasú ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste Ginearálta

Ceanglaítear orm faoi alt 17 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999 chun iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Údaráis agus chun tuairisciú a dhéanamh orthu le Tithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus mé ag tabhairt faoin iniúchadh dearbhú réasúnta a fháil faoi cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais, ina n-iomláine, saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal de dhearbhú, ach ní hionann é agus ráthaíocht go mbraithfidh iniúchadh faoina dtugtar i gcomhréir leis na CIlanna i gcónaí míshonrú ábhartha nuair is ann dó. Féadfaidh míshonruithe eascairt ó chalaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más féidir súil réasúnta a bheith leis go n-imreoidh siad tionchar ar chinntí geilleagracha úsáideoirí a rinneadh ar bhunús na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d’iniúchadh i gcomhréir leis na CIlanna, déanaim breithiúnas gairmiúil agus leanann amhras gairmiúil a bheith orm i gcaitheamh an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh agam,

- Sainaithním agus déanaim meas ar rioscaí i leith mhíshonrú ábhartha na ráiteas airgeadais, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis; ceapaim agus comhlíonaim nósanna imeachta iniúchta a fhreagraíonn do na priacail sin; agus faighim fianaise iniúchta ar leor agus ar cuí í chun bonn a chur faoi mo thuairim. Tá an riosca a chruthaítear nuair nach mbraitear míshonrú ábhartha a eascraíonn as calaois níos airde ná riosca a eascraíonn as earráid, mar gheall go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d’aon turas, míléiriú, nó gabháil i dtreis ar rialú inmheánach.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d’fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá cuí faoi na cúinsí, ach nach bhfuil cuí ar mhaithe le tuairim a léiriú faoi éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochta ghaolmhair.
- Bainim tátal a bhaint as oiriúnacht na húsáide a bhaintear an bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, cé acu arb ann nó nach ann d’éiginnteacht ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d’fhéadfadh cumas an Údaráis a chur faoi amhras suntasach chun leanúint mar ghnóthas leantach.

Má bhainim an tátal as gurb ann d’éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orm aird a thabhairt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, mura cuí an nochtadh sin, ceanglaítear orm mo thuairim a bhunathrú.

Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas a fhad le dáta mo thuarascála. D’fhéadfadh go mbeadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo mar chúis leis,

áfach, go gcuirfidh an tÚdarás deireadh le leanúint mar ghnóthas leantach.

Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, an nochtadh san áireamh, agus cé acu an léirítear nó nach léirítear sna ráitis airgeadais na bun-idirbhearta agus imeachtaí ar bhealach a bhaineann cur i láthair cothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá freagrach as rialachas i ndáil le, i measc ceisteanna eile, scóip agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, aon easnaimh i rialú inmheánach ina measc a shainaithnímid i rith m'iniúchta.

**Faisnéis eile seachas na ráitis airgeadais**
Ní chumhdaíonn mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair sna ráitis siúd agus ní léirím aon fhoirm de chonclúid dearbhaithe faoi.

I dtaobh m'iniúchta ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na CIlanna chun an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, nuair atá amhlaidh á dhéanamh, breithniú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó an t-eolas a fuair mé san iniúchadh, nó más dealraitheach, ar bhealach eile, go ndearnadh an fhaisnéis eile a mhíshonrú go hábhartha. Má bhainim an tátal as, bunaithe ar an obair a rinne mé, go ndearnadh an fhaisnéis eile seo a mhíshonrú go hábhartha, tá orm sin a thabhairt le fios.

Tuairiscím, trí eisceacht, chomh maith, sna cásanna seo a leanas:

- Ní bhfuair mé, i mo thuairim, an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- I mo thuairim, níor leor na taifid chuntasaíochta lena ligean dom na ráitis airgeadais a léamh gan stró agus a iniúchadh i gceart, nó
- Níl na ráitis airgeadais, i mo thuairim, i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta.

**Tuairisciú ar cheisteanna eile**
Tugaim faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithniúcháin speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú.

Tuairiscím má shainaithním ceisteanna ábhartha lena mbaineann an bealach a tugadh faoi ghnó poiblí.

Lorgaím fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcúrsa an iniúchta. Tuairiscím más shainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí chun a gcríoch beartaithe nó sa chás nach raibh na hidirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a bhí á rialú.

# Ráitis Airgeadais Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

## GENERAL INFORMATION

| | | |
|---|---|---|
| **Seoladh** | : | 25 Bóthar Chluaidh, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4, D04 E409 |
| **Stiúrthóir** | : | An Dr Aideen Hartney |
| **Aturnaetha** | : | Beauchamps, Cé Sir John Rogerson, Baile Átha Cliath 2, D02 KV60 |
| **Baincéirí** | : | Banc na hÉireann, 104 Raghnallach, Baile Átha Cliath 6 |
| | | Banc na hÉireann, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4 |
| **Iniúchóirí** | : | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, 3A Sráid an Mhéara |
| | | Uachtarach, Baile Átha Cliath 1, D01 PF72 |

## An tÚdarás Náisiúnta Míchumais
## Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Údaráis

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

### Rialachas

Bunaíodh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais (ÚNM) faoin Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999. Tá dualgais ar ÚNM na feidhmeanna atá leagtha amach in alt 8 den Acht a chomhlíonadh, agus féadfaidh sé cóid chleachtais a tháirgeadh de réir alt 10 den Acht. Tá ag ÚNM feidhmeanna breise a tugadh dó leis an Acht um Míchumas 2005 agus ainmníodh é mar chomhlacht faireacháin faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Inrochtaineacht suíomhanna gréasáin agus feidhmchlár móibíleach de chuid comhlachtaí san earnáil phoiblí) (I.R. Uimh. 358 de 2020) – rud dá ngairtear an Treoir maidir le hInrochtaineacht Gréasáin freisin. Sna míonna deiridh den bhliain 2020, cuireadh de chúram ar ÚNM tuarascáil a ullmhú faoi alt 10 den Acht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, 2017, agus cuireadh in iúl dó go mbeadh an cúram sin ina cheann eile de bhuanfheidhmeanna ÚNM sna blianta atá le teacht. Sannfar tuilleadh feidhmeanna do ÚNM a luaithe a bheidh an tAcht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) (Leasú), 2022, tosaithe go hiomlán.

I mí Dheireadh Fómhair 2020, rinne an Rialtas, de réir an Achta Airí agus Rúnaithe (Leasú), 1939, roinnt feidhmeanna iomchuí agus gníomhaireachtaí iomchuí a aistriú ón Roinn Dlí agus Cirt chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, lena n-áirítear ÚNM, faoi mar atá leagtha amach san Ordú um Míchumas, Comhionannas, Cearta an Duine, Comhtháthú agus Glacadh (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2020 (I.R. Uimh. 436/2020).

De réir alt 7 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999, tá ÚNM neamhspleách agus é ag comhlíonadh a fheidhmeanna. Tá Bord neamhspleách ÚNM (an tÚdarás) cuntasach don Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Comhlíonann sé an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach saincheist thábhachtach ghnó.

Is ar an Stiúrthóir agus ar an ngrúpa ardbhainistíochta atá an fhreagracht as an Údarás Náisiúnta Míchumais a bhainistiú, a rialú agus a threorú ar bhonn laethúil. Ní mór don ghrúpa cloí leis an mórthreo straitéiseach a leagann an tÚdarás síos agus ní mór dó a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta den Údarás ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas agus ar aon rioscaí suntasacha ar dóigh dóibh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Stiúrthóir mar idirghabhálaí díreach idir an tÚdarás agus lucht bainistíochta an Údaráis Náisiúnta Míchumais.

### Freagrachtaí chomhaltaí an Údaráis

Tá obair agus freagrachtaí an Údaráis leagtha amach san Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999, agus san Acht um Míchumas 2005. Tá ag an Údarás sceideal foirmiúil nithe atá forchoimeádta go sonrach lena gcinneadh aige chun a chinntiú go gcoimeádtar treo agus rialú ÚNM. Áirítear na nithe seo a leanas leis an sceideal sin:

- ceannacháin shuntasacha agus diúscairtí suntasacha a dhéanamh agus scor de shócmhainní ÚNM;
- infheistíochtaí móra (is fiú níos mó ná €50,000) agus tionscadail chaipitil, conarthaí agus infheistíochtaí;
- leibhéil údaráis tharmligthe agus beartais bhainistíochta riosca (buanmhír);

- struchtúir choiste agus téarmaí tagartha an Údaráis;
- dearbhuithe go bhfuiltear ag comhlíonadh na gceanglas reachtúil agus riaracháin a bhaineann leis an líon ball foirne a cheadú agus le ceapachán, grádú agus coinníollacha na mball foirne go léir (lena n-áireofar luach saothair agus aoisliúntas) a cheadú;
- buiséid bhliantúla agus pleananna corparáideacha a cheadú;
- tuarascálacha bliantúla agus ráitis airgeadais a cheadú;
- an Stiúrthóir a cheapadh, luach saothair an Stiúrthóra a shocrú agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Stiúrthóra

Ceanglaítear le halt 17 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999, ar an Údarás gach leabhar cuntas is cuí a choimeád, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, ar an airgead go léir a gheobhaidh an tÚdarás agus a chaithfidh an tÚdarás. Ina theannta sin, sonraítear in alt 16 den Acht go bhféadfar deontas ina mbeidh cibé méid a cheadóidh an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, le comhthoiliú an Aire Airgeadais, a íoc as airgead a sholáthróidh an tOireachtas faoi chomhair chaiteachais an Údaráis le linn a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

Agus na ráitis airgeadais seo á ullmhú aige, ní mór don Údarás:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sé ag feidhmiú, agus;
- a lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá mínithe agus nochta sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagrach as taifid leordhóthanacha chuntasaíochta a choinneáil, ina gcuirtear a staid airgeadais in iúl le cruinneas réasúnach ag am ar bith agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le halt 17 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais. Is é an tÚdarás atá freagrach as cothabháil agus iomláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin ÚNM.

Tá an tÚdarás freagrach as plean oibre bliantúil agus buiséad bliantúil ÚNM a cheadú. Bhí meastóireacht ar fheidhmíocht an phlean bhliantúil agus ar an mbuiséad bliantúil á cur i gcrích ar bhonn leanúnach ag an Údarás ar fud na bliana 2022. Áirítear leis an meastóireacht sin athbhreithniú a dhéanamh ar na cuntais bhainistíochta mhíosúla, tuarascálacha ón gCoiste Airgeadais agus athbhreithniú ar na ráitis airgeadais bhliantúla. Chomh maith leis sin, ceadaíonn an tÚdarás pleananna oibre bliantúla agus athbhreithníonn sé an dul chun cinn ar iad a chur chun feidhme le linn na bliana. Bíonn an buiséad agus an fheidhmíocht atá leagtha amach sna cuntais bhainistíochta mhíosúla á n-athbhreithniú ag an ngrúpa ardbhainistíochta agus ar leithligh ag an gCoiste Airgeadais freisin. Faigheann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca na cuntais bhainistíochta mhíosúla mar eolas freisin.

Tá an tÚdarás freagrach as a shócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú. Measann an tÚdarás go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an Údaráis Náisiúnta Míchumais ag an 31 Nollaig 2022.

## Struchtúr an Bhoird

Tá an tÚdarás (i.e., Bord ÚNM) comhdhéanta de Chathaoirleach agus de 12 ghnáthchomhalta. Ceapann an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige gach duine díobh. Den 12 chomhalta, toghtar duine amháin trí bhallóid a dhéantar i measc na foirne agus ceapann an tAire é/í. Is oifigeach de chuid an Aire atá i gcomhalta eile, agus ceapann an tAire tríú comhalta den Údarás mar ainmní de chuid Roinn eile lena mbaineann ábharthacht do ghníomhaíochtaí agus feidhmeanna ÚNM. Sa bhord reatha, ba í an Roinn Sláinte a rinne an t-ainmniúchán sin.

Ceaptar comhaltaí an Údaráis le haghaidh téarma ceithre bliana agus tagann siad le chéile gach dhá mhí. Faoi fhorálacha an Achta, féadfar comhaltaí an Údaráis a cheapadh le haghaidh dara téarma. I mí Iúil 2022, chríochnaigh formhór na gcomhaltaí den Údarás an dara téarma a bhí siad i mbun oifige. Ag teacht sna sála ar phróiseas ceapacháin moillithe, tháinig Údarás nua le chéile den chéad uair i mí na Samhna 2022. De na 13 chomhalta, ceapadh triúr le haghaidh dara téarma. Sa tábla thíos, tugtar mionsonraí faoin tréimhse ceapacháin do na comhaltaí reatha den Údarás:

| Ainm: | Ról: | Dáta Ceapacháin: | Dáta Athcheapacháin: |
|---|---|---|---|
| Kathryn O'Donoghue | Cathaoirleach | Lúnasa 2018* | Meán Fómhair 2022 |
| Jack Kavanagh | Comhalta | Lúnasa 2018* | Samhain 2022 |
| Cathal Morgan | Comhalta | Lúnasa 2018* | Samhain 2022 |
| Rebecca Gageby | Comhalta | Samhain 2022 | |
| Deirdre Sheehan | Comhalta | Samhain 2022 | |
| Bernadette Egan | Comhalta | Samhain 2022 | |
| Adrian Carroll | Comhalta | Samhain 2022 | |
| Eltin Ryle | Comhalta | Samhain 2022 | |
| Thomas Maguire | Comhalta | Samhain 2022 | |
| Lorraine Lally | Comhalta | Samhain 2022 | |
| Jane Ann Duffy | Comhalta | Samhain 2022 | |
| Vivian Rath | Comhalta | Samhain 2022 | |
| Niamh Fawl | Comhalta | Eanáir 2021* | Samhain 2022 |

*Comhaltaí den Údarás atá ag cur dara téarma isteach.

Sa tábla thíos, tugtar mionsonraí faoi na comhaltaí sin den Údarás a ndeachaigh a dtéarma in éag an 21 Iúil 2022.

| Ainm: | Ról: | Dáta Éaga an Téarma: |
|---|---|---|
| Helen Guinan | Cathaoirleach | Iúil 2022 |
| Damian Gordon | Comhalta | Iúil 2022 |
| Martha Griffin | Comhalta | Iúil 2022 |
| Teresa McDonnell | Comhalta | Iúil 2022 |
| Brian Callanan | Comhalta | Iúil 2022 |
| Aisling Glynn | Comhalta | Iúil 2022 |
| Deaglán Ó Briain | Comhalta | Iúil 2022 |
| Deirdre O'Connor | Comhalta | Iúil 2022 |

De réir an Achta um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999, ceanglaítear ar ÚNM ceithre chruinniú ar a laghad de chuid an Údaráis a thionól le linn bliain féilire. Tháinig an tÚdarás le chéile sé huaire sa bhliain 2022.

Rinne an tÚdarás féinmheastóireacht ar a fheidhmíocht sa bhliain 2022 ar aon dul leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Rinneadh dul chun cinn ar fud na bliana ar mholtaí a tháinig as an bpróiseas meastóireachta seachtraí roimhe (2021).

Bhí trí choiste ag an Údarás sa bhliain 2022, atá mar a leanas:

**1. An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca**

Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca comhdhéanta de thriúr comhaltaí den Údarás agus de cheathrar comhaltaí neamhspleácha, a bhfuil Cathaoirleach an Choiste ar dhuine amháin díobh. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca mar chuid de thimpeallacht rialaithe ÚNM, agus freagracht air as comhairle neamhspleách a chur ar an Stiúrthóir agus ar an Údarás agus tacú leo a bhfeidhmeanna as nithe rialaithe inmheánaigh, riosca agus rialachais a chomhlíonadh. Go háirithe, déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí moltaí don Údarás agus don Stiúrthóir maidir le nithe a bhaineann leo seo:

a) Na próisis chuntasaíochta airgeadais agus tuairiscithe bhliantúil;
b) Éifeachtacht na rialuithe inmheánacha agus na timpeallachta bainistíochta riosca;
c) Oibríochtaí agus forbairt na feidhme Iniúchóireachta Inmheánaí;
d) Éifeachtacht an aonaid Iniúchóireachta Seachtraí agus an caidreamh leis; agus
e) Luach ar airgead agus saincheisteanna eile rialachais chorparáidigh.

Tuairiscíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca go foirmiúil don Údarás tar éis gach cruinnithe, agus cuireann sé tuarascáil chuimsitheach ó Chathaoirleach an Choiste i láthair i scríbhinn gach bliain.

Sa tábla thíos, tugtar mionsonraí faoin tréimhse ceapacháin do na comhaltaí reatha den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca:

| Ainm: | Ról: | Dáta Ceapacháin: | Dáta Athcheapacháin: |
|---|---|---|---|
| John Fitzgerald | Cathaoirleach | Márta 2017* | Márta 2021 |
| Tony Fitzpatrick | Comhalta | Meitheamh 2017* | Meitheamh 2021 |
| Tim Maverley | Comhalta | Lúnasa 2018* | Lúnasa 2022 |
| John Maher | Comhalta | Lúnasa 2018* | Lúnasa 2022 |
| Rebecca Gageby | Comhalta | Nollaig 2022 | |
| Thomas Maguire | Comhalta | Nollaig 2022 | |
| Adrian Carroll | Comhalta | Nollaig 2022 | |

*Comhaltaí den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca atá ag cur dara téarma isteach.

Sa tábla thíos, tugtar mionsonraí faoi na comhaltaí sin den Choiste Iniúchóireachta a ndeachaigh a dtéarma in éag an 19 Iúil 2022.

| Ainm: | Ról: | Dáta Éaga an Téarma: |
|---|---|---|
| Teresa McDonnell | Comhalta | Iúil 2022 |
| Cathal Morgan | Comhalta | Iúil 2022 |
| Kathryn O'Donoghue | Comhalta | Iúil 2022 |

Bhí ceithre chruinniú de chuid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ann sa bhliain 2022, de réir cheanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Ar na príomhchúraimí a bhí ar an gCoiste sa bhliain 2022 bhí idirchaidreamh a dhéanamh le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le haghaidh Iniúchadh Seachtrach na bliana 2021 agus le Crowleys DFK, arb iad Iniúchóirí Inmheánacha seachfhoinsithe ÚNM iad, chun an tAthbhreithniú bliantúil ar Éifeachtacht na Rialuithe Inmheánacha a dhéanamh don bhliain 2021. Rinne an Coiste féinmheastóireacht ar a fheidhmíocht sa bhliain 2022 ar aon dul leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

## An Grúpa Comhairleach Bainistíochta Riosca

Ar leithligh ó na Coistí atá ceaptha ag an Údarás, is é atá i nGrúpa Comhairleach Bainistíochta Riosca bunaithe ná fóram chun tacú leis an nGrúpa Ardbhainistíochta maidir lena bhreithniúcháin i dtaca le creat bainistíochta riosca comhaontaithe ÚNM a chur chun feidhme ó lá go lá. Tá Grúpa Comhairleach Bainistíochta Riosca ÚNM comhdhéanta den ghrúpa ardbhainistíochta agus de bheirt chomhaltaí neamhspleácha atá ainmnithe ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus ag an gCoiste Airgeadais faoi seach. Maidir le Stiúrthóir agus Príomhoifigeach Riosca ÚNM, ar comhaltaí iad den Ghrúpa Ardbhainistíochta, tuairiscíonn siad ar nithe riosca don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus don Údarás faoi seach. Tháinig an Grúpa Comhairleach Bainistíochta Riosca le chéile uair amháin sa bhliain 2022.

An Grúpa:

a) Comhairle a thabhairt maidir le sainiú agus athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas um rioscaí a bhainistiú ar fud ÚNM;
b) Comhairle a thabhairt maidir le cur chun feidhme an bheartais bainistíochta riosca;
c) Tacaíocht agus comhairle a thabhairt maidir le feasacht a mhéadú ar bhainistíocht riosca,

agus comhairle a thabhairt maidir leis an dea-chleachtas chun a chinntiú go bhfuil próiseas cuimsitheach ann chun sainaithint, measúnú, bainistiú, faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar rioscaí laistigh de ÚNM;

d) Comhairle a thabhairt maidir le faireachán agus bainistiú a dhéanamh ar riosca ar fud ÚNM;

e) Comhairle a thabhairt maidir leis an athbhreithniú foirmiúil ar riosca ÚNM ar bhonn leathbhliantúil;

f) Comhairle a thabhairt maidir le tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Údaráis.

Sa tábla thíos, tugtar mionsonraí faoin tréimhse ceapacháin do na comhaltaí reatha den Ghrúpa Comhairleach Bainistíochta Riosca:

| Ainm: | Ról: | Dáta Ceapacháin: | Dáta Athcheapacháin: |
|---|---|---|---|
| Tim Maverley | Cathaoirleach | Lúnasa 2018 | |
| Pat Fitzsimons* | Comhalta | Iúil 2014* | Nollaig 2018 |
| An Grúpa Ardbhainistíochta | | | |

*Comhalta den Ghrúpa Comhairleach Bainistíochta Riosca a chuir dara téarma i gcrích sa bhliain 2022.

**2. An Coiste Airgeadais**

Tá an Coiste Airgeadais comhdhéanta de cheathrar comhaltaí den Údarás agus de bheirt chomhaltaí neamhspleácha. Tá dualgais an Choiste mar a leanas:

a) an phróifíl caiteachais bhliantúil a scrúdú agus moltaí a dhéanamh don Údarás ina leith;

b) nuair a bheidh an buiséad oibriúcháin bliantúil ceadaithe, athbhreithniú a dhéanamh ar a chur chun feidhme le linn na bliana;

c) cuntais bhainistíochta an Údaráis a scrúdú ar bhonn leanúnach tráthrialta;

d) na cuntais reachtúla bhliantúla a chur faoi bhráid an Údaráis lena gceadú tar éis moltaí a fháil ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca;

e) tograí ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca a bhreithniú nuair is cuí; agus

f) leagan amach chuntais an Údaráis a athbhreithniú.

Sa tábla thíos, tugtar mionsonraí faoin tréimhse ceapacháin do na comhaltaí reatha den Choiste Airgeadais:

| Ainm: | Ról: | Dáta Ceapacháin: |
|---|---|---|
| Rebecca Gageby | Cathaoirleach | Nollaig 2022 |
| Thomas Maguire | Comhalta | Nollaig 2022 |
| Deirdre Sheehan | Comhalta | Nollaig 2022 |
| Lorraine Lally | Comhalta | Nollaig 2022 |
| Gary Watters | Comhalta | Nollaig 2022 |

Bhí folúntas amháin ag an gCoiste Airgeadais ag deireadh na bliana 2022. Líonadh é i mí Feabhra 2023.

Sa tábla thíos, tugtar mionsonraí faoi na comhaltaí sin den Choiste Airgeadais a ndeachaigh a dtéarma in éag an 18 Iúil 2022.

| Ainm: | Ról: | Dáta Éaga an Téarma: |
|---|---|---|
| Kathryn O'Donoghue | Cathaoirleach | Iúil 2022 |
| Pat Fitzsimons | Comhalta | Iúil 2022 |
| Brian Callanan | Comhalta | Iúil 2022 |
| Damian Gordon | Comhalta | Iúil 2022 |
| Harry McGeary | Comhalta | Iúil 2022 |

Ceanglaítear ar an gCoiste Airgeadais ceithre chruinniú ar a laghad a sheoladh gach bliain, nach mór ceann amháin díobh a sheoladh i gcomhthráth leis an moladh go gceadófaí an tÚdarás na cuntais reachtúla bhliantúla. Bhí cúig chruinniú den Choiste Airgeadais ann sa bhliain 2022. Rinne an Coiste féinmheastóireacht ar a fheidhmíocht sa bhliain 2022 ar aon dul leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

### 3. An Coiste um Fheidhmíocht an Stiúrthóra

Bunaíodh an Coiste um Fheidhmíocht an Stiúrthóra (ar fochoiste den Údarás é) chun freagrachtaí agus gníomhartha an Stiúrthóra a chomhaontú ar aon dul le clár oibre ÚNM, mar atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach agus sa Phlean Oibre bliantúil. Ina theannta sin, gníomhaíonn an Coiste thar ceann an Údaráis chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Stiúrthóra i ndáil leis na freagrachtaí agus gníomhartha comhaontaithe. Tuairiscíonn an Coiste don Údarás agus tugann sé eolas don Stiúrthóir ar thuairimí agus moltaí an Údaráis. Tháinig an Coiste le chéile dhá uair sa bhliain 2022. Cruthaíodh Coiste nua i mí na Samhna 2022, ar aon dul le hÚdarás nua a cheapadh.

Sa tábla thíos, tugtar mionsonraí faoi chomhdhéanamh an Choiste nua um Fheidhmíocht an Stiúrthóra.

| Ainm: | Ról: | Dáta Ceapacháin: | Dáta Athcheapacháin: |
|---|---|---|---|
| Kathryn O'Donoghue | Cathaoirleach | Samhain 2022 | |
| Jack Kavanagh | Comhalta den Údarás | Lúnasa 2018* | Samhain 2022 |
| Cathal Morgan | Comhalta den Údarás | Samhain 2022 | |
| Bernadette Egan | Comhalta den Údarás | Samhain 2022 | |

*Comhalta den Choiste um Fheidhmíocht an Stiúrthóra atá ag cur dara téarma isteach.

Sa tábla thíos, tugtar mionsonraí faoi na comhaltaí sin den Choiste um Fheidhmíocht an Stiúrthóra a ndeachaigh a dtéarma in éag an 18 Iúil 2022.

| Ainm: | Ról: | Dáta Ceapacháin: | Dáta Athcheapacháin: |
|---|---|---|---|
| Helen Guinan | Cathaoirleach | Iúil 2014 | Lúnasa 2018 |
| Deirdre O'Connor | Comhalta den Údarás | Iúil 2014 | Lúnasa 2018 |

**Sceideal Freastail, Táillí agus Caiteachais**

Tá sceideal freastail ar chruinnithe an Údaráis agus na gCoistí don bhliain 2022 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na caiteachais a fuair gach comhalta.

| Comhaltaí an Údaráis (Roimhe) | Dáta Ceapacháin | Táillí an Údaráis | Caite-achais a Tabhaíodh | Cruinnithe ar Freasta-laíodh Orthu |
|---|---|---|---|---|
| Helen Guinan (Cathaoirleach) | Athcheapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018 | 4,489 | 1,352 | 4/4 |
| Aisling Glynn | Athcheapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018 | 3,323 | - | 3/4 |
| Teresa McDonnell | Athcheapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018 | 2,993 | - | 3/4 |
| Deaglán Ó Briain | Athcheapadh an comhalta i mí na Nollag 2018 | - | - | 2/4 |
| Deirdre O'Connor | Athcheapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018 | 2,993 | - | 4/4 |
| Jack Kavanagh | Ceapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018 | 3,323 | - | 3/4 |
| Cathal Morgan | Ceapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018 | - | 182 | 2/4 |
| Kathryn O'Donoghue | Ceapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018 | 3,323 | - | 4/4 |
| Martha Griffin | Ceapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018 | - | - | 2/4 |
| Damian Gordon | Ceapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018 | - | - | 0/4 |
| Niamh Fawl | Ceapadh an comhalta i mí Eanáir 2021 | - | - | 4/4 |
| Brian Callanan | Ceapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018 | 2,993 | - | 2/4 |

| Comhalta den Údarás (Reatha) | Dáta Ceapacháin | Táillí an Údaráis | Caite-achais a Tabhaíodh | Cruinnithe ar Freasta-laíodh Orthu |
|---|---|---|---|---|
| Kathryn O'Donoghue (Cathaoirleach) | Athcheapadh an comhalta i mí Mheán Fómhair 2022 | - | - | 2/2 |
| Jack Kavanagh | Athcheapadh an comhalta i mí Mheán Fómhair 2022 | - | - | 1/2 |
| Cathal Morgan | Athcheapadh an comhalta i mí Mheán Fómhair 2022 | - | - | 1/2 |
| Rebecca Gageby | Ceapadh an comhalta i mí na Samhna 2022 | - | - | 2/2 |
| Bernadette Egan | Ceapadh an comhalta i mí na Samhna 2022 | - | - | 2/2 |
| Thomas Maguire | Ceapadh an comhalta i mí na Samhna 2022 | - | - | 2/2 |
| Vivian Rath | Ceapadh an comhalta i mí na Samhna 2022 | - | - | 1/2 |
| Jane Ann Duffy | Ceapadh an comhalta i mí na Samhna 2022 | - | - | 2/2 |
| Eltin Ryle | Ceapadh an comhalta i mí na Samhna 2022 | - | - | 2/2 |
| Adrian Carroll | Ceapadh an comhalta i mí na Samhna 2022 | - | - | 2/2 |
| Deirdre Sheehan | Ceapadh an comhalta i mí na Samhna 2022 | - | - | 2/2 |
| Lorraine Lally | Ceapadh an comhalta i mí na Samhna 2022 | - | - | 2/2 |
| Niamh Fawl | Ceapadh an comhalta i mí na Samhna 2022 | - | - | 2/2 |

| An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (Roimhe) | Dáta Ceapacháin | Táillí an Údaráis | Caite-achais a Tabhaíodh | Cruinnithe ar Freasta-laíodh Orthu |
|---|---|---|---|---|
| John Fitzgerald (Cathaoirleach) | Athcheapadh an comhalta i mí an Mhárta 2021 | 2,565 | - | 3/3 |
| Teresa McDonnell | Athcheapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018 | - | - | 2/3 |
| Tony Fitzpatrick | Athcheapadh an comhalta i mí an Mheithimh 2021 | - | - | 2/3 |
| Cathal Morgan | Ceapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018 | - | - | 2/3 |
| Kathryn O'Donoghue | Ceapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018 | - | - | 3/3 |
| Tim Maverley | Ceapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018 | - | - | 3/3 |
| John Maher | Ceapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018 | - | - | 3/3 |
| **An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (Reatha)** | **Dáta Ceapacháin** | **Táillí an Údaráis** | **Caite-achais a Tabhaíodh** | **Cruinnithe ar Freasta-laíodh Orthu** |
| John Fitzgerald (Cathaoirleach) | Athcheapadh an comhalta i mí an Mhárta 2021 | - | - | 1/1 |
| Tony Fitzpatrick | Athcheapadh an comhalta i mí an Mheithimh 2021 | - | - | 1/1 |
| Tim Maverley | Athcheapadh an comhalta i mí Lúnasa 2022 | - | - | 1/1 |
| John Maher | Athcheapadh an comhalta i mí Lúnasa 2022 | - | - | 1/1 |
| Rebecca Gageby | Ceapadh an comhalta i mí na Samhna 2022 | - | - | 1/1 |
| Thomas Maguire | Ceapadh an comhalta i mí na Samhna 2022 | - | - | 1/1 |
| Adrian Carroll | Ceapadh an comhalta i mí na Samhna 2022 | - | - | 1/1 |
| **An Coiste Airgeadais (Roimhe)** | **Dáta Ceapacháin** | **Táillí an Údaráis** | **Caite-achais a Tabhaíodh** | **Cruinnithe ar Freasta-laíodh Orthu** |
| Kathryn O'Donoghue (Cathaoirleach) | Ceapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018 | - | - | 4/4 |
| Pat Fitzsimons | Athcheapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018 | - | - | 4/4 |
| Harry McGeary | Ceapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018 | - | - | 3/4 |
| Damian Gordon | Ceapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018 | - | - | 2/4 |
| Brian Callanan | Ceapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018 | - | - | 3/4 |

| An Coiste Airgeadais (Reatha) | Dáta Ceapacháin | Táillí an Údaráis | Caite-achais a Tabhaíodh | Cruinnithe ar Freasta-laíodh Orthu |
|---|---|---|---|---|
| Rebecca Gageby (Cathaoirleach) | Ceapadh an comhalta i mí na Samhna 2022 | - | - | 1/1 |
| Lorraine Lally | Ceapadh an comhalta i mí na Samhna 2022 | - | - | 1/1 |
| Deirdre Sheehan | Ceapadh an comhalta i mí na Samhna 2022 | - | - | 1/1 |
| Thomas Maguire | Ceapadh an comhalta i mí na Samhna 2022 | - | - | 1/1 |
| Gary Watters | Ceapadh an comhalta i mí na Samhna 2022 | - | - | 1/1 |
| | | 26,001 | 1,534 | |

| An Coiste um Athbhreithniú ar Fheidhmíocht an Stiúrthóra (Roimhe) | Dáta Ceapacháin | Táillí an Údaráis | Caite-achais a Tabhaíodh | Cruinnithe ar Freasta-laíodh Orthu |
|---|---|---|---|---|
| Helen Guinan (Cathaoirleach) | Athcheapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018 | - | - | 2/2 |
| Deirdre O'Connor | Athcheapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018 | - | - | 2/2 |
| Jack Kavanagh | Ceapadh an comhalta i mí Lúnasa 2018 | - | - | 2/2 |

Tháinig an Coiste nuachruthaithe um Athbhreithniú ar Fheidhmíocht an Stiúrthóra le chéile den chéad uair riamh sna míonna tosaigh den bhliain 2023.

### An Nochtadh a Cheanglaítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an tÚdarás freagrach as a chinntiú gur chomhlíon ÚNM ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód") arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear an nochtadh seo a leanas leis an gCód:

### (a) Miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe

Is ar áireamh i Nóta 6(a) – Luach Saothair agus Costais Eile Phá atá tábla ina léirítear an miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe.

**(b) Costais Chomhairleachta**

Áirítear le costais chomhairleachta an costas ar chomhairle sheachtrach a chur ar an lucht bainistíochta. Ní áirítear leo an costas ar fheidhmeanna seachfhoinsithe "gnáthghnó".

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---:|---:|
| Comhairle dlí | 5,478 | 20,164 |
| Tionscadail straitéiseacha agus rialachais | 104,846 | 75,384 |
| **Costais Chomhairleachta Iomlána a muirearaíodh ar an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas agus cúlchistí coinnithe ioncaim** | **110,324** | **95,548** |

**(c) Costais Dlí agus Socraíochtaí**

Níor tabhaíodh aon chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe i dtaca le costais dlí, le socraíochtaí agus le himeachtaí réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe (2021- €0).

**(d) Costais Taistil agus Chothaithe**

Catagóirítear taisteal agus cothú mar a leanas:

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---:|---:|
| Intíre | | |
| - Caiteachais dhíreacha an Údaráis (an Bord) | 1,534 | 33 |
| - Caiteachais indíreacha an Údaráis * | 3,778 | - |
| - Fostaithe | 1,769 | 146 |
| Idirnáisiúnta | | |
| - An tÚdarás (an Bord) | - | - |
| - Fostaithe | 6,204 | 589 |
| **Costais Taistil agus Chothaithe Iomlána** | **13,285** | **768** |

* Baineann na suimeanna anseo leis na caiteachais a d'eascair as seisiún straitéiseach pleanála aistrithe de chuid an Údaráis a reáchtáladh sa bhliain 2022.

**(e)** Costais Fáilteachais

Níor tabhaíodh aon chaiteachas ar fháilteachas cliant nó foirne sa tréimhse tuairiscithe (2021- €0).

**Ráiteas faoi Chomhlíonadh**

Ghlac an tÚdarás an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Chomhlíon ÚNM an Cód ina iomláine don bhliain 2022.

Kathryn O'Donoghue
Cathaoirleach
Dáta: 28/09/2023

An Dr Aideen Hartney
Stiúrthóir
Dáta: 28/09/2023

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach, 2022 – ó Údarás ÚNM

**Raon Freagrachta**

Thar ceann Údarás ÚNM, deimhním go bhfuil freagracht fhoriomlán ar an Údarás as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú agus as éifeachtacht an chórais sin a athbhreithniú. Agus an fhreagracht sin á comhlíonadh, tugtar aird ar cheanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Tríd an Stiúrthóir agus trí struchtúr an Ghrúpa Ardbhainistíochta, tá an Feidhmeannas freagrach don Údarás as rialuithe inmheánacha a chur chun feidhme agus a chothabháil ar na feidhmeanna uile.

**Cuspóir agus comhthéacs an Chórais Rialaithe Inmheánaigh**

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a choinneáil ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis. Dá bhrí sin, ní fhéadann an córas ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí agus go gcoisctear earráidí ábhartha agus mírialtachtaí nó go mbraitear iad ar bhealach tráthúil. Sa bhliain 2022 modhnaíodh na hathruithe ar thimpeallachtaí oibre agus rialaithe ÚNM a tosaíodh i mí Aibreáin 2020 mar gheall ar phaindéim COVID-19, agus obair oifigbhunaithe a bheith tugtha isteach an athuair mar chuid de chreat cumaiscthe.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, i bhfeidhm in ÚNM don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 agus suas go dtí an dáta a ceadaíodh na ráitis airgeadais.

**An Cumas chun Riosca a Bhainistiú**

Cuid dhílis den dóigh a n-oibríonn ÚNM is ea bainistíocht riosca, agus déantar cur chun feidhme agus faireachán uirthi trí struchtúir atá mar a leanas.

Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ÚNM, a gceapann an tÚdarás é, tá sé comhdhéanta de thriúr comhaltaí den Údarás agus de cheathrar comhaltaí neamhspleácha, lena n-áirítear Cathaoirleach neamhspleách ag a bhfuil an saineolas riachtanach airgeadais agus iniúchóireachta. Mar chuid den phróiseas um Údarás nua a cheapadh sna míonna deiridh den bhliain 2022, cruthaíodh Coiste Iniúchóireachta agus Riosca nua, agus é comhdhéanta de mheascán de chomhaltaí nua agus de chomhaltaí athcheaptha. Mar chuid den athbhreithniú córasach leanúnach ar nósanna imeachta gnó agus rialachais chorparáidigh an Údaráis, is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ná formhaoirseacht a dhéanamh ar nithe a bhaineann le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha agus na timpeallachta bainistíochta riosca, agus comhairle a chur ar an Údarás agus ar an Stiúrthóir ina leith.

Buanmhír ar chlár oibre an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca is ea riosca, agus tuairiscítear tuairimí an Choiste ar nithe riosca don Údarás i dtuarascálacha scríofa foirmiúla tráthrialta. Tá freagracht ar an gCoiste freisin as an gClár Rioscaí a mholadh go foirmiúil don Údarás lena cheadú ag amanna socraithe le linn na bliana. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire sa bhliain 2022, agus chuir an Cathaoirleach tuarascáil bhliantúil scríofa an Choiste faoi bhráid an Údaráis an 15 Nollaig 2022.

Ar leithligh ó na Coistí atá ceaptha ag an Údarás, is é atá i nGrúpa Comhairleach Bainistíochta Riosca bunaithe ná fóram chun tacú leis an nGrúpa Ardbhainistíochta maidir lena bhreithniúcháin i dtaca le creat bainistíochta riosca comhaontaithe ÚNM a chur chun feidhme ó lá go lá. Tá

Grúpa Comhairleach Bainistíochta Riosca ÚNM comhdhéanta den ghrúpa ardbhainistíochta agus de bheirt chomhaltaí neamhspleácha atá ainmnithe ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus ag an gCoiste Airgeadais faoi seach. Maidir le Stiúrthóir agus Príomhoifigeach Riosca ÚNM, ar comhaltaí iad den Ghrúpa Ardbhainistíochta, tuairiscíonn siad ar nithe riosca don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus don Údarás faoi seach. Tháinig an Grúpa Comhairleach Bainistíochta Riosca le chéile uair amháin sa bhliain 2022.

Tá ag an Údarás Coiste Airgeadais chun athbhreithniú agus faireachán a dhéanamh ar chaiteachas agus ar phleanáil buiséid. Tá an Coiste comhdhéanta de chomhaltaí den Údarás agus de chomhaltaí neamhspleácha. Mar chuid den phróiseas um Údarás nua a cheapadh sna míonna deiridh den bhliain 2022, cruthaíodh Coiste Airgeadais nua. Tháinig an Coiste le chéile den chéad uair riamh i mí na Nollag 2022, agus an Coiste roimhe ag teacht le chéile ceithre huaire sa bhliain 2022. Áiríodh le hobair an Choiste cabhair a thabhairt don Fheidhmeannas maidir leis na hiniúchtaí inmheánacha agus seachtracha agus leis na Ráitis Airgeadais Bhliantúla agus leanúint d'fhormhaoirseacht a dhéanamh ar aistriú ÚNM chuig córas íostarraingthe um rialú buiséid, rud a tosaíodh sa bhliain 2021.

Ag teacht sna sála ar a cheapachán trí phróiseas tairisceana sa bhliain 2021, lean Crowleys DFK de shraith seirbhísí Iniúchóireachta Inmheánaí a comhaontaíodh leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus ar cheadaigh Údarás ÚNM iad a sholáthar do ÚNM.

Chomh maith leis sin, tá ÚNM ina bhall d'fhóram rialachais an Fhorais Riaracháin agus bhain sé leas as oiliúint i roinnt réimsí rialachais tríd an bhfóram sin ar fud na bliana 2022.

### An Creat Riosca agus Rialaithe

*Riosca*

Chuir ÚNM córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud ina sainaithnítear agus ina dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú. Tá Ráiteas Inghlacthachta Riosca ceadaithe ag an Údarás, rud ina dtugtar mionsonraí faoin leibhéal riosca a bhfuil ÚNM toilteanach le glacadh leis chun a chuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh. Is é atá sa ráiteas sin ná treoir don lucht bainistíochta agus é ag socrú spriocanna agus ag déanamh cinntí chun go mbeidh sé níos dóichí go mbainfidh ÚNM a spriocanna amach agus go gcothóidh sé a oibríochtaí.

Tá Clár Rioscaí i bhfeidhm ina leagtar amach na príomhrioscaí atá roimh ÚNM, ar rioscaí iad a measadh agus a grádaíodh bunaithe ar a shuntasaí atá siad. Déanann an Grúpa Ardbhainistíochta, a bhfuil freagracht air as an gclár a chur chun feidhme, an clár a athbhreithniú agus a athrú chun dáta.

Úsáidtear na torthaí ar mheasúnuithe tráthrialta riosca chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go gcoinnítear rioscaí ar leibhéal inghlactha. Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar an bhfreagracht a leagtar ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú lena soláthar laistigh de thréimhsí ama sonraithe. De bhreis air sin, oibríonn ÚNM córas bainistíochta tionscadal trína sainaithnítear ag an gcéim is luaithe de thogra na rioscaí a bhaineann le tionscadail aonair, mar aon leis na gníomhartha chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin. Maidir le beartas bainistíochta tionscadal ÚNM, a bhfuil mar aidhm leis na gnéithe bunriachtanacha de thionscadail a bhainistiú a shonrú, lena n-áirítear rioscaí tionscadail a mheasúnú, athraíodh chun dáta é den uair dheireanach sa bhliain 2021.

*Rialuithe Buiséid*

Próifílítear buiséad ÚNM i dtús na bliana agus dáiltear é ar na míreanna iomchuí uile arna gceadú ag an Údarás, lena n-áirítear párolla, seirbhísí lárnacha agus oibreacha coimisiúnaithe. Is ar gach ceann Aonaid atá an fhreagracht as buiséid rannóige. Athbhreithnítear an phróifíl mhionsonraithe caiteachais agus feidhmíochta ar bhonn tráthrialta trí na cuntais bhainistíochta mhíosúla, ag cruinnithe an Ghrúpa Ardbhainistíochta, ag cruinnithe an Choiste Airgeadais agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, agus trí thuarascálacha don Údarás, áit a léirítear airgeadas agus caiteachas mar bhuanmhír ar an gclár oibre.

Réitítear na cuntais bhainistíochta mhíosúla leis na tuarascálacha caiteachais a fhaightear ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus le tuarascálacha ón Lárionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla a fheidhmíonn faoin Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Sa bhliain 2022, d'aistrigh ÚNM go hiomlán chuig córas íostarraingthe um rialú buiséid, rud a tosaíodh sa bhliain 2021.

**Córais agus Sócmhainní TFC**

Baineann ÚNM leas as an tseirbhís chomhroinnte tacaíochta TFC ón Roinn Dlí agus Cirt agus as an tseirbhís chomhroinnte bainistíochta prionta trí Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. I mí na Samhna 2019, cuireadh Comhaontú Seirbhíse ar bun leis an Roinn go ceann tréimhse bhreise trí bliana i dtaca leis an tseirbhís TFC, agus tá socruithe i bhfeidhm chun córais ÚNM a chúltacú. Tháinig ÚNM agus an tseirbhís tacaíochta TFC le chéile uair amháin sa bhliain 2022.

Glacann ÚNM dearbhú ón gCeann TFC sa litir agus ráiteas dearbhuithe ón Roinn Dlí agus Cirt á rá go bhfuil rialuithe leordhóthanacha TF i bhfeidhm agus go bhfuil siad ag oibriú go héifeachtach. Ceanglaítear ráiteas dearbhuithe leis an litir, lena gcumhdaítear faisnéis airgeadais ar a nós seo: slándáil agus príobháideacht; athshlánú ó théarnamh TFC; socruithe comhaontú seirbhíse; slándáil bonneagair TFC; bainistíocht sócmhainní TFC; Cosaint Sonraí; Slándáil Sócmhainní Móibíleacha; Líonraí cumarsáide; Rialachas TFCanna agus cleachtais Bhainistíochta Tionscadal.

Cloíonn ÚNM le beartas úsáide TFC na Roinne, agus cuirtear é sin in iúl don fhoireann ar fad. Cúltacaítear córais lasmuigh den láithreán agus formhaoirsíonn an Roinn iad.

Soláthraítear roinnt sócmhainní TFC do ÚNM tríd an tseirbhís chomhroinnte tacaíochta TFC, agus taifeadtar na sócmhainní sin ar Chlár Sócmhainní na Roinne Dlí agus Cirt. Ón mbliain 2020 ar aghaidh, taifeadtar ar Chlár Sócmhainní ÚNM aon chrua-earraí breise a gceannaíonn ÚNM iad. Caitear leis na Sócmhainní TF sin sna ráitis airgeadais ar aon dul leis na rátaí dímheasa cuí.

Ag teacht sna sála ar athbhreithniú coimisiúnaithe a rinneadh sa bhliain 2022 ar na riachtanais seirbhíse TFC atá ag ÚNM, cheadaigh an tÚdarás aistriú a sheirbhísí ón Roinn Dlí agus Cirt chuig Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais. Déanfar an t-aistriú sin sa bhliain 2023. Déanfaidh an Feidhmeannas dlúthfhaireachán ar an bpróiseas aistrithe agus tabharfaidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tuairisciú air mar thionscadal athraithe shuntasaigh don eagraíocht.

Fadaíodh an Comhaontú Seirbhíse leis an Roinn Dlí agus Cirt i mí na Samhna 2022 chun clúdach a dhéanamh ar an tréimhse go dtí go bhfuil a sheirbhísí TFC aistrithe chuig Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais ag an Údarás.

## Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais

Faigheann ÚNM dréacht-tuarascálacha caiteachais mhíosúil ón Roinn agus déanann ÚNM iad sin a athbhreithniú agus a réiteach i gcomórtas lena shonraí caiteachais agus lena phróifílí buiséid.

Baineann ÚNM leas freisin as seirbhísí comhroinnte ón Lárionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla a fheidhmíonn faoin Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe. Bunaíodh Meabhrán Tuisceana le haghaidh sholáthar na seirbhíse sin i mí Aibreáin 2020, rud a rinneadh go díreach idir an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus an tÚdarás Náisiúnta Míchumais. Glacann ÚNM dearbhuithe ó na bearta rialaithe atá leagtha amach mar chuid d'imeacht bliantúil Dearbhú Iniúchóireachta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte.

Faigheann ÚNM tuarascálacha coicísiúla párolla ón Lárionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla. Maidir leis na rialuithe a n-oibríonn ÚNM iad i ndáil le párolla, cumhdaíodh iad san Iniúchadh Inmheánach ar Rialuithe Inmheánacha a seoladh sa chéad ráithe den bhliain 2023.

## Calaois agus Mírialtachtaí

Ní raibh aon nithe calaoise ná mírialtachtaí le tuairisciú don bhliain 2022.

Tá Beartas um Chalaois a Chosc i bhfeidhm ag ÚNM. Rinne an tÚdarás é a athrú chun dáta agus a cheadú i mí na Samhna 2020. Ina dhiaidh sin, rinneadh an beartas, a bhfuil mar chuspóir leis cultúr a chothú lena ndíspreagtar gníomhaíocht calaoise san eagraíocht, a scaipeadh ar an bhfoireann ar fad lena ghlacadh. Tá an beartas le hathbhreithniú agus le hathrú chun dáta de réir mar is cuí sa bhliain 2023.

Tá ag ÚNM Beartas maidir le Nochtadh Cosanta agus nósanna imeachta le haghaidh fógra a thabhairt i dtaobh nochtaí cosanta agus aon teagmhas calaoiseach líomhnaithe nó mírialtachtaí. Rinne an tÚdarás an beartas sin a cheadú agus a athrú chun dáta den uair dheireanach i mí na Samhna 2019. Bunaítear leis an mbeartas na struchtúir agus na próisis le haghaidh nochtaí a fháil agus déileáil leo, agus foráiltear leis go bhféadfar tuarascálacha a dhéanamh gach bliain ar aon nochtaí. Athrófar an beartas chun dáta sa bhliain 2023 ar aon dul leis an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022, a thiocfaidh in éifeacht an 1 Eanáir 2023.

Is iad seo na páirtithe a dtabharfar fógra dóibh i dtaobh teagmhais den sórt sin.

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Comhaltaí an Údaráis

Ceann na Seirbhíse Iniúchóireachta Inmheánaí

Ard-Rúnaí na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

An tAire (de réir mar is cuí)

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

An Garda Síochána (nuair is cuí)

Níor tuairiscíodh aon Nochtaí Cosanta sa bhliain 2022. Coimeádann ÚNM clár le haghaidh Nochtaí Cosanta agus gach teagmhas calaoiseach líomhnaithe. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag ÚNM chun a chinntiú go n-imscrúdaítear iad sin. De réir alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, d'fhoilsigh ÚNM an Tuarascáil Bhliantúil ar Nochtadh Cosanta uaidh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021.

**Cuntasacht**

Ullmhaíonn an tÚdarás Plean Straitéiseach gach trí bliana faoin Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, agus cuirtear an Plean sin faoi bhráid an Aire lena cheadú. Cheadaigh an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige an plean reatha, a bhaineann leis an tréimhse ó 2022 go 2024, le linn na bliana 2021. Leanann an tÚdarás dá chinntiú go gcuirtear an straitéis chun feidhme, rud ina leagtar amach spriocanna straitéiseacha ardleibhéil na heagraíochta ar i gcomparáid leo a thuairiscíonn ÚNM ar dhul chun cinn don Roinn.

Tá na pleananna oibre bliantúla ailínithe leis na tosaíochtaí straitéiseacha tríd an bPlean Straitéiseach, agus tuairiscíonn an lucht ardbhainistíochta ag eatraimh thráthrialta don Údarás ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ar iad a chur chun feidhme. Cuireadh dréacht-Phlean Oibre 2023 faoi bhráid an Údaráis i mí na Nollag 2022 agus ceadaíodh é ag cruinniú an Údaráis i mí Feabhra 2023.

Mar is dual dó, is dinimiciúil atá an córas rialaithe inmheánaigh agus déantar forbairt, cothabháil agus faireachán leanúnach air mar fhreagairt do riachtanais éiritheacha na heagraíochta. Áirítear leis na príomhghnéithe, na príomhphróisis agus na príomhnósanna imeachta:

- Scaradh soiléir idir ról an Chathaoirligh agus ról an Stiúrthóra, mar atá leagtha amach i lámhleabhar rialachais ÚNM;
- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh príomhphróisis ghnó agus sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta, agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo;
- Is ann do phróiseas um thuairisciú tráthrialta bainistíochta agus do chreat um nósanna imeachta riaracháin, rud lena n-áirítear leithscaradh dualgas, córas tarmligin agus cuntasachta agus córas le haghaidh caiteachas a údarú;
- Déantar Nósanna Imeachta Airgeadais a athrú chun dáta ar bhonn tráthrialta;
- Tá ag an eagraíocht beartais agus nósanna imeachta a bhfuil mar aidhm leo comhlíonadh na gceanglas uile pá agus taistil a neartú de réir na gciorclán ón Roinn Airgeadais agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe;
- Tá comhaontú soláthair feidhmíochta i bhfeidhm ag an eagraíocht leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige don tréimhse 2022, agus déantar soláthar an chomhaontaithe sin a phlé agus a athbhreithniú ag na cruinnithe leathbhliantúla rialachais agus formhaoirseachta a thionóltar le hoifigigh na Roinne;
- Tháinig an Coiste um Fheidhmíocht an Stiúrthóra le chéile sa bhliain 2022 chun freagrachtaí agus gníomhartha an Stiúrthóra a chomhaontú ar aon dul le clár oibre ÚNM, mar atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach agus sa Phlean Oibre Bliantúil. Tuairiscíonn an Coiste don Údarás agus tugann sé eolas don Stiúrthóir ar thuairimí agus moltaí an Údaráis;
- Rinne an tÚdarás féinmheastóireacht ar a fheidhmíocht sa bhliain 2022 ar aon dul leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Rinneadh dul chun cinn ar fud na bliana ar mholtaí a tháinig as an bpróiseas meastóireachta seachtraí roimhe (2021). Tá córais i bhfeidhm a bhfuil mar aidhm leo slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú. Tá Comhaontú Seirbhíse i bhfeidhm ag ÚNM maidir leis an tseirbhís chomhroinnte tacaíochta TFC a mbaineann sé leas as faoin Roinn Dlí agus Cirt. Cuirfidh ÚNM deireadh leis an gcomhaontú sin sa bhliain 2023 agus aistreoidh sé chuig ardán Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais, áit a gcuirfear Comhaontú Seirbhíse den chineál céanna i bhfeidhm;
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint agus cuntas a thabhairt iontu;

- Oibríonn Feidhmeannas ÚNM ar bhonn leanúnach chun feabhas a chur ar chórais rialaithe agus chun tuairisciú don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus don Choiste Airgeadais. Don tréimhse 2022, áiríodh leis sin togra le haghaidh ardán TFC a aistriú (rud atá le déanamh sa bhliain 2023), Beartas Oibre Cumaisc ÚNM a fhorbairt, athbhreithniú a dhéanamh ar Athbhreithniú na bliana 2021 ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais, agus formhaoirseacht a dhéanamh ar chríochnú chur chun feidhme na moltaí a rinneadh san athbhreithniú coimisiúnaithe ar riosca ar sheol Mazars é;
- Táirgtear Tuarascáil Bhliantúil ina gcuimsítear na ráitis airgeadais agus foilsíonn ÚNM í a luaithe atá sí leagtha faoi bhráid an Oireachtais.

Tá lámhleabhar Rialachais Chorparáidigh ÚNM ag teacht leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Leagtar amach sa lámhleabhar an ról atá ag comhaltaí an Údaráis agus an Fheidhmeannais, mar aon le nósanna imeachta le haghaidh údarás tarmligthe, cinntí, leasanna comhaltaí agus nithe eile.

Tá Oifigeach Cosanta Sonraí, Oifigeach Saorála Faisnéise agus Oifigeach Riosca ag ÚNM.

### Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun le haghaidh faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe, agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh sin atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh sna réimsí iomchuí, agus forálacha ann chun eolas a thabhairt agus don lucht bainistíochta, don Údarás agus dá choistí, nuair is iomchuí, ar bhealach tráthúil.

Deimhním go bhfuil na córais faireacháin leanúnaigh seo a leanas i bhfeidhm:

- Sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú, áit a n-athbhreithníonn an Feidhmeannas na Rialuithe Bainistíochta Riosca dhá uair sa bhliain ar a laghad agus a dtagann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile gach ráithe ar a laghad;
- Tuairiscíonn an Stiúrthóir don Údarás gach dhá mhí ar eagrúchán, ar rialachas, ar phleananna gnó agus ar nithe tionscadail, agus aon mhíreanna a n-éilítear ceadú ina leith á dtabhairt chuig an Údarás;
- Faigheann an tÚdarás tuarascálacha foirmiúla tráthrialta ón gCoiste Airgeadais, ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus ón bPríomhoifigeach Riosca mar bhuanmhíreanna ar Chlár Oibre an Údaráis ar fud na bliana;
- Buanmhír ar chlár oibre an Údaráis is ea bainistíocht riosca;
- Déanann an Stiúrthóir faireachán ar fheidhmíocht caiteachais agus cinntíonn sé/sí go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil maidir le buiséid agus tionscadail a chur chun feidhme. Áirítear leis sin cuntais bhainistíochta mhíosúla a athbhreithniú agus riar a dhéanamh ar chóras bainistíochta tionscadal, rud a thacaíonn le feidhmíocht a mheas i gcomparáid le gealltanais sa phlean oibre agus le buiséid/réamhaisnéisí;
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais. Tuairiscíonn an tOifigeach Airgeadais agus Soláthair don Cheann Seirbhísí Corparáideacha agus táirgeann sé/sí cuntais mhíosúla lena n-athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta, ag an gCoiste Airgeadais agus ag an Údarás. Breithníonn an Coiste Airgeadais an anailís airgeadais a dtáirgeann an grúpa ardbhainistíochta í agus tuairiscíonn sí

don Údarás ar fheidhmíocht.  Tagann an Coiste Airgeadais le chéile idir ceithre huaire agus sé huaire sa bhliain chun feidhmíocht caiteachais agus bainistíocht buiséid a athbhreithniú;

- Tá éifeachtacht na rialuithe faoi réir iniúchtaí neamhspleácha a stiúrtar le clár iniúchóireachta a gcinneann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca é. Breithníonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca na tuarascálacha ar iniúchtaí agus cuirtear faoi bhráid an Údaráis iad.

**Soláthar**

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag ÚNM chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte reatha maidir le soláthar agus gur chomhlíon ÚNM na nósanna imeachta sin sa bhliain 2022.Tá beartas soláthair taifeadta i bhfeidhm ag ÚNM, mar aon le córais le haghaidh conarthaí a mheas agus a dhámhachtain agus le haghaidh tuairisciú don Údarás ar thorthaí soláthair.

**Riosca**

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag ÚNM chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann formhaoirseacht ar a gcuid oibre, agus an grúpa ardbhainistíochta laistigh de ÚNM atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil, déanann siad eolas d'fhaireachán agus athbhreithniú ÚNM ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

**Athbhreithniú Bliantúil**

Rinne an tÚdarás an t-athbhreithniú neamhspleách bliantúil ar na rialuithe inmheánacha a bhí i bhfeidhm sa bhliain 2022 an 23 Márta 2023. Meastar gurb é an toradh atá ar Iniúchadh Inmheánach ná go dtugtar meastóireacht oibiachtúil agus tuairim oibiachtúil ar éifeachtacht chreat ÚNM maidir le rialachas, bainistíocht riosca agus rialú.

Bhreithnigh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca cur chun feidhme na moltaí ó fhionnachtana iniúchta (inmheánaigh agus sheachtraigh) roimhe agus thug sé dearbhuithe ina leith sin sa tuarascáil bhliantúil uaidh don Údarás i mí na Nollag 2022.

Ag teacht sna sála ar na dearbhuithe uile a tugadh a phlé agus a bhreithniú, ghlac an tÚdarás an ráiteas seo faoi rialú inmheánach.

**Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh**

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach i dtaca leis an mbliain 2022.

Kathryn O' Donoghue
Cathaoirleach
Dáta: 28/09/2023

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

# RÁITEAS FAOI IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ COINNITHE IONCAIM

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022**

| | Nóta | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontais ón Oireachtas | 2 | 5,540,463 | 4,696,122 |
| Glanchistiú Iarchurtha Pinsin | 3(c) | 698,900 | 375,200 |
| Ioncam Eile | 4 | 3,097 | 69,841 |
| **Ioncam Iomlán** | | **6,242,460** | **5,141,163** |
| | | | |
| **Caiteachas** | | | |
| Tionscadail agus Oibreacha Coimisiúnaithe is Iníoctha | 5 | 1,018,649 | 704,003 |
| Costais Riaracháin agus Oibríochtaí | 6 | 3,615,168 | 3,142,106 |
| Costais Sochair Scoir | 3(a) | 1,232,900 | 936,400 |
| Laghdú i luach sócmhainní seasta | 8 | 87,196 | 84,630 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **5,953,913** | **4,867,139** |
| | | | |
| **Barrachas/ (Easnamh) roimh leithreasaí** | | **288,547** | **274,024** |
| | | | |
| Aistriú (chuig an)/ ón gCuntas Caipitil | 7 | (31,729) | (109,764) |
| **Barrachas/ (easnamh) tar éis leithreasaí** | 9 | 256,818 | 164,260 |
| **Iarmhéid i dtús na bliana** | | **391,789** | **227,529** |
| **Iarmhéid ag deireadh na bliana** | | **648,607** | **391,789** |

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 16 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Údarás an Údaráis Náisiúnta Míchumais:

Kathryn O'Donoghue
Cathaoirleach
Dáta: 28/09/2023

An Dr Aideen Hartney
Stiúrthóir
Dáta: 28/09/2023

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

# RÁITEAS FAOI IONCAM CUIMSITHEACH

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022**

| | Nóta | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Barrachas/(Easnamh)** | | **648,607** | **391,789** |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach ar oibleagáidí sochair scoir | 3(b) | 9,142,400 | (1,226,100) |
| Coigeartú ar chistiú iarchurtha pinsin | | (9,142,400) | 1,226,100 |
| **Ioncam/(Caillteanas) Cuimsitheach Iomlán don bhliain** | | **648,607** | **391,789** |

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 16 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Údarás an Údaráis Náisiúnta Míchumais:

Kathryn O'Donoghue
Cathaoirleach
Dáta: 28/09/2023

An Dr Aideen Hartney
Stiúrthóir
Dáta: 28/09/2023

## An tÚdarás Náisiúnta Míchumais
## STATEMENT OF FINANCIAL POSITION
**Amhail an 31 Nollaig 2022**

| | Nóta | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 8 | 3,006,307 | 2,974,578 |
| **Sócmhainní Seasta Iomlána** | | **3,006,307** | **2,974,578** |
| | | | |
| Sócmhainní Reatha | 10 | 794,079 | 568,044 |
| Suimeanna Infhaighte | | 20,508 | 25,653 |
| **Airgead agus coibhéisí airgid** | | **814,587** | **593,697** |
| | | | |
| Dliteanais Reatha (suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin) | 11 | (155,980) | (191,908) |
| **Suimeanna Iníoctha** | | **658,607** | **401,789** |
| **Glansócmhainní Reatha** | | | |
| Dliteanais Fhadtéarmacha (suimeanna a bheidh dlite tar éis bliain amháin) | 12 | (10,000) | (10,000) |
| **Éarlais cíosa atá á sealbhú** | | | |
| Sochair Scoir | 3(b) | (22,142,000) | (30,585,500) |
| Sócmhainn cistiúcháin iarchurtha sochair scoir | 3(b) | 22,142,000 | 30,585,500 |
| Oibleagáidí sochair scoir | | | |
| | | **3,654,914** | **3,366,367** |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | | |
| | | | |
| **Ionadaithe ag** | 7 | 3,006,307 | 2,974,578 |
| Cuntas caipitil | | 648,607 | 391,789 |
| Cúlchistí coinnithe ioncaim | | **3,654,914** | **3,366,367** |

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 16 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Údarás an Údaráis Náisiúnta Míchumais:

Kathryn O'Donoghue
Cathaoirleach
Dáta: 28/09/2023

An Dr Aideen Hartney
Stiúrthóir
Dáta: 28/09/2023

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

## RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022**

| | Nóta | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | | |
| (Easnamh)/Barrachas don Bhliain | | 256,818 | 164,260 |
| Gluaiseacht chuig an gCuntas Caipitil | | 31,729 | 109,764 |
| Dímheas Sócmhainní Seasta | 8 | 87,196 | 84,630 |
| (Méadú)/Laghdú i Suimeanna Infhaighte | | (226,035) | (87,341) |
| (Laghdú)/Méadú i Suimeanna Iníoctha | | (35,928) | (174,023) |
| **Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **113,780** | **97,290** |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | | |
| Íocaíochtaí chun Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh a cheannach | 8 | (118,925) | (194,394) |
| **Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | **(118,925)** | **(194,394)** |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin** | | | |
| Ús Bainc a fuarthas | | - | - |
| **Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin** | | **-** | **-** |
| **(Glanlaghdú)/Glanmhéadú in Airgead agus i gCoibhéisí Airgid** | | **(5,145)** | **(97,104)** |
| **Airgead agus coibhéisí airgid ag an 1 Eanáir 2022** | | **25,653** | **122,757** |
| **Airgead agus coibhéisí airgid ag an 31 Nollaig 2022** | | **20,508** | **25,653** |

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022**

### 1. Beartais Chuntasaíochta

Tá an bonn cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta ar ghlac ÚNM iad leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad go léir ar fud na bliana agus don bhliain roimhe. Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair in Euro (€).

#### a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh ÚNM faoi alt 6 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999, an 12 Meitheamh 2000 tráth dhíscaoileadh an Bhoird Náisiúnta Athshlánúcháin a tháinig roimhe.

Is é an phríomhfheidhm atá ag ÚNM ná comhairle a thabhairt don Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige faoi shaincheisteanna beartais agus cleachtais atá iomchuí maidir le saol daoine faoi mhíchumas.

- Áirítear iad seo a leanas leis na feidhmeanna ar leith atá ag an ÚNM, mar atá leagtha amach in alt 8 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999:
- Gníomhú mar chomhlacht náisiúnta lárnach a chuideoidh leis an Aire i dtaca le comhordú agus forbairt beartais maidir le daoine faoi mhíchumas.
- Tionscadail agus gníomhaíochtaí taighde ar shaincheisteanna maidir le míchumas a ghabháil de láimh nó a choimisiúnú, nó comhoibriú iontu.
- Cuidiú a thabhairt i dtaca le forbairt faisnéise staidrimh is cuí chun pleanáil, soláthar agus faireachán a dhéanamh maidir le cláir agus seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas.
- Comhairle a thabhairt don Aire maidir le caighdeáin chuí le haghaidh clár agus seirbhísí a sholáthraítear nó atá le soláthar do dhaoine faoi mhíchumas agus gníomhú mar chomhlacht comhairleach i leith caighdeáin ghinearálta agus caighdeáin shonracha a fhorbairt i ndáil leis na cláir agus na seirbhísí sin.
- Faireachán a dhéanamh ar fhorfheidhmiú caighdeán agus cód cleachtais i gcláir agus seirbhísí a sholáthraítear do dhaoine faoi mhíchumas agus tuarascáil a thabhairt don Aire ar an gcéanna.
- Idirchaidreamh a dhéanamh le comhlachtaí eile, idir chomhlachtaí corpraithe agus chomhlachtaí neamhchorpraithe, a bhfuil baint acu le seirbhísí a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas agus éascú agus tacú a dhéanamh maidir le forbairt agus forfheidhmiú caighdeán cuí le haghaidh clár agus seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas.
- Ullmhú a dhéanamh ar chóid chleachtais arb é is cuspóir dóibh aidhm i leith dea-chaighdeáin agus dea-cháilíocht a bhaint amach i dtaca le soláthar clár agus seirbhísí a sholáthraítear nó atá le soláthar do dhaoine faoi mhíchumas.
- Aitheantas a thabhairt do ghnóthú dea-chaighdeán agus dea-cháilíochta le linn cláir agus seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas a sholáthar, lena n-áirítear trí chóras dámhachtainí comhionannais míchumais a sholáthar.
- Pleananna straitéiseacha a ullmhú.

Áirítear iad seo a leanas leis na feidhmeanna breise atá ag an Údarás faoin Acht um Míchumas 2005:

- Ullmhú a dhéanamh ar chóid chleachtais a bhaineann le hinrochtaineacht foirgneamh poiblí, seirbhísí, acmhainní faisnéise agus láithreán oidhreachta ar iarraidh ón Aire (Cuid 3).
- Faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh spriocanna reachtúla le haghaidh earcú agus fostú daoine faoi mhíchumas san earnáil phoiblí agus forfheidhmiú na spriocanna sin a chinntiú, gníomhartha a mholadh atá le déanamh i gcás nach mbeidh na spriocanna sin á gcomhlíonadh, agus cóid chleachtais a ullmhú i gcás go n-iarrfar iad (Cuid 5).
- Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch a bhunú agus a oibriú i ndáil leis an timpeallacht thógtha, na táirgí, na seirbhísí agus an teicneolaíocht faisnéise lena gcuirfear prionsabail an deartha uilíoch chun cinn ionas gur féidir le daoine faoi mhíchumas iad a rochtain, a thuiscint agus a úsáid a mhéid is mó is féidir:
    - Ar an mbealach is neamhspleáiche agus is nádúrtha, agus
    - Sa raon is leithne cásanna, gan aon ghá le hoiriúnú, le modhnú, le gléasanna cúnta ná le sainréiteach (Cuid 6).
- Faoi I.R. 358/2020, tá ÚNM ainmnithe mar chomhlacht faireacháin le haghaidh na Treorach maidir le hInrochtaineacht Gréasáin agus le haghaidh na Rialachán gaolmhar in Éirinn.
- Ghlac ÚNM ról breise chuige féin i ndáil le tuairisciú ar oibriú an Achta um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, 2017, sa bhliain 2021, arna iarraidh sin ag an Aire. Samhlaítear go n-ullmhóidh an tÚdarás an tuarascáil sin ag eatraimh atá sonraithe san Acht as seo amach.

**b) Ráiteas faoi Chomhlíonadh**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais ÚNM don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 i gcomhréir leis an reachtaíocht iomchuí agus le FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais.

**c) Bonn an Ullmhúcháin**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais trí úsáid a bhaint as modh fabhruithe na cuntasaíochta, ach amháin mar atá sonraithe thíos, agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil de réir FRS 102. Is de réir mar a thagann siad i ngníomh a ghlactar na Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais arna moladh ag comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm ar cheadaigh an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige iad.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhíothas ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais an ÚNM.

**d) Ioncam**

Deontais ón Oireachtas

Faigheann ÚNM deontas gach bliain ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, mar a fhoráiltear san Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999. Is ar bhonn fáltas airgid a aithnítear Deontais ón Oireachtas.

**e) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh**

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh de réir costais lúide dímheas carntha, arna choigeartú i leith aon soláthair do bhearnú. Gearrtar dímheas ar gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh ag rátaí a mheastar chun an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne a dhíscríobh de réir méid cothrom nó ar bhonn comhardaithe laghdaithigh thar a saolré fhónta mheasta, mar a leanas:

| | |
|---|---|
| (i) Áitreabh Ruílse | 2.5% sa bhliain (Comhardú laghdaitheach) |
| (ii) Daingneáin agus Feistis, Trealamh | 10% sa bhliain (Méid cothrom) |
| (iii) Crua-earraí agus bogearraí ríomhaire | 20% sa bhliain (Méid cothrom) |

Is ionann luach iarmharach agus an tsuim mheasta a gheofaí faoi láthair as sócmhainn a dhiúscairt, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, dá mba rud é go mbeadh an tsócmhainn ar aois agus sa riocht a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré fónta cheana féin.

Más ann d'fhianaise oibiachtúil ar bhearnú luach aon sócmhainne, aithnítear caillteanas bearnaithe sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim sa bhliain.

Chuir ÚNM na tairseacha atá leagtha amach i gCiorclán 21/2020 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun feidhme le linn a mheasúnú cé acu ba cheart nó nár cheart réadmhaoin, gléasra agus trealamh a chaipitliú don bhliain airgeadais 2022.

**f) Cuntas Caipitil**
Léirítear sa Chuntas Caipitil luach neamhamúchta an ioncaim a úsáideadh chun críocha caipitil (i.e., éadálacha).

**g) Suimeanna Infhaighte**
Aithnítear suimeanna infhaighte de réir luach cóir, lúide soláthar d'fhiacha amhrasacha. Is soláthar sonrach é an soláthar d'fhiacha amhrasacha, agus bunaítear é i gcás go bhfuil fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh ÚNM in ann na suimeanna uile atá dlite dó a bhailiú. Is sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim a aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar d'fhiacha amhrasacha.

**h) Sochair Fostaithe**
*Sochair Ghearrthéarmacha*

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chaiteachas sa bhliain. Cuirtear sochair atá fabhraithe ag deireadh na bliana ar áireamh san fhigiúr suimeanna iníoctha sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais.

*Sochair Scoir*

Feidhmíonn ÚNM scéim aoisliúntais sochair shainithe do bhaill foirne, rud a chistítear gach bliain ar bhonn 'íoc mar a úsáidtear' ó airgead a sholáthraíonn an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus ó ranníocaíochtaí foirne, ar ranníocaíochtaí iad a choinníonn an Roinn agus a chuirtear do shochar cuntais fionraí ar mhórleabhar Vóta na Roinne. Is ón gcuntas fionraí a íoctar teidlíochtaí cnapshuime le baill foirne atá ag dul ar scor agus is ó ioncam reatha a dhéantar íocaíochtaí míosúla pinsin le baill foirne atá ar scor.

Suas go deireadh na bliana 2022, tháinig 23 bhall foirne faoin Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair"), ar scéim sochair shainithe í d'fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó tar éis an dáta sin. Íocann an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige ranníocaíochtaí na gcomhaltaí den Scéim Aonair ar aghaidh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Is ionann costais phinsin agus sochair phinsin a thuill fostaithe ÚNM agus iarfhostaithe an Bhoird Náisiúnta Athshlánúcháin, lena n-áirítear ranníocaíochtaí scéime aonair, nuair is cuí. Léirítear iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne, ar ranníocaíochtaí iad a choinníonn an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus a íoctar ar aghaidh leis an Roinn

Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (i gcás comhaltaí den scéim aonair). Aithnítear suim atá comhfhreagrach don mhuirear pinsin mar ioncam, a mhéid is féidir í a aisghabháil. Frithairítear í in aghaidh deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a dhéanamh.

Is sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach a léirítear gnóthachain achtúireacha nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais na scéime. Aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa tsuim is féidir a aisghabháil ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

Léirítear sna ráitis airgeadais na sócmhainní agus na dliteanais, de réir luach cóir, a eascraíonn as oibleagáidí pinsin ÚNM agus aon chistiú gaolmhar. Aithnítear iontu na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta ina dtuilleann fostaithe iad. Is ar bhonn achtúireach a thomhaistear dliteanais na scéime sochair scoir, agus modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa á úsáid.

**i) Breithiúnais agus Meastacháin Thábhachtacha Chuntasaíochta**

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail an dáta tuairiscithe agus ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus caiteachas le linn na bliana. Fágann cineál an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhír bheith difriúil leis na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas na breithiúnais a raibh an éifeacht is suntasaí acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

*Dímheas agus Luachanna Iarmharacha*

Rinne an Feidhmeannas athbhreithniú ar shaolré na sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara gach aicme sócmhainne seasta, go háirithe saolré eacnamaíoch fhónta agus luachanna iarmharacha na bhfeistí agus na ndaingneán, agus tháinig sé ar an gconclúid gur cuí atá saolré na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha.

*Oibleagáid Sochair Scoir*

Maidir leis na toimhdí atá taobh thiar de na luachálacha achtúireacha óna gcinntear na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus treorátaí costas cúram sláinte), tugtar iad cothrom le dáta gach bliain bunaithe ar dhálaí reatha geilleagracha agus chun freastal ar aon athruithe iomchuí ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leis na nithe seo a leanas dul i bhfeidhm ar na toimhdí:

(i) an ráta lascaine, athruithe sa ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin

(ii) leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí sa mhargadh saothair amach anseo

(iii) treorátaí costas cúram sláinte, an ráta boilscithe costas leighis sna réigiúin iomchuí

## 2. Deontais ón Oireachtas

Na deontais ón Oireachtas a vótáladh chuig ÚNM ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

| | | Nóta | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| Deontais le haghaidh caiteachas reatha | Vóta 40 – Fo-mhírcheann D03 | | 5,540,463 | 4,696,122 |
| | | | **5,546,840** | **4,696,122** |

## 3. Costais Sochair Scoir

### (a) Anailís ar na costais iomlána sochair scoir a muirearaíodh ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Costais seirbhíse reatha | 1,008,300 | 854,300 |
| Ús ar dhliteanais na scéime sochair scoir | 353,700 | 189,000 |
| Ranníocaíochtaí Fostaithe | (129,100) | (106,900) |
| | **1,232,900** | **936,400** |

### (b) Gluaiseacht i nglanoibleagáidí sochair scoir sa bhliain airgeadais

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Glanoibleagáid sochair scoir ag an 1 Eanáir | 30,585,500 | 28,984,200 |
| Costais seirbhíse reatha | 879,200 | 747,400 |
| Costais úis | 353,700 | 189,000 |
| (Gnóthachan)/caillteanas achtúireach | (9,142,400) | 1,226,100 |
| Pinsin a íocadh sa bhliain | (534,000) | (561,200) |
| **Glanoibleagáid sochair scoir ag an 31 Nollaig** | **22,142,000** | **30,585,500** |

### (c) Cistiú iarchurtha le haghaidh sochair scoir

Aithníonn ÚNM na suimeanna seo mar shócmhainn atá comhfhreagrach don dliteanas iarchurtha neamhchistithe le haghaidh sochair scoir, bunaithe ar an tacar toimhdí atá tuairiscithe thuas agus ar roinnt eachtraí san am atá thart.

Áirítear leis na heachtraí sin an bonn reachtúil do na scéimeanna sochair scoir a bhunú agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i ndáil le pinsin seirbhíse poiblí a chistiú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag ÚNM á léiriú nach leanfaidh an beartas cistiúcháin sin le suimeanna den sórt sin a íoc de réir an chleachtais reatha.

Ina theannta sin, i gcás comhaltaí den scéim aonair, foráiltear le halt 44 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, d'íocaíochtaí pinsin a chistiú de réir mar a thagann siad chun bheith dlite trí íocaíochtaí a dhéanamh ón bPríomh-Chiste nó ó chistí a sholáthraíonn an tOireachtas chun na críche sin.

Is mar a leanas a bhí an glanchistiú iarchurtha le haghaidh sochair scoir a aithníodh sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim:

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Cistiú is in-aisghafa i leith chostais sochair scoir na bliana reatha | 1,232,900 | 936,400 |
| Deontas stáit a úsáideadh chun sochair scoir a íoc | (534,000) | (561,200) |
| | 698,900 | 375,200 |

B'ionann an tsócmhainn cistiúcháin iarchurtha le haghaidh sochair scoir ag an 31 Nollaig 2022 agus €22.1m (2021: €30.5m).

**(d) Cur síos ginearálta ar na scéimeanna**

Is socrú pinsean tuarastail deiridh lena ngabhann sochair shainithe í an scéim sochair scoir, ar ina leith a dhéantar sochair agus ranníocaíochtaí a shainiú trí thagairt do rialacháin reatha scéim "eiseamláireach" na hearnála poiblí. Leis an scéim, soláthraítear pinsean (arb ionann é agus 1/80 in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (arb ionann í agus 3/80 in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin céilí agus leanaí. Is é 65ú breithlá an chomhalta an ghnáthaois scoir, agus tá daoine ar comhaltaí iad roimh an mbliain 2004 i dteideal dul ar scor gan aon laghdú achtúireach tráth a bhainfidh siad 60 bliain d'aois amach. Is gnách go n-athraíonn pinsin atá á n-íoc (agus atá á n-iarchur) ar aon dul le gluaiseachtaí ginearálta i dtuarastail earnála poiblí.

Glacann ÚNM páirt sa Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (an scéim aonair) freisin. Is ionann an scéim sin agus scéim pinsean sochair shainithe d'fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó tar éis an dáta sin de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile), 2012. Foráiltear leis an scéim do chnapshuim pinsin agus scoir a íoc bunaithe ar luach saothair inphinsin mar mheán gairme agus do phinsin céilí agus leanaí. Is é 66 bliana an aois íosta pinsin (a mhéadaíonn de réir athruithe san aois pinsin Stáit). Áirítear leis an scéim saoráid luathscoir a laghdaítear go hachtúireach ó 55 bliana d'aois ar aghaidh. Méadaíonn pinsin atá á n-íoc de réir an innéacs praghsanna do thomhaltóirí.

Bhí an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtadh FRS 102 bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán a ndearna achtúire cáilithe neamhspleách í i mí an Mhárta 2023, rud inar cuireadh ceanglais an chaighdeáin tuairiscithe airgeadais sin san áireamh chun na dliteanais scéime ag an 31 Nollaig 2022 a mheas.

Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha a úsáideadh:

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| Ráta méadaithe i dtuarastail | 4.6% | 4.0% |
| Méaduithe Pinsin – Scéim aoisliúntais | 3.6% | 3.0% |
| Ráta lascaine | 3.9% | 1.15% |
| Ráta boilscithe | 2.6% | 2.0% |
| Méaduithe sa phinsean Stáit | 2.6% | 2.0% |
| Méaduithe pinsin – An Scéim Aonair | 2.6% | 2.0% |

*Mortlaíocht*

58% den fhigiúr d'fhir i dTáblaí Saoil na hÉireann Uimh. 15, agus feabhsuithe ann (féach thíos).

62% den fhigiúr do mhná i dTáblaí Saoil na hÉireann Uimh. 15, agus feabhsuithe ann (féach thíos).

Déantar feabhsuithe iolraithe bliantúla ar rátaí blianachta – agus iad cothrom le 0.36% sa bhliain (Fir nach bhfuil pinsean céile acu), le 0.30% sa bhliain (Fir a bhfuil pinsean céile acu), le 0.30% sa bhliain (Mná nach bhfuil pinsean céile acu) agus le 0.25% sa bhliain (Mná a bhfuil pinsean céile acu) – do gach bliain idir an bhliain 2014 agus an bhliain ina dtiteann an gnáthdháta scoir.

Léirítear sa tábla thíos an t-ionchas saoil toimhdithe do chomhaltaí a bhainfidh an ghnáthaois scoir amach sna blianta 2023 agus 2043.

| **Bliain ina mbainfear 65 bliana d'aois amach** | **2023** | **2043** |
|---|---|---|
| Ionchas saoil – fear | 21.6 bliain | 23.2 bliain |
| Ionchas saoil – bean | 24.1 bliain | 25.6 bliain |

## 4. Ioncam Eile

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Social Welfare * | - | 4,633 |
| Other Grant Funding ** | 3,097 | 50,000 |
| HSE Funding | - | 15,208 |
| | **3,097** | **69,841** |

* Íocann an Roinn Coimirce Sóisialaí fáltais leasa shóisialaigh isteach i gcuntas reatha ÚNM. Íocann ÚNM na fáltais sin ar bhonn tréimhsiúil leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, a thugann ar ais iad don Státchiste mar 'Leithreasaí-i-gCabhair'. Níl ÚNM ag aithint na bhfáltas sin mar ioncam sa bhliain 2022 ná i mblianta ina dhiaidh sin.

** An bhliain airgeadais 2022 – Cistiú ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige le haghaidh ball foirne a bhí ar iasacht. An bhliain airgeadais 2021 – Cistiú Deontais Theanga Chomharthaíochta na hÉireann ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

## 5. Tionscadail agus Oibreacha Coimisiúnaithe

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Taighde | 227,386 | 224,786 |
| Acmhainní Faisnéise | 95,407 | 75,262 |
| Dearadh Uilíoch a Chur Chun Cinn | 72,005 | 33,122 |
| Caighdeáin agus Treoirlínte | 107,128 | 154,696 |
| Comhdhálacha agus Seimineáir | 44,536 | 8,677 |
| Clár feasachta ar mhíchumas | 103,820 | 101,372 |
| An Treoir maidir le hInrochtaineacht Gréasáin | 246,742 | 99,664 |
| Straitéis Acmhainní Daonna | 27,482 | - |
| Straitéis TFC | 77,364 | - |
| Costais Ateangaireachta agus Aistriúcháin* | 16,780 | 6,424 |
| | **1,018,650** | **704,003** |

* Áirítear leis na costais seo Costais Ateangaireachta agus Aistriúcháin dar luach €9,542 agus Costais €7,238 a bhain le hábhar a dhéanamh Soléite agus a chur i mBéarla Simplí.

## 6. Costais Riaracháin agus Oibríochtaí

| | | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|---|
| Luach saothair agus costais eile phá * | 6(a) | 2,860,737 | 2,473,828 |
| Forchostais agus feabhsuithe foirgnimh | | 217,516 | 120,947 |
| Rátaí | | 54,431 | 13,385 |
| Seirbhísí glantacháin agus tí | | 36,907 | 42,641 |
| Táillí agus caiteachais an Údaráis | 6(b) | 30,031 | 52,463 |
| Postas agus teileachumarsáid | | 23,810 | 15,651 |
| Costais oifige | | 29,380 | 13,037 |
| Leabharlann | | 36,544 | 38,891 |
| Costais TF | | 153,335 | 142,925 |
| Táillí gairmiúla | | 29,436 | 55,154 |
| Táillí iniúchóireachta | | 47,394 | 21,100 |
| Oiliúint foirne | | 42,471 | 55,513 |
| Táillí earcaíochta | | 17,752 | 16,909 |
| Comhairleacht | | 18,075 | 64,202 |
| Costais Ateangaireachta agus Aistriúcháin | | 17,349 | 15,461 |
| | | **3,615,168** | **3,142,106** |

**(a) Luach Saothair agus Costais Eile Phá**

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---:|---:|
| Tuarastail foirne (lena n-áirítear fabhrú pá saoire) | 2,766,048 | 2,428,891 |
| Pá ball foirne gníomhaireachta | 86,715 | 44,202 |
| Costais taistil agus chothaithe foirne | 7,973 | 735 |
| | **2,860,736** | **2,473,828** |

B'ionann agus 40 ball foirne (2021: 39 mball foirne) an líon iomlán ball foirne (CBL) a bhí fostaithe ag deireadh na bliana.

*Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe*

| Raon na sochar gearrthéarmach iomlán fostaithe | | | Líon Fostaithe | |
|---|---|---|---|---|
| **Ó** | | **Go** | **2022** | **2021** |
| Less than | | €59,999 | 26 | 24 |
| €60,000 | - | €69,999 | 0 | 1 |
| €70,000 | - | €79,999 | 6 | 6 |
| €80,000 | - | €89,999 | 3 | 6 |
| €90,000 | - | €99,999 | 7 | 0 |
| €100,000 | - | €109,999 | 1 | 0 |
| €110,000 | - | €119,999 | 2 | 2 |
| **An líon iomlán fostaithe** | | | 45 | 39 |

Maidir leis na sochair ghearrthéarmacha a íocadh i leith seirbhísí a soláthraíodh le linn na tréimhse tuairiscithe, áirítear tuarastail leo, ach ní áirítear ÁSPC ón bhfostóir leo. Níor cuireadh aon sochair eile, amhail pá saoire, ar áireamh iontu.

Ní dhearnadh aon íocaíochtaí le haon bhaill foirne i leith sochair ragoibre ná sochair foirceanta (2021: €0).

*Luach Saothair an Stiúrthóra*

Leagtar amach sa tábla thíos an tuarastal a íocadh sa bhliain 2022 agus an figiúr comparáideach don bhliain 2021. Ní dhearnadh aon íocaíocht eile de chineál pá leis an Stiúrthóir sa bhliain 2022.

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---:|---:|
| Aideen Hartney | 117,065 | 111,367 |
| | **117,065** | **111,367** |

Tá pá an Stiúrthóra reatha bunaithe ar an scála pá do Phríomhoifigigh Státseirbhíse (Ard). Tá an Stiúrthóir ina comhalta den Scéim Pinsean Aonair agus ní théann a teidlíochtaí thar na teidlíochtaí caighdeánacha atá ar fáil faoi scéim den sórt sin.

*Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais*

Asbhaineadh €74,714 (2021: €71,058) ó bhaill foirne tríd an ranníocaíocht bhreise aoisliúntais, rud ar choinnigh an Roinn Dlí agus Cirt agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige é. Ghlac an Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais áit na hAsbhainte a

Bhaineann le Pinsean le héifeacht ón 1 Eanáir 2019. Is ranníocaíocht bhuan í, atá bunaithe ar luach saothair inphinsin amháin. Léirítear ansin méadú €863 ar iarmhéid na Ranníocaíochta Breise Aoisliúntais don bhliain 2021 tar éis é a réiteach leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

### 6(b) Costais an Údaráis

*Táillí agus Caiteachais Chomhaltaí an Údaráis*

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---:|---:|
| Táillí an Údaráis | 24,719 | 52,430 |
| Caiteachais dhíreacha taistil an Údaráis | 1,534 | 33 |
| Caiteachais indíreacha an Údaráis | 3,778 | - |
| | **30,031** | **52,463** |

Áirítear le táillí an Údaráis suim €992 a bhaineann le ÁSPC ón bhfostóir (2021: €1,994).

### 7. Cuntas Caipitil

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---:|---:|
| Iarmhéid tosaigh | 2,974,578 | 2,864,814 |
| Ioncam a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach | 118,925 | 194,394 |
| Suim a amúchadh sa bhliain ar aon dul le dímheas sócmhainní | (87,196) | (84,630) |
| **Aistrithe (chuig an)/ón Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim** | 31,729 | 109,764 |
| **Iarmhéid deiridh** | **3,006,307** | **2,974,578** |

## 8. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

| | Crua-earraí agus bogearraí ríomhaire € | Daingneáin agus Feistis, Trealamh € | Áitreabh Ruílse € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|
| **Costas ag an 1 Eanáir 2022** | **62,251** | **137,160** | **4,631,358** | **4,830,769** |
| **Breiseanna** | - | - | 118,925 | 118,925 |
| **Diúscairtí** | - | - | - | - |
| **Ag an 31 Nollaig 2022** | **62,251** | **137,160** | **4,750,283** | **4,949,694** |
| | | | | |
| **Dímheas ag an 1 Eanáir 2022** | **33,695** | **113,511** | **1,708,985** | **1,856,191** |
| **Muirear don bhliain** | 7,139 | 3,534 | 76,523 | 87,196 |
| | | | | |
| **Ag an 31 Nollaig 2022** | **40,834** | **117,045** | **1,785,508** | **1,943,387** |
| | | | | |
| **Glanluach Leabhar** | | | | |
| **Ag an 1 Eanáir 2022** | **28,556** | **23,649** | **2,922,373** | **2,974,578** |
| **Glanghluaiseacht don bhliain** | (7,139) | (3,534) | 42,402 | 31,729 |
| **Ag an 31 Nollaig 2022** | **21,417** | **20,115** | **2,964,775** | **3,006,307** |

Cuireann an tÚdarás a chuid gnó i gcrích ó áitreabh atá lonnaithe ag 25 Bóthar Chluaidh, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4. Is leis an Údarás an t-áitreabh sin. Níl aon réadmhaoin eile faoi úinéireacht ag an Údarás ná á léasú aige.

## 9. Easnamh/barrachas don bhliain

Mar atá tugtha faoi deara sna beartais chuntasaíochta, is ar bhonn fáltas airgid a aithnítear an deontas ón Oireachtas. Is ionann an deontas sin agus na hollíocaíochtaí a dhéanann an Roinn thar ceann ÚNM, agus é á fhritháireamh i gcásanna áirithe le fáltais a íoctar leis an Roinn. Is ar bhonn fabhruithe a aithnítear ioncam agus caiteachas eile sna ráitis airgeadais. Mar sin, ní gnáthbharrachas/gnátheasnamh oibriúcháin é an barrachas/an t-easnamh ar an ráiteas faoi ioncam cuimsitheach. Is féidir é sin a chur síos go príomha don difríocht idir cistiú airgeadbhunaithe agus caiteachas a dtugtar cuntas air ar bhonn fabhruithe.

## 10. Suimeanna Infhaighte

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---:|---:|
| RLCMLÓ * | 512,758 | 437,181 |
| Réamhíocaíochtaí | 257,950 | 88,958 |
| Féichiúnaithe Eile | 23,371 | 41,905 |
| | **794,079** | **568,044** |

* Íoctar costais cnapshuimeanna pinsin ó chuntas fionraí sonrach atá á choimeád chun na críche sin ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Coinníonn an Roinn na ranníocaíochtaí aoisliúntais ó gach ball foirne agus cuireann sí iad do shochar an chuntais sin ar bhonn coicísiúil. Is ar an gcuntas sin a mhuirearaítear na híocaíochtaí cnapshuime a dhéantar le linn na bliana. Is ionann an t-iarmhéid anseo agus an tsuim a sealbhaíodh sa chuntas ag an 31 Nollaig 2022.

## 11. Suimeanna iníoctha – suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---:|---:|
| RLCMLÓ | 1,274 | 4,031 |
| Fabhrú pá saoire | 61,141 | 139,679 |
| Táille iniúchóireachta | 19,350 | 19,350 |
| Fabhruithe eile | 69,884 | 28,848 |
| CBL | 4,331 | - |
| | **155,980** | **191,908** |

## 12. Suimeanna iníoctha – suimeanna a bheidh dlite tar éis bliain amháin

Is é atá san fhigiúr 'Creidiúnaithe a bheidh dlite tar éis bliain amháin' ná suim €10,000 (2021: €10,000) atá á sealbhú mar éarlais cíosa i leith an chomhaontaithe léasa do chuid den réadmhaoin a shealbhaítear ag 25 Bóthar Chluaidh.

## 13. Príomhphearsanra Bainistíochta

Cuimsíonn an príomhphearsanra bainistíochta (an Grúpa Ardbhainistíochta) an Stiúrthóir agus triúr Ardbhainisteoirí. B'ionann agus €421,314 (2021: €395,024) an luach saothair iomlán a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta, gan ÁSPC ón bhfostóir a áireamh.

B'ionann táillí chomhaltaí an Údaráis agus €24,719 (2021: €52,430). Féach Nóta 6 chun miondealú a fháil ar an luach saothair agus na sochair a íocadh leis na baill foirne uile, lena n-áirítear an Stiúrthóir. Tá na híocaíochtaí a rinneadh le comhaltaí an Údaráis nochta sa Ráiteas Rialachais.

## 14. Nochtadh Páirtithe Gaolmhara

Glacann an tÚdarás Náisiúnta Míchumais nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le leasanna pearsanta comhaltaí Údaráis. I ngnáthchúrsa an ghnó, féadfaidh ÚNM deontais a cheadú nó socruithe conartha eile a dhéanamh le heintitis a bhfuil comhaltaí den Údarás fostaithe iontu nó a bhfuil leas acu iontu ar shlí eile.
I gcásanna coinbhleachta féideartha leasa, ní fhaigheann comhaltaí den Údarás aon doiciméid Bhoird agus ní fhreastalaíonn siad ar aon díospóireachtaí maidir leis na hidirbhearta sin. Coinnítear clár lena gcumhdaítear gach cás den sórt sin, rud atá ar fáil ach é a iarraidh.

Ní raibh aon idirbhearta ann sa bhliain maidir le gníomhaíochtaí an Údaráis a raibh aon leas tairbhiúil ag comhaltaí den Údarás iontu.

## 15. Imeachtaí tar éis an Dáta Tuairiscithe

Ní raibh aon imeachtaí tar éis an dáta tuairiscithe ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais faoi FRS 102.

Tráth cheadú na ráiteas airgeadais, tá ionchas réasúnach ag ÚNM go bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige chun leanúint lena chuid oibríochtaí. Ar an gcúis sin, leanann ÚNM le bonn an ghnóthais leantaigh a ghlacadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aige.

## 16. Ceadú na ráiteas airgeadais

Rinne Údarás an Údaráis Náisiúnta Míchumais na ráitis airgeadais a cheadú an 23 Márta 2023.

# Aguisín 1: An tÚdarás agus coistí eile sa bhliain 2022

| Ainm: | Ról: | Dáta Ceapacháin: |
|---|---|---|
| Kathryn O'Donoghue | Cathaoirleach | Lúnasa 2018* |
| Jack Kavanagh | Comhalta | Lúnasa 2018* |
| Cathal Morgan | Comhalta | Lúnasa 2018* |
| Rebecca Gageby | Comhalta | Samhain 2022 |
| Deirdre Sheehan | Comhalta | Samhain 2022 |
| Bernadette Egan | Comhalta | Samhain 2022 |
| Adrian Carroll | Comhalta | Samhain 2022 |
| Eltin Ryle | Comhalta | Samhain 2022 |
| Thomas Maguire | Comhalta | Samhain 2022 |
| Lorraine Lally | Comhalta | Samhain 2022 |
| Jane Ann Duffy | Comhalta | Samhain 2022 |
| Vivian Rath | Comhalta | Samhain 2022 |
| Niamh Fawl | Comhalta | Eanáir 2021 |

*Comhaltaí den Údarás atá ag cur dara téarma isteach.

Sa tábla thíos, tugtar mionsonraí faoi na comhaltaí sin den Údarás a ndeachaigh a dtéarma in éag an 21 Iúil 2022.

| Ainm: | Ról: | Dáta Éaga an Téarma: |
|---|---|---|
| Helen Guinan | Cathaoirleach | Iúil 2022 |
| Damian Gordon | Comhalta | Iúil 2022 |
| Martha Griffin | Comhalta | Iúil 2022 |
| Teresa McDonnell | Comhalta | Iúil 2022 |
| Brian Callanan | Comhalta | Iúil 2022 |
| Aisling Glynn | Comhalta | Iúil 2022 |
| Deaglán Ó Briain | Comhalta | Iúil 2022 |
| Deirdre O'Connor | Comhalta | Iúil 2022 |

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

| Ainm: | Ról: | Dáta Ceapacháin: |
|---|---|---|
| John Fitzgerald | Cathaoirleach | Márta 2017* |
| Tony Fitzpatrick | Comhalta | Meitheamh 2017* |
| Tim Maverley | Comhalta | Lúnasa 2018* |
| John Maher | Comhalta | Lúnasa 2018* |
| Rebecca Gageby | Comhalta | Nollaig 2022 |
| Thomas Maguire | Comhalta | Nollaig 2022 |
| Adrian Carroll | Comhalta | Nollaig 2022 |

*Comhaltaí den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca atá ag cur dara téarma isteach.

Sa tábla thíos, tugtar mionsonraí faoi na comhaltaí sin den Choiste Iniúchóireachta a ndeachaigh a dtéarma in éag an 19 Iúil 2022.

| Ainm: | Ról: | Dáta Éaga an Téarma: |
|---|---|---|
| Teresa McDonnell | Comhalta | Iúil 2022 |
| Cathal Morgan | Comhalta | Iúil 2022 |
| Kathryn O'Donoghue | Comhalta | Iúil 2022 |

## An Coiste Airgeadais

| Ainm: | Ról: | Dáta Ceapacháin: |
|---|---|---|
| Rebecca Gageby | Cathaoirleach | Nollaig 2022 |
| Thomas Maguire | Comhalta | Nollaig 2022 |
| Deirdre Sheehan | Comhalta | Nollaig 2022 |
| Lorraine Lally | Comhalta | Nollaig 2022 |
| Gary Watters | Comhalta | Nollaig 2022 |

Bhí folúntas amháin ag an gCoiste Airgeadais ag deireadh na bliana 2022. Líonadh é i mí Feabhra 2023.

Sa tábla thíos, tugtar mionsonraí faoi na comhaltaí sin den Choiste Airgeadais a ndeachaigh a dtéarma in éag an 18 Iúil 2022.

| Ainm: | Ról: | Dáta Éaga an Téarma: |
|---|---|---|
| Kathryn O'Donoghue | Cathaoirleach | Iúil 2022 |
| Pat Fitzsimons | Comhalta | Iúil 2022 |
| Brian Callanan | Comhalta | Iúil 2022 |
| Damian Gordon | Comhalta | Iúil 2022 |
| Harry McGeary | Comhalta | Iúil 2022 |

## An Coiste um Fheidhmíocht an Stiúrthóra

| Ainm: | Ról: | Dáta Ceapacháin: |
|---|---|---|
| Kathryn O'Donoghue | Cathaoirleach | Samhain 2022 |
| Jack Kavanagh | Comhalta den Údarás | Lúnasa 2018* |
| Cathal Morgan | Comhalta den Údarás | Samhain 2022 |
| Bernadette Egan | Comhalta den Údarás | Samhain 2022 |

*Comhalta den Choiste um Fheidhmíocht an Stiúrthóra atá ag cur dara téarma isteach.

Sa tábla thíos, tugtar mionsonraí faoi na comhaltaí sin den Choiste um Fheidhmíocht an Stiúrthóra a ndeachaigh a dtéarma in éag an 18 Iúil 2022.

| Ainm: | Ról: | Dáta Ceapacháin: | Dáta Athcheapacháin: |
|---|---|---|---|
| Helen Guinan | Cathaoirleach | Iúil 2014 | Lúnasa 2018 |
| Deirdre O'Connor | Comhalta den Údarás | Iúil 2014 | Lúnasa 2018 |

# Aguisín 2: Ionadaíocht ar chomhlachtaí seachtracha sa bhliain 2022

## Coistí Comhairleacha Rannacha

Is ann do 11 Choiste Chomhairleacha Rannacha, a gcuirtear de chúram orthu faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Straitéise Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais, go háirithe na gníomhartha ar leith den Straitéis atá leithdháilte ar an Roinn ar leith sin. Tá siad comhdhéanta d'oifigigh roinne/ghníomhaireachta, d'ionadaithe do ÚNM, de bhaill de Ghrúpaí Geallsealbhóirí Míchumais agus, ina lán cásanna, d'ionadaithe d'eagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas, agus is gnách go dtagann siad le chéile ceithre huaire sa bhliain. Sa bhliain 2022, bunaíodh Coiste Comhairleach Rannach nua sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, rud a ndeachaigh ÚNM isteach ann. Is mar a leanas atá na Coistí Comhairleacha Ranna a bhí i mbun gnímh sa bhliain 2022:

- An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
- An Roinn Dlí agus Cirt
- An Roinn Sláinte
- An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
- An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
- An Roinn Coimirce Sóisialaí
- An Roinn Oideachais
- An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
- An Roinn Iompair
- An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
- An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

## An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus gníomhaireachtaí gaolmhara

- An Grúpa Comhairleach um an Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas
- An Grúpa Oibre um Vótáil Míchumais
- Fóram Geallsealbhóirí Uisce Éireann
- An Grúpa Oibre ar Shaoráid Áiteanna Feistis a sholáthar

## An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus gníomhaireachtaí gaolmhara

- Grúpa Stiúrtha na Straitéise Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais
- Ball d'Fhoireann Tionscadail na Samhla Rochtana agus Cuimsithe
- Ball de Ghrúpa Cur Chun Feidhme Trasearnála na Samhla Rochtana agus Cuimsithe
- Ball d'Fhóram Chigireacht Luathbhlianta TUSLA
- Ball den Ghrúpa um Fhostóirí ar son an Athraithe
- Ball de Ghrúpa Cur Chun Feidhme na Straitéise Cuimsithí Fostaíochta (níor tháinig an Grúpa le chéile sa bhliain 2022)

- Ball de Ghrúpa Oibre Míchumais an Aonaid Rannpháirtíochta
- Ball den Ghrúpa Straitéise um Shonraí Comhionannais (atá faoi stiúir ag RLCMLÓ agus ag an bPríomh-Oifig Staidrimh i gcomhpháirt)

## An Roinn Oideachais agus gníomhaireachtaí gaolmhara

- Ball d'Fhóram Comhairleach na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
- Ball d'Fhochoiste Taighde na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
- An Grúpa Comhairleach fán Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu
- Baill de shainghrúpa comhairleach CNOS um acmhainn ranganna speisialta sa todhchaí a shamhaltú

## An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus gníomhaireachtaí gaolmhara

- Ball de shainghrúpa athbhreithnithe oiliúna SOLAS
- Ball den Ghrúpa Comhairleach 'Foghlaim a Bhunathrú chun Feabhais, Cuimsiú a Chothú' de chuid SOLAS um Thodhchaí an Bhreisoideachais agus na hOiliúna

## An Roinn Coimirce Sóisialaí

- Ball de Ghrúpa Comhairleach Teicniúil an Rannáin Chuimsithe Shóisialta de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí um Shonraí agus Staitisticí
- Ball den Fhóram Geallsealbhóirí Míchumais

## An Roinn Sláinte agus gníomhaireachtaí gaolmhara

- Ball de Ghrúpa Náisiúnta Cur Chun Feidhme FSS um Threonna Nua
- Ball den Ghrúpa Formhaoirseachta um Buiséid Phearsantaithe a Chur Chun Feidhme
- Ball de Choiste an Bhoird Taighde Sláinte um an gCóras Tacaí Cumais Náisiúnta
- Ball de Ghrúpa Comhairleach an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte atá ag forbairt Caighdeáin Uileghabhálacha le haghaidh Cúram agus Tacaíocht a thabhairt do Leanaí a úsáideann Seirbhísí Sláinte agus Cúraim Shóisialta
- Ball de Choiste Athbhreithnithe Rialachais Náisiúnta Sheirbhísí Míchumais FSS um Fheabhsú Cáilíochta
- Ball de Phainéal Sainghrúpa an Choiste Stiúrtha Náisiúnta Cur Chun Feidhme agus Faireacháin um an bhFís a Chomhroinnt
- Ball de Choiste Teicneolaíochta Digití agus Cúnta FSS
- Ball d'Fhoghrúpa FSS um an gCreat le haghaidh Pleanáil atá Dírithe ar an Duine a Chur Chun Feidhme
- Ball de Choiste Athbhreithnithe Rialachais Náisiúnta Sheirbhísí Míchumais FSS um Fheabhsú Cáilíochta ar an Athbhreithniú ar Chuid B: Sábháilteacht Dóiteáin
- Ball de Shainghrúpa Comhairleach na Roinne Sláinte um Shaoirse a Chosaint

## Eile

- Ball d’Fhóram Scileanna Réigiúnacha Bhaile Átha Cliath
- Ball de Choiste Stiúrtha IDS-TILDA (An Forlíontán Míchumais Intleachta a ghabhann le Staidéar Fadaimseartha na hÉireann um Aosú);
- Ball de Choiste Comhairleach an Gharda Síochána um Chearta Straitéiseacha an Duine
- Coiste Comhairleach an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann maidir le Caighdeáin Deartha Uilíoch (NSAI TC023) agus a fhochoiste agus a ghrúpaí oibre
- Coistí Teicniúla an Choiste Eorpaigh um Chaighdeánú (CEN): CEN TC452 (agus a ghrúpaí oibre (WGanna)), CEN TC320, CEN TC228 WG14, CEN TC 293 WG12, Grúpa Sealadach na hIarrata ar Chaighdeánú Caighdeán Eorpach um Inrochtaineacht de chuid CEN-CENELEC (SRAHG-ACC) le haghaidh M/587
- Comhairle Institiúid na nDearthóirí in Éirinn
- Grúpa Stiúrtha AHEAD de chuid an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, um Shuaitheantas Digiteach i nDearadh Uilíoch a fhorbairt chun Tacaíocht a Thabhairt do Mhic Léinn/ d’Fhoghlaimeoirí agus chun Idirchaidreamh a Dhéanamh leo
- Tionscadal ID+ de chuid Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, chun tacú le rochtain ar Ardoideachas d’fhoghlaimeoirí a bhfuil Míchumas Intleachta orthu

# Aguisín 3: Foilseacháin sa bhliain 20222

- Airteagal 13 de UNCRPD – Rochtain ar Cheartas
- Airteagal 16 de UNCRPD – Saoirse ó dhúshaothrú, ó fhoréigean agus ó mhí-úsáid
- Airteagal 19 de UNCRPD – Maireachtáil go neamhspleách agus cuimsiú sa phobal
- Airteagal 21 de UNCRPD – An Ceart chun Saoirse Léirithe agus Tuairime agus Rochtana ar Fhaisnéis
- Airteagal 24 de UNCRPD – Oideachas
- NDA Measúnú Neamhspleách ar Chur i bhFeidhm na Straitéise Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais do 2021
- Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta Measúnú Deireadh Bliana NDA 2021
- Athbhreithniú ar Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005
- Cúrsaí Rannpháirtíochta: Treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm na hoibleagáide chun dul i ngleic go bríoch le daoine faoi mhíchumas i gcinnteoireacht phoiblí
- Treoir d'Oifigeach Rochtana do Chomhlachtaí Poiblí
- Athbhreithniú ar na cineálacha cur chuige a úsáidtear chun pobail ináitrithe a chruthú chun rannpháirtíocht agus cuimsiú iomlán a bhaint amach do dhaoine faoi mhíchumas
- Seisiún Éisteachta Bliantúil 2022: Rannpháirtíocht agus Cuimsiú a Fheabhsú Trí Phobail Inbhe a Chruthú
- Taighde Comhoibríoch a Dhéanamh le Daoine faoi Mhíchumas: Athbhreithniú Litríochta
- Páipéar Comhairle ar Theanga agus Téarmaíocht Mhíchumais
- Léirmheas Litríochta ar Mhodhanna a Úsáidtear chun Dearcadh i leith Míchumais a Thomhas
- Léirmheas Litríochta ar Dhearcadh Daoine faoi Mhíchumas

# Aguisín 4: Aighneachtaí sa bhliain 2022

- An Comhchoiste Oireachtais um Thithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht – Dearadh Uilíoch i dtionscadail nua agus i bpleanáil ríochta poiblí
- An Comhchoiste Oireachtais um Ghnóthaí Míchumais – Fostaíocht agus UNCRPD
- An Comhchoiste Oireachtais um Uathachas – seirbhísí agus tacaí a sholáthraíonn an Stát do dhaoine a bhfuil uathachas orthu.
- An Roinn Coimirce Sóisialaí – Athbhreithniú ar an gCiste Socruithe Réasúnacha.
- An Coimisiún Tithíochta – comhairliúchán poiblí ar reifreann ar an gceart chun tithíochta
- Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas – Cód Cleachtais maidir le socruithe réasúnacha.
- An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán – Aighneacht chuig TG4 maidir le cainéal féideartha nua do leanaí
- An Ghníomhaireacht Tithíochta – Plean Gníomhaíochta na Straitéise Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas
- An Roinn Coimirce Sóisialaí – Treochlár i dtreo Cuimsiú Sóisialta
- An Garda Síochána – Straitéis Daoine Scothaosta
- An Roinn Trádála, Fiontar agus Fostaíochta – Páipéar Bán ar Bheartas Fiontar d'Éirinn.
- An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige – Straitéis um Nuálaíocht Uathachais
- Seirbhís Tacaíochta Cinnteoireachta – Comhairliúchán Poiblí ar na Dréacht-Chóid Chleachtais – Tráinse 1
- Seirbhís Tacaíochta Cinnteoireachta – Comhairliúchán Poiblí ar na Dréacht-Chóid Chleachtais – Tráinse 2
- Indecon – Comhairliúchán ar Phleanáil Fórsa Saothair Sláinte agus Cúraim Shóisialta
- An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige – Straitéis Náisiúnta Leanaí agus Óige
- An Roinn Sláinte – Dréacht-Rialacháin do Sholáthraithe Tacaíochta Baile agus Cúraim Baile
- An Roinn Sláinte – Dréacht-Rialacháin um Sheirbhísí Tacaíochta Baile
- An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte – Dréacht-Chaighdeáin le haghaidh Bainistíocht Faisnéise i Sláinte agus Cúram Sóisialta
- An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte – Dréachtmholtaí ar shamhail toilithe le haghaidh faisnéis sláinte a bhailiú, a úsáid agus a chomhroinnt in Éirinn
- An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta – Athbhreithniú ar Scéim Deontas um Oiriúnú Tithe
- An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide – An Dréacht-Phlean Forfheidhmithe Náisiúnta do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2022-2024

# Notaí

An tÚdarás Náisiúnta
Míchumais
25 Bóthar Chluaidh,
Baile Átha Cliath 4
Teileafón: (01) 608 0400
Facs: (01) 660 9935
www.nda.ie

Is é an tÚdarás Náisiúnta Míchumais an comhlacht neamhspleách stáit a sholáthraíonn comhairle shaineolaíoch don Aire maidir leis an mbeartas míchumais agus le cleachtais mhíchumais agus a chuireann Dearadh Uilíoch chun cinn in Éirinn.